


Todhchaí Níos Glaise *do Chách*





Foraoisí *don* adhmad



Foraoisí *do* dhaoine



Foraoisí *don* dúlra



Foraoisí *don* aeráid

Clár na n-ábhar

ÁR BHFÍS, ÁR N-AIDHM, ÁR MISEAN AGUS ÁR LUACHANNA

Cé sinne agus an méid a dhéanaimid	8
Feidhmíocht Airgeadais	10
Ráiteas an Chathaoirligh	12
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh	16
Ár bhFís Nua Straitéiseach don Fhoraoiseacht	22

ÁR MBUAICPHOINTÍ

Airgeadas	26
Foraois	28
MEDITE SMARTPLY	30
Réitigh Talún	32
Ár nDaoine	34
Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsitheacht	36

FORAOISÍ DON AERÁID

Na Buntáistí ó Fhoraoisí don Aeráid	40
Coillte Dúchasacha Lár Tíre	42
FuturEnergy Ireland	44
Seachtain Náisiúnta na gCrann	45

FORAOISÍ DON ADHMAD

Tábhacht an Adhmaid	48
Cur Chun Cinn Adhmaid & Tuarascáil Holgrem	50
Teastasú Inbhuanaitheachta FSC & PEFC	51
'MEDITE Makes it Real'	52
Plandlanna	53

FORAOISÍ DON DÚLRA

Coillte Dúchasacha Nua	56
Bainistíocht Bhithéagsúlachta	58
Athchóiriú Collchoillte	59
Portaigh Fhiáine san Iarthar	60

FORAOISÍ DO DHAOINE

'Beyond the Trees Avondale'	64
Nuamhaisiú Shléibhte Bhaile Átha Cliath	66
Coillearnacha don Fholláine	67
Rianta Nua Rothar Sléibhe	68
Coillearnacha Pobail RDS 2021	69

INBHUANAITHEACHT

Inbhuanaitheacht an Ghrúpa	72
Tiomantas TCFD	74
Ábharthacht	78

BORD NA STIÚRTHÓIRÍ

RÁITIS REACTÚLA AIRGEADAIS

Tuarascáil na Stiúrthóirí	90
Ráiteas ar Rialú Inmheánach agus Bainistíocht Riosca	95
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó na Comhaltaí Boird	111
Tuarascáil na nIúcháirí Neamhspleácha	118
Cuntas Brabúis agus Cailiteanais an Ghrúpa	120
Ráiteas an Ghrúpa ar Ioncaim Chuimsitheach Eile	121
Clár Comhardaithe an Ghrúpa	122
Clár Comhardaithe na Cuideachta	123
Ráiteas an Ghrúpa ar Shreabhadh Airgid	124
Ráiteas na Cuideachta ar Shreabhadh Airgid	125
Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe Ghnáthscaireanna	126
Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe Ghnáthscaireanna	127
Nótaí do na Ráitis Airgeadais	128

TASCFHÓRSA AR NOCHTADH AIRGEADAIS A BHAINNEANN LEIS AN AERÁID

FAISNÉIS CHORPARÁIDEACH

71

72

74

78

86

88

90

95

111

118

120

121

122

123

124

125


126

127

128

182

183



Ár bhFís

Is í an fhís atá againn ná todhchaí inbhuanaithe a chruthú do chách.

Ár gCuspóir

Is é an cuspóir atá againn ná foraoisí an stáit a bhainistiú ar son mhuintir na hÉireann.

Ár Misean

Is é an misean atá againn ná tairbhí iolracha ár bhforaoisí a sheachadadh don tsochaí.

Ár Luachanna

Cumhachtú, Simplíocht, Breathnú Amach, Meas, Freagrach.

Cé sinne

Tá Coillte, comhlacht fo-stáit foraoiseachta na hÉireann, freagrach as bainistiú a dhéanamh ar 440,000 heicteár de thailte, a bhformhór de sin foraoisithe, rud a fhágann gur sinne an bainisteoir foraoisí agus soláthraí caitheamh aimsire lasmuigh is mó sa tír.

Ina theannta sin, forbraíonn Coillte tionscadail fuinnimh ghlas, táirgíonn cláir painéil agus soláthraíonn tionscadail chaomhnaithe dúlra ar mhórsála. Táimid dírithe ar bhuntáistí iolracha a sholáthar ónár bhforaoisí agus ónár dtailte don aeráid, don adhmaid, don dúlra agus do dhaoine.

An méid a dhéanaimid



Soláthraímid ábhair inbhuanaithe chun bailte agus áiteanna oibre a thógáil



Infheistímid i bpobail tuaithe ina bhfuil ár bhfréamhacha uile



Soláthraímid spásanna sláintiúla le fónamh do chách



Soláthraímid buntáistí iolracha ónár bhforaoisí agus ónár dtailte don aeráid, don adhmaid, don dúlra agus do dhaoine



Tugaimid cosaint don timpeallacht agus feabhsaímid í



Forbraímid fuinneamh glas chun bailte agus gnólachtaí a chumhachtú

Feidhmíocht Airgeadais


Sreabhadh Airgid Oibriúcháin

€'milliún



Láimhdeachas

€'milliún




Airgead/(Glanfhiachas)

€'milliún



EBITDA

€'milliún



Ráiteas an Chathaoirligh

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais do chuid Coillte don bhliain 2021 a chur i láthair.

COILLTE
GROW · TRANSFORM · SUSTAIN

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais do chuid Coillte don bhliain 2021

Aithnímid an ról tábhachtach ar féidir a bheith ag Coillte chun cabhrú le hÉirinn spriocanna gníomhaithe aeráide a bhaint amach ag am criticiúil do chách agus tugaimid suntas don phlé leanúnach atá ar siúl maidir leis an gcéad buiséad carbóin riamh ag Éirinn faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Tá todhchaí sár-spéisiúil do Choillte agus dár ngeallsealbhoirí á chruthú ag ár bhfís straitéiseach don fhoraoiseacht. Is mian linn foraoisí nua a fhás agus sinn ag bainistiú na foraoisí atá againn cheana chun a gcumas carbón a ghabháil a fheabhsú. Ina theannta sin leanfaimid ag soláthar earraí adhmaid inbhuanaithe chun tacú leis an mbith-gheilleagar, tá sé i gceist againn an bhithéagsúlacht a fheabhsú nó a athchóiriú chomh maith le spásanna caitheamh aimsire breise a chruthú mar áis ag cuairteoirí a thagann chomh fada lenár bhforaoisí. Tá ár bhfís fréamhaithe san anailís eolaíoch agus í deartha ar shlí go bhféadfaimís 28m tonna CO₂ a ghabháil as an timpeallacht faoi 2050 agus teacht ar chothromaíocht inbhuanaithe agus sinn ag soláthar buntáistí iolracha na foraoiseachta trasna ar cheithre chrann straitéise: aeráid, adhmaid, dúlra agus daoine. Déanfaimid comhairliúcháin forleathan ar an bhfís straitéiseach seo agus, mar is gnáth, leanfaimid ag dul i gcomhairle lenár Scairshealbhoirí maidir le conas is fearr a thabharfaimid faoi theacht ar chothromaíocht idir spriocanna eacnamaíocha, sóisialta agus timpeallachta. Úsáidfear torthaí na hanailíse a dhéanfar agus torthaí an phróisis chomhairliúcháin i bhforbairt an phlean straitéisigh chun ár bhfís de thodhchaí níos glaise a sholáthar do chách trí buntáistí iolracha na foraoiseachta a fhíorú.

Go luath sa bhliain 2021, bhí paindéim Covid-19 agus an ghéarchéim i gceadúnú foraoiseachta chun cinn in oibríúcháin an Ghrúpa. De réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh, tháinig feabhas ar an méid ábhair ceadúnaithe agus i ndeireadh thiar d'éirigh linn an méid díolacháin lomáin sháfa a bhaint amach i 2021 a bheith ar chomhchéim leis na leibhéil díolacháin a bhí againn i 2020, fiú más níos ísle ná leibhéil na bliana 2019 féin. Tá dúshlán ann i gcónaí, go háirithe maidir le ceadanna bóthair Coillte agus níos ginearálta, leanann an riaráiste

suntasach ceadúnaithe a bheith ina chúis bhuartha trasna na hearnála.

Sheol an tAire Stáit Pippa Hackett Tionscadal Coillearnach, tionscadal tábhachtach a thugann aghaidh ar na dúshláin oibríúcháin reatha sa bhforaoiseacht agus, ag an am gcéanna, ag cruthú físe le chéile chomh maith le cur chuige náisiúnta don fhoraoiseacht in Éirinn agus é rí-thábhachtach aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo ar bhealach inbhuanaithe. Táimid rannpháirteach agus ag cur leis an dTionscadal seo agus taimid ag súil go mór le haschur an tionscadail, agus creidimid go mbeidh na haschuir seo an-tábhachtach agus muinín san earnáil á athógáil tar éis tréimhse dheacair fhada a chur dínn.

In ainneoin na ndúshlán leantacha cruthaithe ag an bpaindéim Covid-19, lean Coillte do bheith ag feidhmiú le linn 2021 agus, i dteannta na físe don fhoraoiseacht a fhorbairt, cuireadh sraith tábhachtach tionscnamh straitéiseach chun cinn go inbhuanaithe. Ba mhaith liom, thar cheann an Bhoird, comhghairdeas a dhéanamh le foireann Coillte as freagairt go dearfach in am an ghátair i ndálaí deacra agus as a chinntiú an t-am ar fad, go raibh ár bhfócas dírithe ar riachtanais ár ngeallshealbhoirí a shásamh.

Bhí ár bhfeidhmíocht airgeadais an-láidir i 2021 de thoradh ar phraghsáil éisceachtúil agus éileamh láidir domhanda ar adhmaid sáfa agus ar earraí bainteach le hadhmaid inár bpríomh-mhargáí, chomh maith le mór-shrianadh sna slabhraí soláthair domhanda as ar éirigh éagothroime soláthair. Moladh díbhinní carnacha de €30m maidir le torthaí 2021 a íoc le scairshealbhoirí, an díbhinn bhliantúil is mó riamh sa Ghrúpa. Cé go bhfuil éileamh láidir ar tháirgí a bhaineann le foraoiseacht á léiriú ag an margadh do 2022 faoi láthair, is ábhar imní don Ghrúpa atá ag méadú i gcónaí an tionchar atá ag boilsciú ard ar ár mbonn costais, agus leibhéil boilscithe ag luasghéarú i roinnt príomhréimsí, rud atá ag éirí níos measa mar gheall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin. Tá bainistiú cúramach á dhéanamh againn ar thionchar na mbrúnna boilscithe seo ar ár mbonn costais.

Sa bhliain 2021, chuireamar breis agus 22 milliún crann trasna 9,000 heicteár d'fhoraois athstocáilte. Rinneamar dul chun cinn suntasach ar an uasghrádú €45m ar mhonarcha triomúcháin SMARTPLY. Sheolamar 'Nature Partners CLG', cuideachta neamhbhrabúis le Forestry Partners chun coillearnacha dúchasacha nua a chruthú ar scála ar fud na hÉireann. Rinneamar dul chun cinn ar roinnt tionscnamh bithéagsúlachta eile lena n-áirítear athchóiriú coillearnaí gláracha ag Foraois na Colchoille i gCo. Shligigh, agus do roghnaíomar láthair píolótach agus thosnaíomar an comhairliúcháin i nDoire Chláir i gCo. na Gaillimhe chun roghanna a fhiosrú maidir le hathdhearadh agus athshlánú Portaigh Fhiáine san Iarthar.

Mar fhreagra ar riachtanais áineasa na hÉireann atá ag méadú i gcónaí, thógamar 20km breise de Rianta Nua Rothar Sléibhe trasna an eastáit. Maidir le comhfhiontair agus infheistíochtaí eile, i 2021, bhunaíomar comhfhiontar leis an ESB, "FuturEnergy Ireland" a bhfuil sé mar aidhm aige 1GW (gígeavata) d'fhuinneamh in-athnuaite a fhorbairt faoi 2030. Ina theannta sin, cé go raibh tionchar ag Covid-19 agus ag dúshlán oibríúcháin uirthi, leanadh den obair thógála ar an gcéad áis aicéitiliú sliseanna adhmaid ar domhan, is é sin Tricoya i Hull, ina bhfuil infheistíocht mhionlaigh againn.

Bhí roinnt athruithe ag leibhéal an Bhoird le bliain anuas. Chuaigh Jerry Houlihan ar scor i mBealtaine 2021 tar éis dó 7 mbliana a chaitheamh ar an mbord, agus ceapadh Imelda Hurley agus Frank Hayes ar an mBord i mí Eanáir 2022. Léirigh Jerry agus mo chomhghleacaithe eile ar an mBord tiomantas agus dúthacht eisceachtúil d'obair

dhúshlánach an Bhoird sa bhliain 2021. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leo as sin, agus fáilte a chur roimh Imelda agus Frank, a thugann saibhreas eolais agus taithí don Bhoird.

Agus ar deireadh anois, ba mhaith liom féachaint ar aghaidh. Is bliain í 2022 atá dírithe ar leanúint le torthaí láidre oibríochta a sheachadadh, dul i ngleic le fis straitéiseach nua foraoiseachta an Ghrúpa agus ár dtionscadail straitéiseacha reatha a chur chun cinn, lena n-áirítear ár bpríomh-thairiscint áineasa, 'Beyond the Trees Avondale' a oscailt. Taispeánfaidh an ceann scríbe cuairteoirí seo i bPáirc Foraoise na Craobhaí, Co. Chill Mhantáin, maidir le héabhlóid fhoraoiseacht na hÉireann agus áireofar leis gnéithe ar nós siúlán iontach Treetop agus Túr Radhairc 38m ar airde. Táimid ag tnúth le 2022 mar bhliain ina leanfaidh Coillte ar aghaidh ag cur go dearfach le gach éinne trí bhuntáistí iolracha na foraoiseachta a sheachadadh, ag aithint go gceadóidh maolú srianta Covid-19 ár n-eagraíocht agus ár bpríomhpháirtithe leasmhara chun nascadh arís ar bhealach bríomhar. Agus sinn á dhéanamh seo, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcustaiméirí, lenár gconraitheoirí agus lenár soláthraithe as a dtacaíocht agus a rannpháirtíocht leanúnach. Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár Scairshealbhóirí, an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara aus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. I dteannta a gcuid oifigeach agus comhairleoirí i RÉNua a chuireann tacaíocht láidir leanúnach ar fáil dúinn, agus as an méid sin, táimid an-bhuíoch.

Bernie Gray
Cathaoirleach



Páirc Foraoise na Craobhaí, Co. Chill Mhantáin

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Ní raibh an fhoraoiseacht riamh chomh hábhartha i dtéarmaí dúshlán ár linne.



Cé gur aithníodh le fada an lá gur soláthraithe spásanna glasa don phobal iad foraoisí, is le tamall anuas amháin a tháinig a n-ábharthacht chun cinn ar bhonn bunaithe agus soiléir, mar sholáthraí ábhar tógála in-athnuaite do thithíocht inbhuanaithe agus a dtábhacht chun dul i ngleic leis na géarchéimeanna domhanda aeráide agus bithéagsúlachta.

Agus aitheantas ag méadú ar na tairbhí is féidir le crainn agus foraoisí dea-bhainistithe a sheachadadh, táimid an-eolach ar chumas Choillte réitigh a chumasú ar go leor de dhúshlán ár náisiúin. Agus é seo á aithint, tá áthas orm, ní hamháin gur seachadadh go láidir mar ghnóthas sa bhliain 2021, ach gur fhorbraíomar fíis straitéiseach nua foraoiseachta chomh maith. Leis an bhfís seo beidh ról ceannaireachta againn i soláthar réitigh ar dhúshlán aeráide agus bithéagsúlachta agus ag an am céanna ag cinntiú go mbeidh soláthar láidir ann d'adhmaid atá táirgthe go inbhuanaithe.

Feidhmíocht Airgeadais an Ghrúpa

Chuaigh Coillte isteach sa bhliain 2021 agus deacrachtaí móra sa slabhra soláthair á dtiomáint ag easpa ábhair cheadúnaithe de bharr na géarchéime cheadúnaithe foraoiseachta. Bhí céimeanna tosaigh na bliana dírithe ar gach adhmaid cheadúnaithe a shlógadh ionas go bhféadfadh custaiméirí leanúint do bheith go hiomlán ag feidhmiú. De réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh, mhéadaigh an méid cheadúnaithe a d'eisigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) agus mhéadaigh an Coiste Achomharc Foraoiseachta, tar éis nósanna imeachta modhnaithe a reáchtáladh san Acht Foraoiseachta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2020, a chur i bhfeidhm go hiomlán, an líon achomhairc a éisteadh. D'fheabhsaigh comhthionchar na ngníomhartha seo ár leibhéal adhmaid cheadúnaithe agus mar thoradh air sin bhí an méid lomán don bhliain 2021 comhsheasmhach le leibhéal 2020. Cé go bhfuil dúshlán cheadúnaithe

fós ann, tá fócas leanúnach tugtha ag an DAFM agus Tionscadal Coillearnach ar cheadúnú foraoiseachta le bliain anuas agus, a bhfuil leis sin, chuaigh Coillte isteach in 2022 tar éis cuid mhór dár n-oibríochtaí foraoiseachta a thabhairt ar ais chuig leibhéal ghníomhaíochta níos normalaithe. É sin ráite, tá an riaráiste i gceadanna bóithre fós ina dhúshlán suntasach dár ngnó.

In aghaidh an chúla seo, bhain Coillte méideanna díolachán lomán de 1.4m m³ amach agus leibhéal láidre táirgthe ag MEDITE SMARTPLY. I rith 2021, shroich praghsanna margaidh deiridh ar adhmaid agus ar tháirgí cláir painéil na leibhéal is airde riamh, arna dtiomáint ag éileamh ard sna hearnálacha tógála agus feabhsúcháin tí mar aon le héagothroime soláthair agus éilimh dhomhanda a chruthaigh sraith dúshlán soláthair sna príomh-mhargáí.

Nuair a chuirtear le chéile iad, de bharr na bhfachtóirí thuas, bhain an Grúpa an fheidhmíocht airgeadais is airde riamh amach sa bhliain 2021. Bhí tuilleamh de luach €159m ag EBITDA agus chláraíomar Airgead Tirim Oibríocháin de €73m. Chuir an fheidhmíocht seo ar chumas an Ghrúpa ranníocaíocht shuntasach a dhéanamh lenár Scairshealbhóirí le díbhinní carnacha molta le hóc leis an Státchiste de €30m i leith ár n-aschur i 2021.

Buaicphointí 2021

Fís Straitéiseach don Fhoraoiseacht

Tá sé nádúrtha don fhoraoiseacht a bheith ina rud fadtéarmach agus cé go raibh dúshlán oibríochtúla 2021 i láthair riamh, bhí gá le fócas marthanach a thabhairt ar an bhfís d'fhoraoisí agus do thailte Choillte. Tá fíis straitéiseach nua foraoiseachta forbartha againn anois, agus ghlac cur chuige eolaíocht-bhunaithe lena cruthú chun a chinneadh conas is fearr a d'fhéadfaimis cothromaíocht agus tairbhí iolracha ár bhforaoisí agus ár dtailte a sheachadadh do shocháil na hÉireann. Agus an

obair seo á déanamh againn, rinneamar coimisiúnú ar thaighde Red-C chun tuiscint níos fearr a fháil ar thuairimí an phobail agus thugamar aird ar leith ar Chlár an Rialtais agus spriocanna an Ghníomhaithe ar son na hAeráide mar phríomhbhreithnithe dár bhfís don todhcháí.

Leag ár rannpháirtíochtaí agus ár dtaighde béim ar athrú aeráide agus bithéagsúlacht mar phríomhábhair imní, agus ag an am céanna nochtadh an luach a chuirtear ar Choillte mar sholáthraí táirgí adhmaid inbhuanaithe, mar chuideachta a chruthaíonn poist tuaithe agus mar cheann scríbe roghnaithe d'áineas foraoise. Tá sraith ráiteas mar thaca ag ár bhfís nua a thugann imlíne dár n-uailmhianta foraoisí nua a chruthú agus chun gabháil charbóin ónár bhforaoisí reatha a fheabhsú, chun táirgí adhmaid luachmhara a sheachadadh, chun bithéagsúlacht agus dúlra a fheabhsú, agus chun líon níos mó áineasa a chruthú inar féidir le saoránaigh agus turasóirí taitneamh a bhaint astu. Mar chuid bhunúsach de sheachadadh na físe seo, teastaíonn Coillte atá láidir ó thaobh airgeadais de agus rathúil ó thaobh na tráchtála de, ar féidir leis, sna blianta amach romhainn, leanúint ar aghaidh ag mealladh agus ag coinneáil tallainne den scoth, ag infheistiú i dteicneolaíocht agus nuálaíocht agus ag díriú ar éifeachtúlacht oibriúcháin a fheabhsú.

Creidimid go n-athróidh an raon gníomhartha nuálaíochta agus uailmhianacha atá aitheanta againn an méid a chuireann Coillte leis an sochaí. Tá sé beartaithe againn dul i ngleic go forleathan leis an bhfís seo lenár bpróiseas comhairliúcháin atá le seoladh i mBealtaine 2022 agus an t-ionchur a fuarthas tríd an bpróiseas sin a cur san áireamh, táimid ag tnúth le dul chun cinn suntasach a dhéanamh i dtreo plean straitéiseach gaolmhar a fhorbairt in 2022.

Buntáistí Iolracha na Foraoiseachta a Sholáthar don Sochaí

Cé go ndéanann ár bhfís straitéiseach nua scagadh ar an gcaoi a ndéanfimid cothromaíocht agus seachadadh ar ilbhuntáistí na foraoiseachta sa todhcháí, táimid ag díriú níos mó ar na tairbhí iolracha seo le blianta beaga anuas, mar seo a leanas:

Foraoisí don Aeráid

Cuidíonn foraoisí Choillte le géarchéim na haeráide

a mhaolú trí slogaíde agus stór carbóin nádúrtha a sholáthar fad is atá crainn ag fás agus trí leas ionadaíochta a sheachadadh nuair a úsáidtear táirgí adhmaid inbhuanaithe in ionad táirgí iontaise-bhunaithe.

I rith 2021, rinne Coillte breis agus 9,000 heicteár d'fhoraoisí a athphlandáil le breis agus 22 milliún planda ónár bplandlanna. Chuir sé seo tús le timthriall an leithlisithe carbóin agus táirgeadh adhmaid inbhuanaithe atá rí-thábhachtach do sheachadadh leanúnach táirgí glasa tógála agus chun spriocanna aeráide na hÉireann a bhaint amach.

I mí na Samhna 2021, tar éis faomhadh rialála a fháil ón gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí agus toiliú ónár Ranna Scairshealbhóirí, bhunaigh Coillte agus ESB comhfhiontar, FuturEnergy Ireland (FEI). Is é cuspóir FEI níos mó ná 1GW d'fhuinneamh in-athnuaite nua a sholáthar, go leor chun cumhacht a thabhairt do leathmilliún teach faoi 2030. Fágann sé sin go mbeidh Coillte ina phríomhghníomhaí in aistriú na hÉireann chuig todhcháí níos inbhuanaithe i nginiúint leictreachais, mar chuid lárnach de Chlár 2020 don Rialtas, de Phlean Gníomhaíochta Aeráide na hÉireann agus den Phlean Forbartha Náisiúnta (2021-30).

Foraoisí don Adhmad

Bhí díolacháin lomán dár gcustaiméirí ar mullte sábhadóireachta iad ag 1.4m³ ar aon dul le leibhéal 2020, cé gur tháinig sé siar ó 1.6m³ in 2019, bliain nach raibh tionchar ag dúshláin cheadúnaithe uirthi. Bhí ár n-oibríochtaí cláir painéil MEDITE SMARTPLY, a tháirgeann MDF agus OSB, dírithe ar leibhéal táirgeachta a bharrfheabhsú le linn 2021 agus ag an am céanna an dara céim den chlár athnuachana SMARTPLY a chur chun cinn. Beifear ag tosnú ar an infheistíocht €45m seo a choimisiúnú sa dara ráithe de 2022 agus nuair a bheidh sé críochnaithe, beidh sé mar bhonn agus mar thaca ag iomaíochas SMARTPLY sa todhcháí.

Táthar ag leanúint ar aghaidh le tógáil an chéad áis aicéitiliú sliseanna adhmaid Tricoya ar domhan i Hull. Tá moill shuntasach curtha ar chríochnú sraith deacrachtaí tógála agus Covid-19 agus tá foireann an tionscadail ag súil anois go gcuirfead tús leis an gcoimisiúnú in 2022. Is comhpháirtíocht é an tionscadal seo, ina bhfuil Coillte ina chomhpháirtí

mionlaigh, le INEOS agus Accsys Technologies. Beidh MEDITE mar an príomhghlacadóir do sholáthar sliseanna Tricoya ón monarcha. Is ábhar tógála úrnua é seo a ligfidh do MEDITE a úsáid in iarratais nua, ag teacht in áit tháirgí cosúil le coincréit, cruach agus plaistigh.

Foraoisí don Dúlra

Bainistíonn Coillte 90,000 heicteár dár n-eastát le bithéagsúlacht mar bhunchuspóir. Chuaigh ár dtionscadal BIOForest, a dhíríonn ar na 90,000 heicteár seo, isteach i gcéim nua sa bhliain 2021, agus díriodh san obair ar luach bithéagsúlachta sraith suíomhanna éiceolaíochta ardtosaíochta a fheabhsú. I measc na n-oibreacha a rinneadh bhí baint speiceas ionrach agus athchóiriú gnáthóg i gceantair atá fogair ó thaobh na héiceolaíochta de.

Lean Coillte Nature ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn suntasach freisin. Dírithe ar thionscadail mhórscála a sheachadadh ar bhonn neamhbhrabúis, rinne sé feabhsuithe bithéagsúlachta a bhfuil tábhacht náisiúnta leo i bhForaois na Collchoille, Co. Shligigh agus chumasaigh sé tuilleadh tiontaithe foraoise uirbeach i Sléibhte Bhaile Átha Cliath. Lean sé chomh maith ag cur tionscadail chun cinn a dhírigh ar athshlánú na seirbhísí éiceachórais i bPortaigh

Fhiáine san Iarthar agus i gCoillte Dúchasacha Lár Tíre.

Seoladh “Nature Partners CLG” nua neamhbhrabúis i gcomhar leis na Forestry Partners CLG chun coillearnacha dúchasacha nua neamhthráchtála a sheachadadh arna maoiniú trí theatais glasa a eisiúint. Tá áthas orainn go bhfuil an chéad eisiúint de €2m maoinithe ag AXA Insurance Ireland, a rachaidh i dtreo bunú 200 heicteár de choillearnacha dúchasacha nua.

Foraoisí do Dhaoine

Tá ár 12 Pháirc Foraoise, 260 Limistéar Áineasa agus c.6,000 réadmhaoin ar oscailt don phobal le rochtain a fháil orthu agus tarlaíonn 18 milliún cuairt ar a laghad in aghaidh na bliana. Le linn 2021, leanamar ar aghaidh ag méadú ar líon na gcúairteoirí agus daoine ag lorg tearmainn amuigh faoin aer le linn na paidéime. Leanann leibhéal láidre cuairteoirí ar aghaidh sa lá atá inniu ann agus leagann siad béim ar an ról tábhachtach atá ag ár bhforaoisí maidir le tacú le folláine meabhrach agus fisiceach daoine chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le Coillte leanúint ar aghaidh ag soláthar ‘foraoisí do dhaoine’.

In aghaidh an cúlra seo, leanamar ag infheistiú i luach áineasa ár n-eastát. Le linn 2021, chuireamar tús le hathfhorbairt Pháirc Foraoise na Craobhá



Páirc Foraoise Loch Cé, Co. Roscomáin

i gCo. Chill Mhantáin i gcomhpháirtíocht le Fáilte Éireann agus erlebnis akademie AG (EAK). Léiríonn an ceann scríbe cuairteoirí spleodrach nua seo éabhlóid fhoraoiseacht na hÉireann, ceiliúrann sé an Teaghlach Parnell, tá Siúlán Tree Top agus Túr nua ann, agus cuimsíonn sé Seed Café nua freisin. Príomhghné den athfhorbairt seo is ea ár dtiomantas chun a chinntiú go bhfuil sé chomh inrochtana agus chomh cuimsitheach agus is féidir. Táimid ag tnúth le fáilte a chur roimh chuiditheoirí go dtí an Craobhach le linn Samhradh 2022.

Rinneamar tuilleadh dul chun cinn freisin ar thionscadal Nuamhaisiú Sléibhte Bhaile Átha Cliath atá ag athrú go cúramach ár bhforaoisí i Sléibhte Bhaile Átha Cliath ó 'foraoisí le haghaidh adhmaid' go 'foraoisí do dhaoine'. Ina theannta sin, leathnaíodh ár dtairiscint rothaíochta sléibhe go suntasach agus osclaíodh roinnt stráicí nua rian lena n-áirítear i gCúil Áine, Co. Shligigh, Sliabh Bladhma i gCo. Laoise agus Uíbh Fhailí agus Béal Átha na Tobhta i gCo. Chill Mhantáin.

Inbhuanaitheacht

Baineann ár dtionchar carbóin aonair is mó le bainistiú ár bhforaoisí agus ár dtailte agus mar thoradh air sin chuimsigh ár bhfís straitéiseach foraoiseachta samhaltú fairsing carbóin. I rith 2021, rinneamar dul chun cinn suntasach freisin ar raon tionscnamh inbhuanaitheachta atá dírithe ar chreat inbhuanaitheachta an Ghrúpa a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Shínigh muid leis an Tascfhórsa ar Nochtadh Airgeadais a Bhaineann le hAeráide agus ionchorpróimid na nochtuithe sin inár dtuarascáil bhliantúil thar na blianta atá romhainn. Chuireamar measúnú astuithe carbóin

chun cinn ar fud oibríochtaí uile Choillte agus cuirfimid an measúnú seo i gcrích in 2022. Ag tógáil ar an measúnú sin, oibreoidimid i dtreo astuithe agus spriocanna laghdaithe carbóin Choillte a dheimhniú tríd an tionscnamh Spriocanna Bunaithe ar an Eolaíocht (SBTI). Cabhróidh an próiseas seo lenár dtuiscint ar lorg carbóin Choillte agus ar rioscaí agus deiseanna airgeadais a bhaineann leis an aeráid a fhorbairt tuilleadh.

Ár nDaoine

Mar shochar agus mar thionscal, tá na blianta beaga anuas gan fasach. Tá a fhios agam go raibh na ceisteanna a chuireamar ar Fhoireann Coillte an-mhór le linn na tréimhse seo. Thug ár ndaoine aghaidh ar na dúshláin seo le dúthracht, díoghbháilteacht, le stoic agus le nuálaíocht agus le hintleacht. Táim thar a bheith buíoch de mo chomhghleacaithe go léir as 'Coillte a Choinneáil Sábháilte agus ag Gluaiseacht' le linn na dtréimhsí deacra seo agus, trí é sin a dhéanamh, a chinntiú go ndeachaigh muid isteach in 2022 le heagraíocht inbhuanaithe, bhríomhar agus inmharthana ónar féidir linn todhchaí inbhuanaithe a sheachadadh do chách.

Sa bhliain 2021, mhéadaíomar ár bhfócas ar Éagsúlacht, Cothromas agus Cuimsiú (DEI) trí ghealltanas oibre uilechuimsitheach ELEVATE a shíniú agus geallúint oibre cuimsitheacht Gnó sa Phobal in Éirinn (BITCI) a shíniú. Sheolamar Feachtas Cumais (#SeeTheAbility) freisin chun béim a leagan ar thábhacht agus ar ghlacadh le haon duine le míchumas de chineál ar bith laistigh de Choillte. Tógfaimid ar na tionscnaimh thábhachtacha seo sna blianta amach romhainn

agus muid ag obair chun eagraíocht atá éagsúil, cothrom agus cuimsitheach a sholáthar.

Dearcadh 2022

Tá Coillte mar chuid d'earnáil foraoiseachta a bhfuil todhchaí tábhachtach agus ábhartha aici a gcaithfidh muid a bheith an-uailmhianach ina leith. Sa bhliain amach romhainn díreoidimid ar an obair thábhachtach a bhaineann lenár bhfís straitéiseach foraoiseachta a chur in iúl agus a chomhairliú. Agus é sin á dhéanamh againn, táimid ag tnúth freisin leis na haschuir ó Tionscadal Coillearnach atá dírithe ar fhís chomhroinnte agus cur chuige náisiúnta a chruthú d'Fhoraoiseacht na hÉireann.

Cé gur ar dhúshláin thionsclaíochta agus ar phaindéim Covid-19 a bhí go leor d'fhócas oibríochta na bliana seo caite, tháinig an staid gheopholaitiúil reatha san Úcráin agus sa Rúis chun cinn go tapa mar ghné shainitheach de 2022 agus gné a bhfuil tionchair leathana aici cheana féin. Cé go bhfuil éileamh láidir ar tháirgí a bhaineann leis an bhforaois á léiriú ag timpeallacht an mhargaidh faoi láthair, is ábhar mór imní é tionchar na timpeallachta ardbhoilscithe ar ár mbonn costais agus is deacair a thuar cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag teannas gheopholaitiúil leanúnach ar an gcomhshaol maicreacnamaíoch agus ar an timpeallacht idirnáisiúnta. sreafaí adhmaid agus praghsáil.

Cé go bhfuil go leor rudaí anaithnide ann, measaimid go léireoidh ár dtorthaí airgeadais in 2022 laghdú ábhartha ar na leibhéil is airde riamh a baineadh amach sa bhliain 2021.

Go raibh maith agaibh

Ar aon nós, cuimhneofar ar 2021 mar bhliain inar lean an phaindéim ar aghaidh ag tabhairt dúshlán don tslí ina mairimid agus a n-oibrímid. Cé gur tháinig mothú dóchais in 2022, agus mé ag machnamh ar 2021, aithnímid an obair ollmhór a rinne na hoibrithe ar fad ar an líne tosaigh agus gach duine a bhfuil baint acu le cuidiú le hÉirinn dul i ngleic leis na tréimhsí deacra seo – go raibh maith agaibh.

Mar thionscal, thugamar aghaidh ar ár ndúshláin féin agus táim thar a bheith buíoch dár gcustaiméirí, dár gconraitheoirí, dár soláthróirí, dár bpríomhpháirtithe eile agus dár ngeallsealbhóirí as bhur dtacaíocht le linn 2021. Tá rannpháirtíocht lenár Scairshealbhóirí, leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, in éineacht le hoifigigh agus comhairleoirí na Roinne in RÉNua ríthábhachtach do Choillte agus táim fíor-bhuíoch as an tiomantas agus an tacaíocht leanúnach a fuarthas.

Agus mar fhocal scoir, táim fíorbhuíoch as tacaíocht láidir ár gCathaoirleach, ár mBord agus Foireann Coillte, a d'oibrigh go léir chun oiriúnú do gach dúshlán a bhí romhainn. Tugann bhur dtiomantas do Choillte an mhuinín dom gur féidir linn ár bhfís straitéiseach foraoiseachta an-uailmhianach a bhaint amach sna blianta amach romhainn. Táim ag súil leis an gceangal daonna a dhéanamh libh go léir in athuair le linn 2022.

Imelda Hurley

Príomhfheidhmeannach

Ár bhFís Straitéiseach Nua don Fhoraoiseacht

Na Cuspóirí Cearta a Aithint: Buntáistí Iolracha na Foraoiseachta

Tá Coillte freagrach as bainistiú a dhéanamh ar 440,000 heicteár d'fhoraoisí agus de thalamh na hÉireann, lena n-áirítear an stór carbóin is mó in Éirinn. I saol an lae inniu, leanann freagrachtaí móra an bhainistíocht a déantar ar stór mór carbóin, agus le roinnt blianta anuas, tá aitheantas níos mó agus níos mó tugtha ag Coillte dá ról tábhachtach sna hiarrachtaí atá ar bun ag Éirinn spriocanna aeráide a bhaint amach. Ar aon dul leis an ngá atá le réitigh atá bunaithe ar aeráid a sholáthar, tá an gá atá le táirgí adhmaid inbhuanaithe a sholáthar chun cabhrú le freastal ar éileamh tithíochta na hÉireann agus tacú leis an mbithgheilleagar atá ag fás. Ina theannta sin, tá géarchéim na bithéagsúlachta ag fáil níos mó airde ar fud an domhain, mar atá an ról is féidir le foraoisí a imirt chun gnáthóga luachmhara a sholáthar don dúlra. Léirigh an phaindeim le déanaí go soiléir freisin an ról tábhachtach atá ag foraoisí i saol daoine, toisc go roghnaíonn go leor daoine cuairt a thabhairt ar ár bhforaoisí chun taitneamh a bhaint as an eispéaras faoin aer.

I gcomhthéacs an chúlra seo, in 2020, leag Coillte amach fís iomlán an Ghrúpa, 'todhchaí inbhuanaithe a chruthú ónár bhforaoisí agus ár dtailte'. Ba bhliain í 2021 inar dhírigh Coillte go leanúnach ar fhís straitéiseach nua foraoiseachta a fhorbairt a thacódh le fís an Ghrúpa. Chuimsigh an obair seo anailís eolaíocht-bhunaithe ar conas a d'fhéadfadh Coillte cothromaíocht agus tairbhí iolracha na foraoiseachta a sholáthar do shochaí na hÉireann. Ina theannta sin, rinneadh taighde Red-C chun tuiscint níos fearr a fháil ar thuairimí an phobail agus thugamar aird ar leith ar an gClár don Rialtas agus ar na spriocanna Gníomhaíochta Aeráide mar phríomhbhreithnithe dár bhfís don todhchaí.

Ár bhFís Straitéiseach Nua don Fhoraoiseacht

Agus cur chuige eolaíocht-bhunaithe á ghlacadh aige chomh maith le dearcadh an phobail agus riachtanais na sochaí a mheas, d'fhorbair Coillte fís straitéiseach nua foraoiseachta a bhfuil sraith ráiteas uailmhianacha mar thaca aici. Leis an bhfís seo bheimís ag súil 28m tonna féideartha CO₂ a ghabháil ón gcomhshaol faoi 2050 agus na tairbhí iolracha ó fhoraoisí stáit na hÉireann a chothromú agus a sheachadadh thar ár gceithre cholún straitéiseacha: Aeráid, Adhmad, Dúlra agus Daoine.

Tá comhairliúchán lárnach dár bhfís straitéiseach nua. Mar thoradh air sin, i mBealtaine 2022 cuirfidh Coillte tús le caidreamh le príomhpháirtithe leasmhara agus leis an bpobal, chun a dtuairimí a lorg ar ár bhfís agus lena chinntiú go bhfuil sí ailínithe le riachtanais shochaí na hÉireann. Cuirfidh an próiseas comhairliúcháin seo tuilleadh eolais ar fáil d'fhorbairt plean straitéiseach don eastát foraoise amach anseo. Beidh an plean straitéiseach seo faoi réir Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA).

Go hachomair, tá sé mar aidhm ag fís straitéiseach nua foraoiseachta Coillte níos mó fócais a thabhairt do ghníomhaíocht aeráide, ag leagan síos spriocanna uailmhianacha nua ar bhithéagsúlacht agus ar chaitheamh aimsire, agus ag an am céanna leanúint ar aghaidh ag seachadadh táirgí adhmaid inbhuanaithe chun freastal ar riachtanais na sochaí.

Áirítear leis an bhfís nua seo sraith uailmhianta straitéiseacha, a leagtar amach ar leathanaigh 24-25.

D'fhéadfadh fís straitéiseach nua foraoiseachta Coillte 28m tonna CO₂ a ghabháil ón gcomhshaol faoi 2050.

Uaillmhianta Straitéiseacha Foraoiseachta Coillte*

Foraoisí don Aeráid



Cumasú a dhéanamh ar chruthú **100,000 heicteár** de **foraoisí nua**, ar coillearnacha dúchasacha a leath díobh, a shlogfaidh **18m tonna de CO₂** faoi **2050**



An tEastát Foraoise reatha a bhainistiú chun stór carbóin a mhéadú **10m tonna CO₂** faoi **2050**



Athdhearadh a dhéanamh ar **30,000 heicteár** d'Foraoisí Tailte Móna ar mhaithe le tairbhí aeráide agus éiceolaíochta faoi **2050**



Giniúint a dhéanamh ar **1 Gigeavata** d'fhuinneamh gaoithe in-athnuaite le cumhacht a thabhairt do **500,000 teach** faoi **2030**

Foraoisí don Adhmad



25m méadar ciúbach d'**adhmad** deimhnithe **as Éirinn** a tháirgeadh, chun tacú le **300,000 teach** a thógáil, faoi **2030**



Buntáistí agus tairbhí a thagann ó tháirgí adhmaid a úsáid a chur chun cinn chun líon na **dtithe adhmaid** a mhéadú ó **20% go 80%** faoi **2050**

Foraoisí don Dúlra



Bithéagsúlacht a fheabhsú agus a athchóiriú trí mhéadú a dhéanamh ar an méid dár n-eastát a bhainistítear go príomha don dúlra ó **20% go 30%** faoi **2025**



Déan coda dár bhforaoisí a chlaochlú ionas go ndéanfar **50% den eastát a bhainistiú don Dúlra go príomha** sa todhchaí

Foraoisí do Dhaoine



Infheistiú de **€100m** a chumasú in áiteanna den scoth **do Chuariteoirí** chun tacú le fás ar thurasóireacht agus ar chaitheamh aimsire faoi **2030**



Dúbailt a dhéanamh ar **Áiteanna Áineasa** go **500**, rud a dhéanfaidh fónamh ar phobail áitiúla agus ar fholláine daoine



1,200 post nua a chruthú i bpobail tuaithe chun tacú leis an aistriú cóir go geilleagar ísealcharbóin

*Nóta: tá meastacháin charbóin bunaithe ar thiomhdí a d'fhéadfadh athrú le himeacht ama, rud a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis na huimhreacha seo a bheith níos airde nó níos ísle.

Ár mBuaicphointí Cúrsaí Airgeadais

D'éirigh le Grúpa Coillte curiarracht a bhaint amach i dtéarmaí feidhmíochta airgeadais don bhliain nuair a thuill EBITDA luach €159m agus Airgead Tirim Oibriúcháin de €73m. Chuir sé seo ar chumas an Ghrúpa díbhinní de €30m (díbhinn eatramhach íoctha de €25m mar aon le díbhinn deiridh molta de €5m faoi réir cheadú Scairshealbhóirí) a mholadh le hóc lena Scairshealbhóirí i leith 2021, an díbhinn is mó i stair Choillte.

Téann an Grúpa isteach in 2022 ar bhonn láidir airgeadais, le glanairgead de €31m agus saoráidí fiachais de €180m ar fáil. Cé go bhfuil na gnólachtaí a oibríonn Coillte an-dian ar chaipiteal, cuireann an bonn láidir airgeadais seo an Grúpa i riocht maith chun leanúint ar aghaidh lena chlár infheistíochta caipitiúla agus ag an am céanna ag cur go mór le tairbhí iolracha ár bhforaoisí a sheachadadh don tsochaí.

Chuaigh Coillte isteach sa bhliain 2021 i gcomhthéacs timpeallachta oibriúcháin dhúshlánach, go mór mór mar thoradh ar an ngéarchéim um cheadúnú foraoiseachta agus ní raibh an Grúpa in ann a chéad cheant adhmaid a reáchtáil go dtí Aibreán 2021. Mar sin féin, tháinig méadú ar líon na gceadúnas leagain a eisíodh de réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh agus ar deireadh díoladh 1.4m m³ de lomán sábhadóireachta lena chustaiméirí muileann sábhadóireachta, leibhéal a bhí ag teacht le leibhéal 2020 cé go raibh sé i bhfad níos ísle ná an 1.6m m³ a díoladh in 2019. Bhí feidhmíocht airgeadais

2021 á thiomáint ag éileamh an-láidir domhanda ar adhmaid sáfa agus ar tháirgí eile a bhain le hadhmaid, rud a d'fhág go raibh na leibhéal praghsála is airde riamh. Bhí tionchar ag srianta suntasacha ar an slabhra soláthair paindéimeach ar earnáil na foraoiseachta, cosúil le go leor eile.

Bhí éagothroime soláthair inár bpríomh-mhargáí mar thoradh ar na srianta seo, agus bhí éileamh domhanda ar tháirgí foraoise i bhfad níos airde ná an soláthar. Ina theannta sin, leanadh ag tacú le fócas níos mó ar thionscnaimh um athrú aeráide a dhírigh ar an aistriú ó ábhair thógála atá bunaithe ar bhreosla iontaise go táirgí adhmaid a tháirgtear go hinbhuanaithe chun éileamh domhanda a shásamh.

Tá éileamh láidir ar tháirgí a bhaineann leis an bhforaois á léiriú ag timpeallacht an mhargaidh do 2022 faoi láthair agus níos mó tomhaltóirí ag iarraidh adhmaid a chur in ionad táirgí iontaise-bhunaithe. Cé go bhfuil éileamh láidir, is príomhábhar imní don

Ghrúpa é an bonn costais atá ag dul i méid, de réir mar a tháinig dlús suntasach le brúnna boilsctithe a bhí soiléir le linn 2021 go luath in 2022, á dtiomáint go háirithe ag teannas geopholaitiúil. Ag an bpointe seo, meastar go mbeidh tionchar ag brúnna boilsctithe ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa in 2022 agus go dtiocfaidh laghdú ábhartha ar aschur airgeadais 2021 dá bharr.



Foraois

Foraois Ghleann Crí, Co. Chill Mhantáin

Sheachaid an gnó Foraoise feidhmíocht tráchtála an-láidir sa bhliain 2021 in ainneoin an chúlra de Covid-19 agus deacrachtaí soláthair baile a raibh tionchar acu ar feadh cuid mhór den bhliain. Ba iad praghsanna adhmaid ba mhó ba chúis leis an bhfeidhmíocht seo a d'ardaigh go dtí na harduithe is airde riamh mar gheall ar éileamh méadaithe sna hearnálacha tógála agus feabhsúcháin tí sa RA agus in Éirinn. Ina theannta sin, mar gheall ar éagothroime éileamh agus soláthair domhanda atreoraíodh táirgí adhmaid sáfa ón Ríocht Aontaithe isteach i Meiriceá Thuaidh.

Baineadh amach díolacháin toirte lomán sábhála de 1.4m m³ le linn 2021 le feabhas ar an ráta ar próiseáladh ceadúnais leagáin de réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh, agus rinne foireann éiceolaíochta Choillte dul chun cinn suntasach maidir le freagairt do na nósanna imeachta rialaitheacha nua do cheadúnais leagáin agus ceadanna bóithre. I ndeireadh na dála, bhí tionchar ag saincheistean ceadúnaithe foraoiseachta ar an leibhéal táirgeachta adhmaid agus na méideanna díolacháin adhmaid a baineadh amach i rith na bliana agus ag an bpointe seo tá dúshlán áirithe ann fós, go háirithe infhaighteacht ceadanna bóithre.

Ag féachaint ar aghaidh go dtí 2022, tá an t-éileamh ar tháirgí adhmaid láidir i gcónaí, áfach, ar nós go leor eárnálacha is cúis imní atá ag méadú faoi bhrú costais boilscithe.

Chomh maith le táirgeadh adhmaid agus díolacháin, bainstíonn rannán Foraoise Choillte gach gné de ghnó foraoiseachta an Ghrúpa. Áirítear leis seo cur crann, bainistíocht agus

Ag féachaint ar aghaidh go dtí 2022, tá an t-éileamh ar tháirgí adhmaid láidir i gcónaí, ach, ar nós go leor eárnálacha is cúis imní atá ag méadú faoi bhrú costais boilscithe

cosaint foraoise, cosaint na bithéagsúlachta, agus caitheamh aimsire lasmuigh. I rith 2021, áiríodh ar na héachtaí suntasacha seo a leanas a bhain an rannán amach:

- Rinneadh iniúchtaí rathúla ar chaighdeán deimhnithe iomlána do FSC® (An Chomhairle Maoirseachta Foraoise) agus PEFC™ (Clár um Fhormhuiniú Deimhnithe Foraoise). Deimhníonn na deimhnithe seo go ndéantar táirgí adhmaid Choillte a tháirgeadh go hinbhuanaithe agus go freagrach agus go léiríonn siad sármhaitheas i mbainistíocht foraoise.
- D'éirigh le coinneáil caighdeán ISO 45001 i sláinte agus sábháilteacht cheirde.
- An chéad deimhniú de chuid Coillte chuig caighdeán ISO 50001 Córas Bainistíochta Fuinnimh. Dírionn an deimhniú seo ar úsáid fuinnimh a laghdú agus tacaíonn sé le Coillte a spriocanna inbhuanaitheachta a bhaint amach.
- Cuireadh tús le hathfhorbairt Pháirc Foraoise na Craobhaí (Avondale) i mBealtaine 2021. Tá dul chun cinn suntasach déanta ar “Beyond the Trees Avondale” agus osclóidh an ceann scríbe nua spreagúil do chuairteoirí i gCo. Chill Mhantáin sa samhradh, 2022. Déanfaidh an tionscadal €16 milliún, comhpháirtíocht idir Coillte, Fáilte Éireann agus EAK, Avondale a athrú go dtí gur díol spéise do theaghlach ar leith é agus ceann scríbe tábhachtach nua in Oirthear Ársa na hÉireann. Áireofar ann Siúlán Treetop agus Túr Radhairc 38m ar airde, gairdín le ballaí athchóirithe, clós súgartha agus gairdín céadfach, Seed Café nua mar aon le Pailliún Choillte a sholáthróidh spás oideachais tarraingteach a aibhseoidh buntáistí iomadúla na bhforaoisí. Beidh rochtain iomlán ar gach limistéar ag “Beyond the Trees Avondale” lena n-áirítear an siúlán Treetop agus an Túr Radhairc.
- Lean an t-éileamh suntasach ar chaitheamh aimsire ar fud eastáit Choillte le linn 2021 agus tháinig méadú de níos mó ná 25% ar líon na gcuariteoirí ar na láithreacha áineasa is mó a bhfuil tóir orthu. D'fhreagraíomar don éileamh sin trí beagnach €3.5 milliún a infheistiú i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail i gcothabháil agus feabhsú áiseanna caitheamh aimsire ar fud an eastáit. Osclaíodh rannán nua do chonairí rothaíochta sléibhe i gCúil Áine, i Sliabh Bladhma agus i mBéal Átha na Sluaighe in ainneoin gur stop an phaindéim tógáil ar feadh na chéad sé mhí den bhliain. Chonacthas líon mór cuairteoirí ar oscailt na n-ionad conairí nua seo go léir agus taifeadadh 180,000 marcach ar fud ár gcúig ionad sa bhliain 2021 agus fuarthas aiseolas dearfach go leor. Ag féachaint chun cinn, tá plean deartha le haghaidh cúig fhoirgneamh ceannbhealaigh rothar sléibhe nua i bhfeidhm anois agus táthar ag súil go ndéanfar dul chun cinn trí phleanáil trí phleanáil sa bhliain 2022.
- Bhog tionscadal BIOForest de chuid Choillte isteach sa chéim forfheidhmithe sa bhliain 2021. Rinneadh dul chun cinn ar oibreacha ar shuímh atá tábhachtach ó thaobh na héiceolaíochta de laistigh den líonra de 90,000 heicteár de bhithéagsúlacht agus de limistéir dúlra ar an eastát. Díríodh Sa bhliain 2021 ar Fhoraoiseacht Clúdaigh Leanúnach (CCF) a chur i bhfeidhm, ar bhaint speiceas ionrach agus ar athchóiriú gnáthóg sna ceantair seo a bhfuil tábhacht éiceolaíoch leo.

MEDITE SMARTPLY

Is é MEDITE SMARTPLY, gnó cláir phainéil Choillte, an monaróir atá chun tosaigh i margadh na bpainéal tógála déanta as adhmad inbhuanaithe atá táirgthe don chomhshaoil.

Bhí an bhliain ab fhearr fós ag MEDITE SMARTPLY i 2021. Bhí leibhéal ard éilimh ar na margáí táirgí foirgníochta agus foirgníochta agus freastalaíodh air le laghdú ar an soláthar agus sraith saincheisteanna soláthair domhanda mar aon le dúshláin shuntasacha ó thaobh costais amhábhbar.

Chun na dúshláin seo a bhaint amach agus iad a bharrfheabhsú, bhí MEDITE SMARTPLY ag teastáil ní hamháin le fanacht go hiomlán ag feidhmiú ach le díriú ar mhéaduithe breise ar tháirgeadh agus ar fheabhsú próisis leanúnach. Léirigh an cás uathúil seo aclaíocht agus dúthracht MEDITE SMARTPLY trí bhainistíocht chúramach a dhéanamh ar leithdháiltí do chustaiméirí agus ag dul níos faide agus níos faide chun leanúnachas an tsoláthair a chinntiú.

Leanadh leis an inbhuanaitheacht mar bhéim lárnach. Sa bhliain 2021, rinneadh raon de mheasúnuithe inbhuanaitheachta chun tuiscint níos fearr a fháil ar na háiteanna ina bhfuil an tionchar sochaíoch agus comhshaoil is suntasaí ag ár n-oibríochtaí mar aon le tuiscint a fháil ar ár suíomh sa mhargadh maidir le hiomaitheoirí agus geallsealbhóirí. Rinneadh measúnú ábharthachta chun na príomhrioscaí agus deiseanna inbhuanaitheachta a shainaithint agus chun eolas a chur ar fáil do phríomhchuspóirí inbhuanaitheachta agus chun treoiclár a chruthú do ghníomhaíochtaí amach anseo. Ag deireadh na bliana, cuireadh tús le measúnú ar astaíochtaí carbóin agus tá na torthaí le tabhairt chun críche in 2022.

Mar chuid den phlean inbhuanaitheachta, sholáthair MEDITE SMARTPLY táirgí SMARTPLY do thionscadal tithíochta sóisialta ag COP26 i nGlaschú. Tógadh an Teach COP26 mar theach sóisialta nialasach, rud a léirigh na buntáistí a bhaineann le tógáil le hadhmad.

Ba é seoladh an fheachtais 'MEDITE Makes It Real' an chéad mhargadh, nuair a cruthaíodh pobal úsáideora deiridh chun dul i dteagmháil

le húsáideoirí laethúla MEDITE. Craoladh an feachtas ar an teilifís, ar an raidió agus ar chainéil as baile aron, rud a chuir feachtas branda chun cinn ar fud an mhargaidh.

Leanann an rannán MEDITE SMARTPLY go dtí 2022 agus í i riocht láidir, agus aird á tabhairt freisin go bhfuil aclaíocht ríthábhachtach i margadh timthriallach.

- Tá MEDITE fós láidir i ngach margadh, á thiomáint ag úinéirí tí ag infheistiú ina gcuid maoine agus ag léiriú margáí traidisiúnta ag atosú. Leanann MEDITE TRICOYA EXTREME (MTX) ag baint leasa as díolacháin láidre agus bainfidh sé leas as fócas in 2022 de réir mar a mhéadaíonn feachtas branda in oirchill táirgeadh méadaithe in 2023. Tá sé seo tacaíthe ag ár láithreachas ag an RHS Chelsea Flower Show, chun ár raon táirgí nuálacha agus inbhuanaithe a thaispeáint, a fheiceann MTX mar chroílár.
- Tá an infheistíocht SMARTPLY chun an gléasra triomúcháin a uasghrádú, agus ar an gcaoi sin toilleadh a mhéadú, fós ar an mbóthar ceart do R2 2022, tar éis na garspriocanna uile sa bhliain 2021 a bhaint amach. Cuireann an infheistíocht shuntasach seo ar ár gcumas déine carbóin a fheabhsú, an gléasra a nuachóiriú agus iontaofacht a mhéadú, agus táirgeadh a bharrfheabhsú, ag tacú le fás an mhargaidh.

- Tá MEDITE SMARTPLY anois sa dara bliain de phlean sábháilteachta 3 bliana agus leanann feidhmíocht ag feabhsú bliain i ndiaidh bliana, rud atá ríthábhachtach don ghnó.
- Tacaíonn an feachtas leanúnach i dtreo forbairt táirgí nua le héabhlóid na raonta Speisialtachta & Teicniúla, ag neartú difreálaigh ó iomaitheoirí agus ag léiriú nuálaíochta. Nuair a tugadh táirge nua isteach sa mhargadh go luath in 2022, SMARTPLY SURE STEP, leagtar béim ar chumas an ghnólachta freagairt go tapa do dheiseanna margaidh agus bailíochtaíonn sé ár n-iarracht ábharthach.

Sa bhliain 2021, leanfaidh MEDITE SMARTPLY ag tacú lena straitéis fáis trí chlár a fhorbairt a bhaineann lenár dtairiscint inbhuanaitheachta a fhorbairt, seasamh ceannaireachta teicniúil a thógáil, feachtas branda a mhéadú sa mhargadh ina iomláine agus a chinntiú go bhfanann an clár taithí custaiméara ar an mbóthar ceart.



Mar chuid den phlean inbhuanaitheachta, sholáthair MEDITE SMARTPLY táirgí SMARTPLY do thionscadal tithíochta sóisialta ag COP26 i nGlaschú.



Réitigh Talún

Áiríodh ar mhóréachtaí an rannáin Réitigh Talún sa bhliain 2021 aistriú rathúil a foirne fuinnimh in-athnuaite agus sócmhainní gaolmhara chuig comhfhiontar nua le ESB, FuturEnergy Ireland; Coillte Nature ag comhoibriú le Forestry Partners chun Nature Partners CLG nua neamhbhrabúis a sheoladh, lena mbunófar coillearnacha dúchasacha ar scála i bpobail ar fud na hÉireann agus an Grúpa ag baint amach an leibhéal is airde éadálacha talún ó na 1990'aí.

Ceannacháin Réadmhaoin

I rith 2021, cheannaigh Coillte 407 heicteár d'fhoraoisí buaircíneacha neamhaibí. Cuirfidh na foraoisí seo, atá 20 bliain nó níos sine den chuid is mó agus d'Aicme Táirgeachta ard, le cumas táirgiúlachta an eastáit. Ina theannta sin, ceannaíodh 177 heicteár de thalamh lom. Don bhliain 2022, is mó fós uailmhianta na rannóige, ag obair le comhpháirtithe chun tuilleadh foraoisí agus talamh a bhaint amach chun tairbhí iolracha na foraoiseachta a sheachadadh.

Coillte Nature

Sa bhliain 2021, d'eagraigh foireann caitheamh aimsire Choillte roinnt comórtas soláthair agus cheap siad foireann deartha chun tús a chur leis an bpleanáil agus leis an tógáil cúig fhoirgneamh ceannbhealaigh. Tógfar na foirgnimh cheannbhealaigh rothar sléibhe nua ag na láithreacha seo a leanas: Tigh an Chnoic i Sléibhte Bhaile Átha Cliath, An Barr Riabhach i gCo. Laoise, Buaile na Stuaí i gCo. Chill Mhantáin, Cúil Áine i gCo. Shligigh, agus i Sléibhte Bhealach Eabhra i gCo. Luimní. Táthar ag súil go dtógfar na cinn rianta seo laistigh de dhá nó trí bhliain.



Ionad Rian Rothar Sléibhe Bhealach Eabhra, Co. Luimní

Gradam an RDS do Choillearnacha Pobail 2021



Mainistir Thinteirn, Co. Loch Garman

Sa bhliain 2021, bronnadh Gradam an RDS do Choillearnacha Pobail ar Fhoraois Thinteirn Choillte.


Bronntar an gradam go bliantúil ar thionscadail a bhfuil baint acu le húinéireacht phobail agus/nó bainistiú foraoisí agus coillearnacha atá bunaithe agus arna mbainistiú ar bhealach inbhuanaithe atá tairbheach don gheilleagar áitiúil agus/nó don timpeallacht.'

Is coillearnach mheasctha í Foraois Thinteirn a chlúdaíonn Mainistir stairiúil Thinteirn díreach amach ó Rinn Duáin i ndeisceart Chontae Loch Garman.

Le deich mbliana anuas tá baint ag Coillte leis an bpobal áitiúil ar roinnt tionscadal lena n-áirítear cosáin síúil, cosáin céadfacha, droichid coise, carrchlóis uasghrádaithe, áiseanna leithris agus athchóiriú an-suntasach ar an ngairdín múrtha, ó shuíomh a bhí tar éis éirí fiáin faoin mbliain 2010.

Mar thoradh ar an obair seo, a críochnaíodh trí ionchur deonach suntasach ón bpobal áitiúil, chomh maith le tacaíocht ó Coillte, tháinig méadú suntasach ar líon na gcuartheoirí. Go deimhin, le níos mó ná 180,000 cuairt taifeadta sa bhliain 2021, tá Tintern ar cheann de na suíomhanna is mó cuairteanna i gcontae Loch Garman anois.

Tá Foraois Thinteirn á bainistiú ag Coillte mar limistéar Bithéagsúlachta, le gníomhaíocht bainte laghdaithe go mór, agus tá pleananna i bhfeidhm chun í a bhainistiú faoi Clúdach Leanúnach Foraoiseachta.



Foraois Chnoc Draighneach, Co. Chill Chainnigh

Inbhuanaitheacht

Ní raibh an fhoraoiseacht agus Coillte riamh chomh hábhartha i dtéarmaí dúshlán ár linne. Táimid dírithe ar an gcothromaíocht is fearr is féidir a sheachadadh thar na buntáistí iomadúla a bhaineann leis an bhforaoiseacht agus a chinntiú go bhfuil todhchaí níos glaise á seachadadh againn do chách.



Inbhuanaitheacht

Sa bhliain 2021, cheap Coillte Príomhoifigeach Inbhuanaitheachta agus Bainisteoir Inbhuanaitheachta an Ghrúpa, le tacaíocht a bheith ar fáil dóibh ó fhoireann inbhuanaitheachta. Léiríonn na ceapacháin seo an méadú fócais ag Coillte ar an bpróiseas feabhsaithe inbhuanaitheachta agus rialachais a bhaineann leis an aeráid a chur i bhfeidhm.


Is iad cuspóirí na foirne ná:

- Creat agus straitéis inbhuanaitheachta ar fud an Ghrúpa a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm arna dtacú ag spriocanna inbhuanaitheachta uailmhianacha.
- Oibriú le príomhpháirtithe leasmhara inbhuanaitheachta ar fud gach rannáin Choillte chun slógadh agus líonra inbhuanaitheachta leada a nascann inbhuanaitheacht laistigh de na rannáin.
- Beartas an AE agus na hÉireann a léirmhíniú chun impleachtaí an Bhille um Gníomhaíocht Aeráide, an Phlean Gníomhaíochta Aeráide agus tionscnaimh inbhuanaitheachta eile do Coillte agus don earnáil foraoiseachta a thuiscint.

- Inbhuanaitheacht agus nochtadh a bhaineann leis an aeráid a fhorbairt i gcomhréir le creat tuairiscithe idirnáisiúnta.
- Rialachas láidir a bhunú struchtúr chun ár uailmhianta inbhuanaitheachta.


Tar éis taighde fairsing ar dhea-chleachtas, tugadh isteach próiseas rialachais inbhuanaitheachta agus aeráide sa bhliain 2021 agus leanfar leis le feabhsú sna blianta atá le teacht:

Tá mionsonraí ar phróiseas rialachais inbhuanaitheachta agus aeráide an Ghrúpa ar leathanach 73.



Páirc Foraoise Choillidh Chaoin

Rialachas Inbhuanaitheachta Choillte



Gealltanais Do Chreatlach Thascfhórsa ar Nochtadh Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid (TCFD) an Bhoird um Sheasmhacht Airgeadais

Tascfhórsa ar Nochtadh Airgeadais a bhaineann leis an Aeráid (TCFD)


I mí Dheireadh Fómhair 2021, chuaigh Coillte isteach i níos mó ná 2,500 eagraíocht ar fud an domhain chun a thacaíocht a fhógairt do Thascfhórsa an Bhoird um Chobhsaíocht Airgeadais (FSB) ar Nochtadh Airgeadais Aeráide (TCFD). Léiríonn sé seo aitheantas Coillte don ghéarchéim aeráide atá ag dul i méid agus a tionchar méadaitheach ar ghnóthaí agus slite beatha ar fud an domhain. Mar chaomhnóirí foraoisí agus talún, tuigeann Coillte an tionchar díreach ar an aeráid i dtéarmaí an chaoi a ndéantar bainistiú ar eastát Choillte agus na táirgí a tháirgeann sé. Éascóidh creat TCFD Coillte chun tuiscint níos fearr a fhorbairt ar a rioscaí agus deiseanna airgeadais a bhaineann leis an aeráid. Cabhróidh sé freisin le gníomhartha féideartha a shainaithint, le hoiriúnú don timpeallacht athraitheach agus le lorg carbóin Choillte a laghdú.

Straitéis fhadtéarmach, bainistíocht riosca réamhghníomhach agus tá tábacht ar leith ag baint le rialachas láidir san fhraoiseacht.

Ag cur san áireamh go bhfásann crann ar feadh idir 40 agus 100 bliain, ní mór do Coillte a chinntiú go ndéantar breithniú cúramach ar na cásanna féideartha athraithe aeráide sa tréimhse seo. Beidh sé seo rithábhachtach ní amháin d'Inbhuanaitheacht na heagraíochta, ach freisin chun a chinntiú gur féidir le Coillte leanúint ar aghaidh ag seachadadh tairbhí iolracha na foraoiseachta.

Cé nár ullmháidh an tuarascáil seo chun riachtanais chreat an TCFD a chomhlíonadh, tá ag Coillte tiomanta do mholtaí a chur i bhfeidhm chun nochtadh a bhaineann leis an aeráid a fheabhsú agus a bhaint amach comhlíonadh iomlán an chreata laistigh den chéad cheann eile trí bliana.

Tá rian chur i ngníomh an TCFD imlínithe ar an leathanach thall:



Baint an fhómhair i Sléibhte Chill Mhantáin



Cion tairbhe Choillte don Fhorbairt Inbhuanaithe

Soláthraíonn Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, a ghlac Ballstáit uile na Náisiún Aontaithe leis in 2015, treoirphlean comhroinnte don tsíocháin agus don rathúnas do dhaoine agus don phláinéid, anois agus amach anseo. Ag a chroí tá 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), a aithníonn le chéile go gcaithfidh deireadh a chur le bochtaineacht agus díothachtaí eile dul lámh ar lámh le straitéisí a fheabhsaíonn sláinte agus oideachas, a laghdaíonn éagothroime, agus a spreagann fás eacnamaíoch - agus iad ag dul i ngleic le hathrú aeráide agus ag obair chun ár n-aigéan agus foraoisí a chaomhnú.

Bhain Coillte úsáid as Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA mar chreat chun ábharthacht a thionscnamh próiseas measúnaithe agus chun tairbhí iolracha na foraoiseachta a aithint.

Tríd an bpróiseas seo aithníodh go dtacaíonn an fhoraoiseacht le 9 gcinn de 17 SDG na NA lena n-áirítear Gníomhú ar son na hAeráide agus Fuinneamh Glan, Dea-shláinte agus Folláine, Saol ar Talamh, chomh maith le Fás Eacnamaíoch a sholáthar trí tháirgí adhmaid nuálacha agus inbhuanaithe a tháirgeadh.

Tar éis na SDGanna seo a shainaithint, rinneadh obair mar chuid de mheasúnú ábharthachta agus den fhís straitéiseach foraoiseachta chun a chinneadh conas is féidir tairbhí iolracha na foraoiseachta a bharrfheabhsú, a chothromú agus a sheachadadh. Rinneadh achoimre ar na tairbhí sin sna ceithre chuspóir colún seo a leanas: foraoisí don aeráid, foraoisí le haghaidh adhmaid, foraoisí don dúlra agus foraoisí do dhaoine.

Tacaíonn an fhoraoiseacht le 9 gcinn de SDGanna na NA

SPRIOCANNA NA NA	LUACHANNA FORAOISÍ	CUSPÓIR
Dea-Shláinte & Folláine	Maolú Athrú Aeráide	Foraoisí don aeráid
Uisce Glan & Sláintíocht	Cosaint Uisce & Ithir	Foraoisí don adhmaid
Fuinneamh Inacmhainne & Glan	Gnáthóga don Dúlra & don Fhiadhúlra	Foraoisí don dúlra
Obair & Fás Eacnamaíoch	Táirgí Inbhuanaithe	Foraoisí do dhaoine
Nuálaíocht & Bonneagar	Sláinte & Folláine	
Tógáil Inbhuanaithe	Geilleagar Tuaithe & Cruthú Post	
Tomhaltas & Táirgeadh		
Gníomhú ar son na hAeráide		
Saol ar Talamh		

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA



Droim Lis, Co. an Longfoirt

Ábharthacht Inbhuanaitheacht na hÁbharthachta Measúnaithe

Aistear Choillte le hInbhuanaitheacht na hÁbharthachta measúnaithe agus modheolaíocht

Tá sé mar fhís ag Coillte todhcháí inbhuanaithe a sholáthar do chách. Tá bainistíocht inbhuanaithe foraoisí ina bhunchloch den chaoi ar bhain Coillte lena fhoraoisí agus a thailte ó thús an chéid. Cloíonn Coillte le dhá scéim deimhnithe bainistíochta foraoise, is iad sin FSC® (An Chomhairle Maoirseachta Foraoise®), agus PEFC™ (Clár um Fhormhuiniú Deimhnithe Foraoise). Táimid tiomanta freisin dár n-oibríochtaí go léir a chur i gcrích agus na dlíthe, na treoracha agus na rialacháin infheidhme go hiomlán á gcomhlíonadh againn.

Tuigeann Coillte an tionchar a bhíonn ag a fhoraoisí, a thailte agus a oibríochtaí ar shocháil na hÉireann, ar an gcomhshaol agus ar an ngeilleagar agus ar an ngá atá le Coillte fanacht inmharthana ó thaobh tráchtála de chun todhcháí inbhuanaithe a chur ar fáil do chách. Chun a chinntiú go bhfuil obair an Ghrúpa dírithe ar na saincheisteanna inbhuanaitheachta is ábhartha, chuir Coillte tús le

próiseas fairsing measúnaithe ábharthachta in 2020.

Tá roinnt céimeanna ag an bpróiseas seo, agus seo thíos na gníomhartha a cuireadh i gcrích go dtí seo:

Céim 1 (2019-2020) – Bunúis

- Mapáil ar pháirtithe leasmhara.
- Réamhshuirbhé inmheánach agus sheachtrach chun na réimsí ina bhfuil an méid is dearfaí agus is diúltach ag an nGrúpa maidir le forbairt inbhuanaithe a chinneadh. Bhí na ceisteanna sa suirbhé ailínithe le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.
- Sainaitníodh formhór na saincheisteanna ábhartha mar: aeráid, bithéagsúlacht, sochaí shláintiúil, táirgí inbhuanaithe, poist tuaithe & athléimneacht gnó.
- Mar thoradh ar thorthaí tosaigh forbraíodh fíis straitéiseach nua foraoiseachta, dírithe ar shochair iolracha na foraoiseachta a sheachadadh.

Céim 2 (2020- 2021) – Taighde

- Taighde ar dhea-chleachtas earnála agus rannpháirtíocht le roinnt páirtithe leasmhara agus cuideachtaí foraoiseachta idirnáisiúnta agus saineolaithe astuithe carbóin talamhúsáide/foraoiseachta.
- Rinneadh suirbhéanna ar dhearcadh an phobail ar fud 2,000 duine ar dhearcadh an phobail ar fhoraoiseacht, ar fheidhmeanna foraoise agus ar ionchais na sochaí i leith foraoisí.
- Ailíniú le Beartas ábhartha na hÉireann agus an AE, m.sh., Plean Gníomhaíochta Aeráide 2021, Straitéis Foraoiseachta an AE.
- Anailís mhionsonraithe charbóin agus forbairt fhís straitéiseach foraoiseachta Choillte agus fachtóirí comhshaoil agus sóisialta mar phríomhcheisteanna.

Céim 3 (Q4-2021 Q1-2022)

– ceardlanna inmheánacha agus tosaíochtaí

- An dara babhta de mheasúnuithe ábharthachta inmheánacha curtha i gcrích ar fud Rannán uile Choillte.
- Reáchtáladh ceardlanna le 60 príomhpháirtithe leasmhara inmheánacha. Tiomnaithe do Chomhshaol, Sochaí agus Rialachas (ESG), leagann na ceardlanna seo an ardán le haghaidh agus míníodh coincheap na hábharthachta.
- D'éascaigh na ceardlanna freagraí eolasacha ón lucht freastail ar raon ábhar lena n-áirítear (i) saincheisteanna ábhartha a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar fheidhmíocht airgeadais Choillte agus (ii) tionchar ar fhachtóirí lena n-áirítear daoine, an comhshaol agus an geilleagar.

- Thacaigh geallsealbhoirí lena gcinntí le liosta de shaincheisteanna ábhartha earnála ailínithe le creat na mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta Inbhuanaitheachta (SASB). Leathnaíodh an liosta seo a thuilleadh trí cheisteanna a aithníodh le linn na céime taighde agus cuireadh roghanna ar fáil do rannpháirtithe an tsuirbhé chun ábhair ábhartha eile a chur leis, nach raibh ar an liosta.
- Scóráladh freagraí na gceardlann agus cruthaíodh liostaí ábharthachta rannáin agus rinneadh iad a scagadh tuilleadh le ceardlanna leantacha. Bhí liosta achoimre ábharthacht an Ghrúpa cruthaithe agus rátáilte ag Foireann Feidhmiúcháin Oibríúcháin Choillte.
- Cuireadh liosta deiridh Ábharthachta an Ghrúpa faoi bhráid an Choiste Iníúcháireachta agus Riosca (ARC) chun a chinntiú go bhfuil gach saincheist ábhartha aitheanta cuimsithe i gClár Riosca an Ghrúpa.

Céim 4 (2022)

– An próiseas comhairliúcháin á leathnú

- Comhairliúcháin sheachtracha le príomhpháirtithe leasmhara ar uailmhianta straitéiseacha Choillte, lena n-áirítear tuilleadh plé ar mheasúnú ábharthachta.



An Chora, Co. Luimní

ÁBHARTHACHT

Inbhuanaitheacht an Mheasúnaithe Ábharthachta

Torthaí an Mheasúnaithe Ábharthachta Dúbailte

Ag teacht le moltaí na Treorach um Thuairiscíú Neamhairgeadais (NFRD), bhreithnigh measúnú ábharthachta Coillte dhá ghné inbhuanaitheachta:

- An tionchar a bhíonn ag saincheisteanna ábhartha ar fheidhmíocht ghnó Choillte, ar a seasamh sa mhargadh agus deiseanna forbartha (tionchar isteach); agus,
- An tionchar a bhíonn ag gnó Choillte ar dhaoine agus ar an gcomhshaol (tionchar amach).

Thall atá na saincheisteanna inbhuanaitheachta ábhartha is mó a aithníodh tríd an bpróiseas:



Plandlann Bhaile an Teampaill, Co. Cheatharlach

Tionchar amach ar an ngnó

Athrú Aeráide Tionchar ar Sócmhainn Foraoise	Is féidir le hathrú aeráide tionchar díreach a bheith aige ar fhoraoisí Choillte trí rioscaí mar inmhiólú lotnaidí, tine, triomach agus stoirmeacha. D'fhéadfadh teagmhais shuntasacha drochaimsire damáiste a dhéanamh dár bhforaoisí agus tionchar a imirt ar oibríochtaí foraoise a d'fhágfadh laghdú ar bhrabús oibriúcháin agus costais mhéadaithe a bhaineann le hoibríochtaí glantacháin.
Lucht saothair a mhealladh go dtí an Tionscail	Tá baol ann d'fheidmiú rathúil straitéis an Ghrúpa agus d'fhás fadtéarmach an tionscail gan a bheith in ann saothair oilte agus saineolas a mhealladh chuig an tionscal. D'fhéadfadh sé teorainn a chur le hinfhaighteacht conraitheoirí, ganntanas foirne a chruthú, cur isteach ar ualach oibre agus pleanáil comharbais. Toradh eile a d'fhéadfadh a bheith air seo ná ardú ar chostais.
Éilimh Rialachán Comhshaoil	Tá oibríochtaí foraoise (fómhair, foraoisiú agus bóithre) faoi réir ceadúnais faoin Acht Foraoiseachta 2014. Bhí tionchar suntasach ag cur isteach ar an bpróiseas ceadúnaithe seo le roinnt blianta anuas ar an tionscal. D'fhéadfadh tionchar breise a bheith ag an bpoitéinseal do rialacháin nua comhshaoil ar ár ngnóthaí foraoise, painéil nó fuinnimh in-athnuaite.
Caidreamh le Geallsealbhóirí	Ní féidir leis an gcuideachta a straitéis Ghrúpa a sheachadadh ach amháin le tacaíocht óna páirtithe leasmhara. Is féidir le dearcadh ár ngeallsealbhóirí tionchar a imirt ar thodhchaí na cuideachta agus na hearnála foraoiseachta. D'fhéadfadh tionchar a bheith aige seo ar inmharthanacht fhadtéarmach an Ghrúpa.
Luaineacht an Mhargaidh agus Meathlú Eacnamaíoch	Tá inbhuanaitheacht eacnamaíoch Choillte ag brath go mór ar tháirgí tráchtarraí san earnáil tógála a bhfuil claonadh ann d'athruithe timthriallacha ar éileamh agus ar phraghsáil. Athraíonn na timthriallta seo ó thaobh déine agus is féidir leo tionchar éadrom nó trom a bheith acu ar ár n-ioncam agus ar ár mbonn costais trí bhoilsciú. Tá sé tábhachtach mar sin go n-aithnítear tairiscint luacha an Ghrúpa mar thairiscint ísealcharbóin, inbhuanaithe agus iomaíoch.
Trasdul maidir leis an Athrú Aeráide	Beidh athrú ar ár múnla gnó ag teastáil ó spriocanna aeráide an AE agus náisiúnta. D'fhéadfadh rialacháin nua, cánacha carbóin agus úsáid teicneolaíochta nua a bheith mar thoradh ar an aistriú go geilleagar náid-charbóin agus atá dírithe ar bhithéagsúlacht. Cruthóidh sé seo rioscaí agus deiseanna agus féadfaidh tionchar a bheith aige ar bhrabús oibriúcháin agus ar chostais oibriúcháin araon.

Léiríonn na saincheisteanna ábhartha atá liostaithe thuas na rioscaí inbhuanaitheachta is suntasaí d'inmharthanacht eacnamaíoch an Ghrúpa agus tá an cumas acu tionchar diúltach a imirt ar fhís Choillte, chun todhchaí inbhuanaithe a sheachadadh do chách trí thairbhí iolracha na foraoiseachta a sheachadadh. Breathnaítear ar na saincheisteanna ábhartha seo mar phríomhrioscaí a rianaítear sa Nochtadh Bainistíochta Riosca (féach leathanaigh 95 – 110).


Tionchar amach ar an timpeallacht agus an sochaí

Éileamh ar Adhmad agus ar Ábhair Tógála Íseal-Charbóin ag Méadú	Táthar ag súil go leanfaidh an t-éileamh ar ábhair thógála fadsaoil agus ísealcharbóin ag méadú sna blianta amach romhainn. Mar an táirgeoir lomán cruinne agus clár painéil is mó sa tír, beidh ról tábhachtach ag Coillte i soláthar na dtáirgí seo.
Rochtain ar Chaitheamh Aimsire Lasmuigh	Tá an nasc idir folláine daoine agus caitheamh aimsire lasmuigh ag éirí níos soiléire. Soláthraíonn polasaí 'rochtana oscailte' Choillte raon de thart ar 6,000 réadmhaoín de spásanna áineasa don tsochaí. Tá ról tábhachtach acu seo maidir le tacú le sláinte fhisiciúil agus mheabhrach daoine.
Athrú Aeráide - Tionchar Sócmhainn Foraoise	Mar an t-úinéir foraoise agus talún is mó in Éirinn, tá ról lárnach ag Coillte maidir le dul i ngleic leis na rioscaí a bhaineann le géarchéim na haeráide agus le réitigh a éascú. Trí athléimneacht a chur isteach i bpleananna foraoise agus trí mhonatóireacht a dhéanamh ar rioscaí aibitheacha agus bitheacha, is féidir linn na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag an athrú aeráide agus imeachtaí drochaimsire a mhaolú.
Astuithe Ceaptha Teasa	Tá ról tábhachtach ag Coillte maidir le hastuithe gáis cheaptha teasa a laghdú. Soláthraíonn foraoisí Choillte stór carbóin cobhsaí agus is féidir le foraoisí nua feidhmíú mar shlogaíde. Is táirge tógála atá neamhdhíobhálach don aeráid é an t-adhmad a tháirgtear inár bhforaoisí. Tá sé mar aidhm againn measúnú astuithe carbóin a dhéanamh ar ár ngníomhaíochtaí go léir agus plean trasdula a fhorbairt a thacóidh linn carbóin a laghdú inár slabhra soláthair.
Fuinneamh In-athnuaite	I mí na Samhna 2021, bhunaigh Coillte agus ESB comhfhiontar, ar a dtugtar FuturEnergy Ireland, agus é mar phríomhchuspóir aige níos mó ná 1GW d'fhuinneamh in-athnuaite nua a sheachadadh faoi 2030. Beidh ról suntasach ag an gcomhfhiontar seo maidir le tiomantas na hÉireann a bhaint amach maidir lena giniúint leictreachais a dhícharbónú agus i seachadadh sprioc an Stáit 70% dá leictreachas a ghiniúint ó fhuinneamh in-athnuaite faoi 2030.
Feabhsú Bithéagsúlachta	Is é Coillte an bainisteoir is mó ar chaipiteal nádúrtha talamhbhunaithe in Éirinn. Ar fud an eastáit foraoise sa lá atá inniu ann, déantar 20% a bhainistiú agus bithéagsúlacht mar phríomhchuspóir. Mar chuid den fhís straitéiseach don eastát foraoise, forbrófar sprioc nua chun leibhéal na bithéagsúlachta ar an eastát a fheabhsú agus a leathnú.
Tionchar Sóisialta agus Caidreamh le Pobail Áitiúla	Tacaíonn Coillte agus an tionscal foraoiseachta le fostaíocht agus forbairt i gceantair thuaithe. Glacann Coillte páirt i gcláir oideachais éagsúla a thacaíonn le hoideachas comhshaoil agus foraoiseachta. Le linn 2022, beidh caidreamh fairsing ag Coillte le páirtithe leasmhara ar fhís straitéiseach nua na foraoiseachta.

Léiríonn na saincheisteanna ábhartha atá liostaithe thall na réimsí ina bhfuil an tionchar inbhuanaithe fadtéarmach is suntasaí ag Coillte ar an ngeilleagar, ar an gcomhshaol agus ar an tsochaí.

Tá siad ailínithe le fíis agus cuspóirí straitéiseacha an Ghrúpa - Foraoisí don Aeráid, Foraoisí don Adhmad, Foraoisí don Dúlra agus Foraoisí do Dhaoine. Is féidir le glantionchar dearfach nó diúltach a bheith ag Coillte ar fud na réimsí sainaitheanta go léir, mar sin, ní mór monatóireacht ghéar a dhéanamh orthu.

Sna míonna amach romhainn, déanfaidh Coillte na saincheisteanna ábhartha sin a phlé agus a rátáil lena phríomhpháirtithe leasmhara seachtracha agus ina dhiaidh sin feidhmeoidh sé plean le spriocanna agus bearta chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn.



An Chora, Co. Luimní



Clár Saol na hOibre, Coláiste Mhainistir an Dubhaisce, Co. Chill Chainnigh

Tionchar amach ar an timpeallacht agus an sochaí

Éifeachtúlacht Fuinnimh

Déantar éifeachtacht fuinnimh Choillte a bhainistiú ag Grúpa Stiúrtha inmheánach le tacaíocht ó bhainisteoir fuinnimh. Buaileann an Grúpa Stiúrtha le chéile go ráithiúil agus tuairiscíonn sé a thorthaí d'Fhoireann Feidhmíocháin Oibríocháin Choillte.

I rith 2021, d'éirigh le Coillte a Chóras Bainistíochta Fuinnimh a chur i bhfeidhm go dtí an caighdeán ISO 50001 um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus bhronn Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI) deimhniú air. Tá creidiúnú ISO i bhfeidhm ar fud gach rannán de chuid Choillte.

Sa bhliain 2021, cuireadh córas nua i bhfeidhm chun billí fuinnimh míosúla Choillte a rianú agus a léiriú go grafach de réir costais, kWh agus astuithe carbóin. Éascaíonn an córas seo tuarascálacha míosúla feidhmíochta fuinnimh a thiomnú.

Rinne MEDITE SMARTPLY painéil fhótavoltach (PV) a thriail ag an dá mhonarcha. Ligeann an clár píolótach seo do MEDITE SMARTPLY eolas agus taithí a fháil ar oibriú agus ar chothabháil na bpainéal seo roimh shuiteáil ionchasach ar mhórscaála.

Feasacht ar Aeráid agus ar Inbhuanaitheacht

Mar aon le creat inbhuanaitheachta an Ghrúpa a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, is príomhchuspóir don Fhoireann Inbhuanaitheachta feasacht a ardú ar athrú aeráide agus ar an tábhacht a bhaineann le gach gné den inbhuanaitheacht ar fud Choillte.

Chuidigh roinnt tionscnamh agus ardán le coincheapa inbhuanaitheachta a thabhairt isteach d'fhostaithe. Is uirlis úsáideach é ardán meán sóisialta inmheánach Choillte, Yammer, chun scéalta ábhartha faoi athrú aeráide, bainistíocht fuinnimh agus tionscnaimh inbhuanaitheachta a roinnt go neamhfhoirmiúil le comhghleacaithe.

Rinneadh rannpháirtíocht trí cheardlanna, trí aiseolas agus moltaí a bhailiú maidir le deiseanna agus samhlacha gnó inbhuanaithe. Cruthaíodh deis nuair a bhí athnuachan á dhéanamh ar chóras inlíon an Ghrúpa a d'aithin limistéar nua don inbhuanaitheachta, aeráid agus earraí geilleagair chiorclaigh, doiciméid, podchraoltaí agus gearrthóga scannáin.

Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt don réimse seo, faomhadh samhail ríomhfhoghlama go coincheapúil sa bhliain 2021 agus déanfar é a fhorbairt agus a rolladh amach chuig comhghleacaithe in 2022.

Clár Saol na hOibre

Mar chuid dár dtiomantas chun feasacht a fheabhsú ar an earnáil foraoiseachta agus na tairbhí iolracha a eascraíonn as an bhforaoiseacht, chuaigh Coillte i gcomhpháirtíocht le Coláiste an Dubhaisce i nGráig na Manach, Co. Chill Chainnigh chun páirt a ghlacadh sa tionscnamh Business Action on Education. Comhordaithe ag Gnó sa Phobal in Éirinn (BITCI), baineann an scéim náisiúnta seo úsáid as cláir éagsúla chun comhpháirtíochtaí a fhorbairt idir scoileanna áitiúla agus gnólaigh chun tacú le dul chun cinn oideachais agus cuimsiú.

Tríd an gclár seo, tá Coillte ag comhoibriú le rang de 26 mac léinn Dara Bliain i gColáiste na Dubhaise. Thar sraith cuairteanna, cuireadh na scoláirí i láthair ar obair Choillte agus ar na ról agus deiseanna iomadúla laistigh d'earnáil na foraoiseachta.

Bord na Stiúrthóirí



Bernie Gray, Cathaoirleach

Comhairleoir bainistíochta agus páirtneir i Betterboards is ea Bernie. Cuntasóir is ea í agus bhí rólanna sinseartha éagsúla aici i Telecom Éireann lena n-áirítear bheith ina Stiúrthóir ar Acmhainní Daonna. Ceapadh í ina Cathaoirleach ar Bhord Choillte i 2019 agus faoi láthair tá sí ina ball boird de Leathanbhanda Náisiúnta Éireann de Bhord Cuntasachta na Státseirbhíse. Tá tréimhsí tugtha aici i roinnt rólanna neamhfheidhmiúcháin san earnáil phoiblí agus san earnáil neamhbhrabúis lena n-áirítear tréimhse mar Chathaoirleach ar Eirgrid agus mar bhall d'Údarás Rialaithe OCBÁC (DCU).



Imelda Hurley

Ceapadh Imelda Hurley mar POF ar Coillte i Samhain 2019 agus ceapadh ar an mBord í in Eanáir 2022. Is stiúrthóir feidhmiúcháin agus neamhfheidhmiúcháin í le taithí agus bhí sí ina comhalta boird i ngnólaicteáí cuideachta poiblí, faoi úinéireacht an stáit, cothromas príobháideach agus caipiteal fiontair. Sular thosaigh sí le Coillte, bhí Imelda ina Príomhoifigeach Airgeadais ag Origin Enterprises plc agus, níos luaithe ina gairmré, bhí raon de phoist cheannaireachta shinsearacha aici lena n-áirítear Príomhoifigeach Airgeadais & Ceann Inbhuanaitheachta ag PCH International agus Stiúrthóir Airgeadais an Ghrúpa ag Greencore Group plc.

Faoi láthair tá sí ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Dole plc agus IBEC agus d'aontaigh sí le déanaí a bheith ina Pátrún ar Chapter Zero Ireland, pobal stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin a threoraíonn plé seomra boird na hÉireann ar thionchair an athraithe aeráide.

Tá Imelda ina Comhalta den Institiúid Cuntasóirí Cairte agus ina alumna den Harvard Business School.



Gerry Gray

Ceapadh Gerry ar an mBord in 2018 agus tá sé ina Chathaoirleach ar an gCoiste Iníúcháireachta agus Riosca. Tá níos mó ná 35 bliana de thaithí aige ar obair i ról airgeadais agus straitéise shinsearacha in eagraíochtaí gormshlíse idirnáisiúnta lena n-áirítear PwC, Ford Motor Company agus Pilkington. Ar scor anois, tá poist neamhfheidhmiúcháin iolracha ag Gerry sa RA agus in Éirinn. Stiúrthóir ainmnithe ag Medite is ea é ar Tricoya Technologies Limited (TTL) agus Tricoya UK Limited (TUK).



Frank Hayes

Ceapadh Frank ar Bhord Coillte i mí Eanáir 2022. Tá níos mó ná 40 bliain de thaithí aige i gcúrsaí gnó idirnáisiúnta agus bhí sé ina Stiúrthóir ar ghnóthaí Corparáideacha le Kerry Group ó 1991 go 2018. Céimí san Eolaíocht Talmhaíochta BAgSc (Onóracha) in Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, thug sé tréimhse leis mar Attaché Bia & Talmhaíochta in Ambasáid na hÉireann i Londain ó 1982 go 1991.



Patrick Eamon King

Ceapadh Pádraig Éamon ar an mBord in 2018 agus tá sé ina Chathaoirleach ar Choiste Infheistíochta an Bhoird. D'oibrigh sé i roinnt rólanna bainteach le forbairt chorparáideach i gcuideachtaí poiblí sa RA agus in Éirinn. Chaith sé 13 bliana mar Cheann ar Fhorbairt Chorparáideach le Ardagh Group SA agus anois oibríonn sé mar chomhairleoir Forbartha Corparáidí le Paragon Group Ltd. Tá céim Innealtóireachta aige ó Choláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath agus MBA ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.



Kevin Mc Carthy

Ceapadh Kevin ar an mBord i mí Bealtaine 2020. Bhí Kevin ina ionadaí ar fheidhmeannas Fórsa/IMPACT idir 2013 agus 2020 agus toghadh mar stiúrthóir fostaithe de chuid Fórsa i 2020. Thosnaigh sé ag obair le Coillte sa bhliain 2005 agus tá sé ina bhainisteoir acmhainní oibríúcháin faoi láthair a chlúdaíonn Dún na nGall, Iarthar Liatroma agus Sligeach Thuaidh. Roimh 2012 bhí sé i ról mar bhainisteora ceantair i dtuaisceart Dhún na nGall. Bhain sé céim amach i mBainistíú Foiraoise ó Oregon State University sa bhliain 1985 agus tá sé ina bhall teicniúil ag Cumann Foraisaithe na hÉireann.



Gerard Murphy

Ceapadh Gerard ar an mBord i Mí na Nollag 2019. Tá taithí fhairsing foraoiseachta ag Gerry tar éis dó bheith ag obair in ról shinsearacha éagsúla laistigh d'earnáil na foraoiseachta. Bhí sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Rannán Foraoise Choillte ar feadh naoi mbliana agus le déanaí bhí sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ar an rannán Réitigh Talún go dtí gur imigh sé ar scor i Meán Fómhair na bliana 2018. Faoi láthair tá Gerard ina Stiúrthóir ainmnithe ag Coillte ar FuturEnergy Ireland (FEI). Tá tréimhsí tugtha aige i roinnt rólanna neamhfheidhmiúcháin in eagraíochtaí neamhbhrabúis chomh maith le bheith ina bhall comhairle de chuid COFORD agus EUSTAFOR. Tá céim BAgSc (Foraoiseacht) agus MBA aige ó UCD, chomh maith le Diplóma i Stiúradh Cuideachtaí (IOD) agus Diplóma Iarchéime san Eolaíocht ó Ollscoil Náisiúnta na hAstráile.



Julie Murphy-O'Connor

Ceapadh Julie ar an mBord in 2013 agus tá sí ina Cathaoirleach ar Choiste Luach Saothair an Bhoird. Tá sí ina páirtneir i Rannóg Réitigh Díospóidí le Matheson. Ina cleachtas áirítear comhairle a chur ar gheallshealbhóirí maidir le díospóidí geallshealbhóirí agus athstruchtúru corparáideach. Comh-údar is ea í ar fhoilseachán Cumann Dlíthíochta Tráchtála na hÉireann 'CLAI Practitioners' Guide to the Commercial Court in Ireland' agus ar an téacsleabhar atá ag Cumann Dlí na hÉireann ar Dhlí Dócmhainneachta.



Eleanor O'Neill

Ceapadh Eleanor ar Bhord Coillte i 2019. Tá sí ina Comhairleoir Sinsearach sa Teicneolaíocht Faisnéise agus taithí fhairsing aici le Trasdul Digiteach, Bainistíocht Oibríúcháin, Cibearshlándáil, Cumaisc & Éadálacha. Tá taithí 30 bliain aici i ról shinsearacha feidhmiúcháin i gcuideachtaí teicneolaíochta idirnáisiúnta lena n-áirítear Symantec, Visio, Microsoft, Marrakech, agus Digital Equipment Corporation. Feidhmíonn Eleanor mar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Sláinte Leanaí Éireann (CHI) agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA). Céimí innealtóireachta ó Ollscoil na hÉireann Gaillimh is ea Eleanor. Ina theannta sin, tá cáilíochtaí iarchéime aici in Anailís Chóras ó NUIG, Cibearshlándáil ó UCD agus Rialachas Corparáideach ó Institiúid Stiúrthóirí na hÉireann.

COILLTE
CUIDEACHTA GHNÍOMHAÍOCHTA
AINMNITHE

RÁITIS REACTÚLA AIRGEADAIS

Don bhliain airgeadais dár chríoch 31 Nollaig 2021



Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tá áthas ar na Stiúrthóirí chun an tuarascáil bhliantúil dá gcuid a chur i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2021.

An Chuideachta

Ba ar an 8 Nollaig 1988 a rinneadh corprú ar an gCuideachta agus thosnaigh ag trádáil ar an 1 Eanáir 1989 nuair a thóg chuici féin an gnó foraoiseachta a bhí á chur i gcrích go dtí sin ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Fuarthas na sócmhainní agus na dlíteanais ghaolmhara ar an 1 Eanáir 1989.

Tá gnáthscair amháin ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus tá an chuid eile den scairchaipiteal eisithe iseilbh an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Príomhghníomhaíochtaí, athbhreithniúchán ar an ngnó agus na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí

Is iad príomhghníomhaíochtaí an Ghrúpa foraoiseacht agus gníomhaíochtaí a bhaineann le foraoiseacht, painéil bunaithe ar adhmaid, fuinneamh in-athnuaite agus forbairt talún. Tá an t-athbhreithniú ar an ngnólacht, lena n-áirítear na rioscaí agus neamhchinnteachtaí príomhúla mar a éilítear ag alt 326 agus ag alt 327 d'Acht na gCuideachtaí 2014, san áireamh le Ráiteas an Chathaoirligh, le hAthbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh agus le codanna Ár mBuaicphointí de chuid na Tuarascála Bliantúla.

Torthaí agus díbhinní

Tá sonraí thorthaí an Ghrúpa leagtha amach sa chuntas brabúis agus cailteanais agus sna nótaí gaolmhara. Léiríonn na torthaí seo comhthionchar sríanta suntasacha sa slabhra soláthair arna dtiomáint ag sraith fachtóirí lena n-áirítear

tionchar domhanda leanúnach na paidéime a chruthaigh éagothroime soláthair i margaí áirithe mar aon le héileamh láidir domhanda ar adhmaid sáfa agus táirgí adhmaid gaolmhara. Seachadadh an fheidhmíocht seo freisin i gcomhthéacs timpeallacht oibriúcháin an-dúshlánach go háirithe sa chuid tosaigh de 2021 nuair a cuireadh sríantú suntasach ar ár ngnó freisin ag dúshlán cheadúnaithe foraoiseachta. Ag breathnú chun cinn, mar gheall ar an éiginnteacht atá mar gheall ar an staid gheopholaitiúil reatha san Úcráin agus sa Rúis, is deacair a thuar go cruinn cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige seo ar shreafaí trádála domhanda, boilsciú costais agus rátaí malairte eachtraí, agus conas a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar an nGrúpa in 2022.

Is ionann láimhdeachas an Ghrúpa ag €422.4m sa bhliain 2021, agus méadú c.48% ar 2020 á thiomáint go príomha ag praghsanna méadaithe an mhargaidh deiridh. Tháinig ardú bliain ar bhliain de €46.5m ar chostais oibriúcháin. Léiríonn gnóthachain oibriúcháin eile an cion ó dhíolacháin sócmhainní eile de €13.4m (2020: €8.8m) le linn na bliana. Cuireadh méadú ar daíodh brabúis oibriúcháin (roimh mhíreanna eisceachtúla) ó €29.1m in 2020 go €124.4m sa bhliain 2021. I dtorthaí na bliana 2021, cuimsítear glanghnóthachan eisceachtúil de €6.8m (2020: €1.3m cailteanas).

D'fhaomh an Bord díbhinn de €0.0396 in aghaidh na scaire, €25.0m san iomlán, agus íocadh í i mí navNollag 2021. Molann an Bord díbhinn deiridh de €0.00792 in aghaidh na scaire, €5.0m san iomlán, mar a bhaineann le feidhmíocht airgeadais na bliana 2021, rud a thabharfadh iomlán na ndíbhinn molta maidir le 2021 go €30.0m. Bhí €2.3m sna díbhinní iomlána a íocadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020, agus íocadh iad i mí na Nollag, 2020.

Aistríodh an toradh iomlán don bhliain tar éis na díbhinne chuig an gcúlchiste.

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Stiúrthóirí agus Rúnaí an Chuideachta

An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara a cheap stiúrthóirí uile na Cuideachta.

Bhí na Stiúrthóirí seo a leanas in oifig le linn na bliana airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2021:

Bernie Gray (Cathaoirleach)	Jerry Houlihan
Julie Murphy-O'Connor	Gerard Gray
Patrick Eamon King	Eleanor O'Neill
Gerard Murphy	Kevin McCarthy

D'éirigh Jerry Houlihan as do bheith ar an mBord ar an 23 Bealtaine 2021.

Ceapadh Dominic Reilly mar Rúnaí Cuideachta ar bhonn eatramhach ón 1 Samhain 2020 agus d'éirigh sé as ar an 01 Meán Fómhair 2021. Ceapadh Deirdre Coleman mar Rúnaí na Cuideachta ar 1 Meán Fómhair 2021.

Ar an 31 Nollaig 2021 ní raibh aon sainleasa ná scaireanna sa Chuideachta ná ina fochuideachtaí ag na Stiúrthóirí ná an Rúnaí.

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Ráiteas ar fhreagrachtaí na Stiúrthóirí maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais

Tá na Stiúrthóirí freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le dlí infheidhmithe agus rialúcháin.

Éilíonn dlí cuideachtaí ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoi mar a éilíonn an dlí chinn na Stiúrthóirí ráitis airgeadais an Ghrúpa agus Cuideachta a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, “Am Caighdeán is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann” mar a cuirtear i bhfeidhm i gcomhréir le forálacha Acht na gCuideachtaí 2014.

I gcomhréir le dlí cuideachtaí, níor cheart do na Stiúrthóirí ráitis airgeadais an Ghrúpa agus Cuideachta a cheadú ach amháin sa chás go bhfuil siad sásta go dtugtar leo radharc ceart agus cothrom ar shócmhainní, ar staid airgeadais agus ar dhliteanais an Ghrúpa agus Cuideachta ag deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó chaillteanas an chuideachta don bhliain airgeadais.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ní mór do na Stiúrthóirí:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin réasúnta agus ciallmhara a dhéanamh;
- Insint ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, faoi réir ag aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin a aithint agus a mhíniú sna ráitis airgeadais;
- Measúnú a dhéanamh ar chumas an Ghrúpa agus na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, ag nochtadh, de réir mar is cuí, nithe a bhaineann le gnóthas leantach; agus
- Bunús cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil sé ar intinn acu an Grúpa nó an Cuideachta a leachtú nó scor d’oibríochtaí, nó mura bhfuil rogha réalaióch acu ach é sin a dhéanamh.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasaíochta imleor a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnta ag aon tráth sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na Cuideachta agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go n-ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir an chreata cuntasaíochta is infheidhme. agus forálacha Acht na gCuideachtaí 2014 a chomhlíonadh. Tá siad freagrach as cibé rialuithe inmheánacha a chinneann siad atá riachtanach le gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tá freagracht ghinearálta orthu as cibé bearta a ghlacadh atá ar fáil go réasúnach dóibh chun an sócmhainní an Ghrúpa agus chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as tuarascáil stiúrthóirí a ullmhú i gcomhréir leis na ceangaltais in Acht na gCuideachtaí 2014.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go léiríonn an ráiteas rialachais chorparáidigh ar leathanaigh 111 go 117 comhlíonadh an Ghrúpa le Cód Cleachtais 2016 um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus iomláine na faisnéise chorparáidigh agus airgeadais a chuimsítear ar shuíomh Gréasáin na Cuideachta. D’fhéadfadh reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann a rialaíonn ullmhú agus dáileadh ráiteas airgeadais a bheith difriúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

Admhaíonn na Stiúrthóirí an fhreagracht atá acu, i gcomhréir le hAlt 225(2) d’Acht na gCuideachtaí 2014, as a chinntiú go gcomhlíonann an Cuideachta na hoibleagáidí ábhartha dá cuid atá sonraithe san alt sin a eascraíonn as Acht na gCuideachtaí 2014 agus as reachtaíocht chánach na hÉireann (“oibleagáidí ábhartha”). D’fhonn a chinntiú go gcomhlíontar na hoibleagáidí sin rinne na Stiúrthóirí na nithe a leanas:

- D’eisigh siad ráiteas um beartas comhlíontachta lena leagtar amach beartais na Cuideachta maidir le comhlíonadh oibleagáidí ábhartha na Cuideachta.
- Chinntigh siad go bhfuil socruithe agus struchtúir iomchuí i bhfeidhm agus go bhfuil siad sásta go soláthraíonn siad

Tuarascáil na Stiúrthóirí

dearbhú réasúnta maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin ar gach slí ábhartha.

- Rinne siad na socruithe agus struchtúir reatha a athbhreithniú le linn na bliana d’fhonn a chinntiú go leanann siad le dearbhú réasúnta a sholáthar maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí sin ar gach slí ábhartha.

Rialachas Corparáideach

Tá Bord Coillte CGA tiomanta do na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach agus tá sé cuntasach dá scairshealbhóirí as na caighdeáin sin. Leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (eagrán 2016), arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, leagtar amach prionsabail an rialachais chorparáidigh atá infheidhme leis an nGrúpa. Chomhlíon Coillte CGA an Cód Cleachtais go hiomlán don tréimhse airgeadais.

Bord na Stiúrthóirí

Le linn na bliana airgeadais bhí an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach neamhfheidhmiúcháin, seisear mar Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus Stiúrthóirí amháin mar Stiúrthóirí Ionadaíoch ar na hoibríthe. Tá an Cathaoirleach agus na comhaltaí boird neamhfheidhmiúcháin (seachas an t-ionadaí ar na hoibríthe) neamhspleách ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar an mbainistíocht shinsearach. Is é an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara a cheapann na Stiúrthóirí uile don Bhord le haghaidh tréimhse nach faide ná cúig bliana airgeadais agus leagtar amach a thréimhsí oifige i scríbhinn. Is é an tAire a chinneann leibhéal an luacha saothair do Bhord na Stiúrthóirí freisin agus níl luach saothair na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin nasctha le feidhmíocht.

Buaileann an Bord le chéile go foirmeálta ar bhonn rialta. Tháinig an coiste seo le chéile dhá uair déag sa bhliain 2021. Tá sceideal ábhar aige atá forchoimeáidte go sainiúil dó le cinneadh agus tá sé sásta go bhfuil stiúradh agus rialú an Ghrúpa ina lámha féin go daingean. Déanann an Bord buiséad bliantúil agus plean airgeadais chúig bliana rollach an Ghrúpa a athbhreithniú agus a

fhaomhadh.

Faigheann an Bord na cuntais bhainistíochta is déanaí roimh gach cruinniú, le mionchomparáid idir an buiséad iarbhir agus an buiséad san áireamh sna cuntais seo. Scaiptear páipéir an Bhoird go leictreonach ar na Stiúrthóirí go leor roimh gach cruinniú chun dóthain ama a cheadú le haghaidh athbhreithniú agus breithniú roimh chruinnithe Boird agus Coiste. Bíonn conarthaí suntasacha, nach ndéantar i ngnáthchúrsa an ghnó, infheistíochtaí móra agus caiteachas caipitiúil faoi réir freisin ag faomhadh an Bhoird. Baineann gach Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin leas as breithiúnas neamhspleách maidir le gnóthaí uile a bhíonn faoi phlé ag an mBord lena n-áirítear gnóthaí a bhaineann le straitéis, le feidhmíocht, le hacmhainní agus le caighdeáin iompair.

Tá rochtain ag gach comhalta an Bhoird ar Rúnaí na Cuideachta agus ar shainchomhairleoirí gairmiúla an Ghrúpa agus na Cuideachta de réir mar is gá. Cinntítear leis sin go leantar nósanna imeachta an Bhoird agus go gcomhlíontar rialacha agus rialacháin is infheidhme. Tugadh faisnéis iomchuí do gach Stiúrthóir ar a cheapachán don Bhord.

Coinbhleachtaí leasa

Déanann baill an Bhoird nochtadh bliantúil ar aon coinbhleachtaí leasa, irbhír nó féideartha, i gcomhréir leis an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 Ina theannta sin, tá baill an Bhoird freagrach as a chur in iúl don Rúnaí Cuideachta ar bhonn leanúnach má fhaigheann siad amach go bhfuil aon athrú tagtha ar a gcúinsí féin maidir le coinbhleachtaí leasa, mar atá sonraithe sa Cód Iompair Gnó d’Fhostaithe agus do Stiúrthóirí atá ag Grúpa Coillte

Taifid Chuntasaíochta

Mar bheartas chun a chinntiú go gcomhlíontar oibleagáidí an Ghrúpa agus na Cuideachta chun taifid chuntasaíochta imleora a choimeád, úsáideann na Stiúrthóirí córais agus nósanna imeachta iomchuí agus fostaíonn siad daoine inniúla. Coinnítear na taifid chuntasaíochta ag ceannoifig an Ghrúpa ag Bóthar Bhaile Átha Cliath, Baile an Chinnéidigh, Co. Chill Mhantáin.

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tuarascáil faoi Alt 22 d'Acht na Nochtuithe Cosanta, 2014

Tá Beartas um Nochtadh Cosanta curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa ar aon dul le riachtanais an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014.

Éilítear ar an nGrúpa le halt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú a bhaineann le nochtadh cosanta a dhéantar faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. I gcomhréir leis an riachtanas sin, dearbhaíonn na Stiúrthóirí nach ndearnadh aon nochtadh cosanta le linn na bliana airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2021.

Taighde agus forbairt

Le linn na bliana airgeadais, lean an Grúpa lena chlár taighde agus forbartha maidir lena chuid gníomhaíochtaí foraoiseachta agus maidir le cur i bhfeidhm a chuid táirgí MEDITE SMARTPLY a leathnú.

Rialachán um Íocaíocht pras

Admhaíonn na Stiúrthóirí an fhreagracht atá acu as comhlíonadh fhorálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, ar an uile dhóigh ábhartha, mar a leasaíodh ag na Comhphobail Eorpacha (Íoc Déanach as Idirbhearta Tráchtála) (I.R. Uimh. 580 de 2012 ('na Rialacháin').

Cuireadh nósanna imeachta i bhfeidhm chun na dátaí a shainiú ar a mbíonn sonraisc dlí le haghaidh íocaíochta agus d'fhonn íocaíochtaí a dhéanamh faoi dhátaí dá leithéid.

Dá réir sin, tá na Stiúrthóirí sásta gur chomhlíon an Chuideachta riachtanais na Rialacháin.

Fiontair fochuideachta, comhfhiontair agus fiontair chomhlachais

Tá liosta fiontar fochuideachta, comhfhiontair agus

fiontair chomhlachais mar a bhí ar an 31 Nollaig 2021 leagtha amach i nóta 18.

Tabhartais Pholaitiúla

Ní raibh aon deonachán polaitiúil a éiligh faisnéisiú i gcomhréir leis an Acht Toghcháin, 1997.

Teagmhais ó dheireadh na bliana airgeadais

Ní raibh aon teagmhais shuntasacha ann idir dáta an chláir chomhardaithe agus an dáta a rinne an Bord na ráitis airgeadais a fhaomhadh a éileodh coigeartú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais ná aon nochtadh breise sna ráitis airgeadais.

Eolas ábhartha iniúchóireachta

Creideann na Stiúrthóirí gur ghlac siad na céimeanna riachtanacha uile chun iad féin a chur ar an eolas maidir le faisnéis iniúchóireachta ábhartha ar bith agus dheimhnigh siad go bhfuil iniúchóirí reachtúla an Ghrúpa feasach ar an bhfaisnéis sin. Sa mhéid go bhfuil na Stiúrthóirí ar an eolas, níl faisnéis iniúchóireachta ábhartha ar bith ann nach bhfuil iniúchóirí reachtúla an Ghrúpa ar an eolas fúithi.

Iniúchóirí

Tá sé curtha in iúl ag an Iniúchóir, KPMG, go bhfuil sé toilteanach fanacht in oifig.

Thar ceann an Bhoird:

Bernie Gray
Cathaoirleach

Eleanor O'Neill
Stiúrthóir

Dáta: 31 Márta 2022

Ráiteas ar Rialú Inmheánach agus Bainistíocht Riosca

Raon Freagrachta

Thar ceann Coillte CGA admhaíonn an Bord an fhreagracht atá aige chun a chinntiú go ndéantar córas rialaithe inmheánaigh a choimeád chomh maith leis an bhfreagracht fhoriomlán as bainistíocht riosca atá aige. Cinntíonn an Bord go bhfanann neamhchosaint an Ghrúpa ar riosca i gcomhréir le tabhairt faoina chuspóirí straitéiseacha agus lena sprioc níos fadtréimhsí de luach a chruthú do scairshealbhóirí. Tugtar riachtanais an Chóid Chleachtais le haghaidh Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh leis an bhfreagracht sin.

Tá an lucht bainistíochta freagrach as rioscaí suntasacha a shainiú agus a mheas is infheidhme lena réimsí gnó, mar aon le rialuithe inmheánacha oiriúnacha a chur i bhfeidhm. Déantar na rioscaí sin a mheasúnú ar bhonn leanúnach agus féadfaidh siad tarlú mar thoradh ar chlistí rialaithe, ar chur isteach ar chórais TF, ar shaincheisteanna dlí agus rialála, ar dhálaí margaidh agus ar thubaistí nádúrtha. Tuairiscíonn an lucht bainistíochta don Bhord freisin maidir le hathruithe móra ar an dtimpeallacht ghnó agus sheachtrach a théann i bhfeidhm ar riosca. Nuair a shainiúitear réimsí le haghaidh feabhsaithe sa chóras, breithníonn an Bord ar mholtaí an lucht bainistíochta agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú ar leibhéal infhulaingthe seachas chun é a dhíothú. Ní féidir, mar sin, ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a sholáthar leis an gcóras go ndéantar sócmhainní a chosaint, go n-údaraithear agus go dtaifeadtar idirbhearta go ceart agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath ar bhonn tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir leis an treoir atá sa Chód Cleachtais chun

Comhlachtaí Stáit a Rialú, i bhfeidhm i Coillte CGA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus suas go dáta fhaomhadh na ráiteas airgeadais.

Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag Coillte CGA atá comhdhéanta de thriúr atá ina gcomhaltaí neamhfheidhmiúcháin den Bhord agus Stiúrthóir Ionadaíoch ar na hoibrithe, agus is é an Cathaoirleach duine amháin acu. Bhunaigh Coillte CGA feidhm iniúchta inmheánaigh freisin dá dtugtar acmhainní imleora agus lena ndéantar clár oibre arna chomhaontú leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Oibríonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca faoi théarmaí tagartha lena sonraítear go soiléir na freagrachtaí atá aige maidir le rialuithe inmheánacha agus córais bainistíochta riosca.


Cur chuige maidir le Bainistíocht Riosca

Chuir Coillte CGA córas bainistíochta riosca i bhfeidhm lena sainiúitear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta arna nglacadh chun tabhairt fúthu agus, sa mhéid is féidir, chun iad a mhaolú. Tacaíonn creat bainistíochta riosca atá éifeachtach leis an ngnó na rioscaí agus na deiseanna seo a aithint, a mheas agus a bhainistiú. Tá forbairt déanta againn ar ár gCreat Bainistíochta Riosca ar shlí atá comtháite le gníomhaíochtaí laethúla agus luachanna an ghnó, struchtúrtha lena chinntiú go bhfuil an bainistiú riosca á dhéanamh go comhsheasmhach agus go hinchomparáide trasna an Ghrúpa agus go bhfuil sé dinimiciúil le cúiseanna riosca agus forbairt deiseanna a sholáthar ar bhonn tráthúil. Aithnímid chomh maith go bhfuil ár bpróifíl riosca ag éabhlóidiú an t-am ar fad agus dá bhrí sin athbhreithnímid ár gcreat bainistíochta riosca, ag iarraidh ionchuir ónár ngeallsealbhóirí.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach agus Bainistíocht Riosca

Creat Bainistíochta Riosca

Tá cur chuige Coillte maidir le bainistíocht riosca ina gcuimsítear measúnú straitéiseach ar an riosca ó bharr anuas agus an fonn riosca, ina gcuirtear an timpeallacht ghnó lasmuigh den chuideachta san áireamh chomh maith le haon athruithe sa mhúnla gnó i dteannta nós imeachta ó bhun aníos a dheineann riosca a aithint agus a thuairisciú ag éirí as athbhreithniú agus measúnú ar chlár riosca an aonaid ghnó. Tá glactha ag Coillte le creat bainistíochta riosca ar phrionsabal na “trí línte chosanta”. Léirítear eochairghnéithe an chreata sa tábla agus samhail thíos:



Ráiteas ar Rialú Inmheánach agus Bainistíocht Riosca

Maoirseacht

- Bord** Freagracht dheireanach maidir le bainistíocht riosca Choillte agus madir lena chinntiú go gcothaítear córas éifeachtach rialála inmheánaigh. Leagann sé síos an fonn riosca agus cinntíonn go ndéantar bainistiú ar riosca laistigh den fhonn sin.
- Coiste Iniúchóireachta agus Riosca** Freagrach as monatóireacht agus dúshlán a thabhairt ar na príomhrioscaí agus deiseanna atá roimh an nGrúpa. Faigheann sé nuashonruithe rialta ar straitéisí bainistíochta riosca, pleananna maolaithe agus gníomhaíochta.

Céad Líne Cosanta

- POF agus Feidhmeannas Oibríúcháin** Tá an lucht bainistíochta freagrach as rioscaí suntasacha a shainaithint agus a mheas mar aon le rialuithe inmheánacha oiriúnacha a chur i bhfeidhm.
- Coiste Bainistíochta Riosca** An Coiste atá freagrach as straitéis riosca a shocrú agus a chinntiú go ndéantar rioscaí agus deiseanna a bhainistiú go comhsheasmhach ar fud an Ghrúpa.

Dara Líne Cosanta

- Foireann Tosaigh Rannáin** Freagrach as rioscaí rannáin a shainaithint agus a bhainistiú, a chinntiú go bhfuil creataí bainistíochta riosca ag oibriú go héifeachtach agus go ndéantar iad a ghabháil taobh amuigh de riosca, nuair is féidir.
- Curraithe Riosca Gnó** Chun cinn maidir le bainistíocht riosca an rannáin. Freagrach as tuairisciú rialta ar riosca.

Trí Líne Cosanta

- Dearbhú agus Comhlíonadh** Cuireann Dearbhú agus Comhlíonadh dearbhú neamhspleách ar fáil trasna na timpeallachta rialaithe.

Róil agus Freagrachtaí laistigh den Chreat Bainistíochta Riosca

Bord	<ul style="list-style-type: none"> Formheasann sé straitéis an Ghrúpa bunaithe ar thuiscint ar na rioscaí agus na deiseanna atá roimh an nGrúpa Déanann sé athbhreithniú agus monatóireacht ar na príomhrioscaí atá roimh an eagraíocht Faomhann sé fonn riosca, beartas agus creat an Ghrúpa Cinntíonn sé go bhfuil bainistíocht riosca agus rialú inmheánach éifeachtach ag an nGrúpa córais i bhfeidhm Formheasann sé tarmligean údaráis
Coiste Iniúcháireachta agus Riosca	<ul style="list-style-type: none"> Creat riosca an Ghrúpa a mheas thar ceann an Bhoird Cinntíú go dtugann rioscaí léiriú cruinn ar thírdhreach riosca Athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí ardléibhéil (dúnadh, catagóirí, rátáil agus rangú) agus na bearta maolaithe atá i bhfeidhm Socraíonn sé an clár oibre um Dhearbhú agus Comhlíonadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar chórais rialaithe inmheánaigh agus bhainistíocht riosca Athbhreithnigh socruithe sceithreacht agus cód iompair na cuideachta
POF agus Feidhmeannas Oibriúcháin	<ul style="list-style-type: none"> Tiomáineann cultúr na bainistíochta riosca Creat riosca an Ghrúpa a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm atá oiriúnach do Choillte agus dá thimpeallacht ghnó A chinntíú go leithdháiltear na hacmhainní riachtanacha chun riosca a bhainistiú Údarás, freagracht agus cuntasacht a shannadh ag leibhéil chuí laistigh den eagraíocht Bainistíocht riosca a ailíniú le cuspóirí, straitéis agus cultúr an Ghrúpa Luach na bainistíochta riosca a chur in iúl don eagraíocht agus dá geallsealbhóirí Rioscaí suntasacha is infheidhme maidir leis an ngnó a shainaithint agus a mheas, mar aon le rialuithe inmheánacha oiriúnacha a chur chun feidhme
Foireann Tosaigh Rannáin	<ul style="list-style-type: none"> Rioscaí suntasacha a bhaineann leis an ngnó a shainaithint agus a mheas Cur i bhfeidhm rialuithe inmheánacha oiriúnacha agus KPIanna A chinntíú go bhfuil fostaithe ar an eolas faoin mbeartas bainistíochta riosca agus go gcothaítear cultúr inar féidir rioscaí a aithint agus a mhéadú Próisis agus nósanna imeachta doiciméad Soláthraíonn sé oiliúint ar phríomhréimsí riosca agus beartais
Príomhoifigeach Riosca	<ul style="list-style-type: none"> Feabhas leanúnach a chur ar bheartas bainistíochta riosca, straitéis agus creat tacaíochta Déanann sé cathaoirleacht ar an gCoiste Bainistíochta Riosca agus ardaíonn sé rioscaí ó na Rannáin chuig an bhFeidhmeannas Oibriúcháin, ARC/Bord Nuashonraítear an clár riosca Corparáideach agus cuireann sé comhairle ar Seaimpíní Riosca Gnó de leasuithe Éascaíonn sé athbhreithniú bliantúil ar chritéir chatagóirithe, rátála agus rangú Athbhreithníonn agus nuashonraítear Beartas Riosca agus cuireann sé beartas in iúl don fhoireann
Curraite Riosca Gnó	<ul style="list-style-type: none"> Cuir in iúl don CRO athruithe ar Chlár Riosca na Rannóige Éascú a dhéanamh ar athbhreithniú míosúil ar Chlár Riosca na Rannóige agus aon rioscaí nua a mheas Páirt a ghlacadh sa Choiste Bainistíochta Riosca Gníomhú mar ghníomhaire um athrú agus réiteach fadhbanna a bhaineann le riosca a éascú
Coiste Bainistíochta Riosca	<ul style="list-style-type: none"> Cinntíonn sé go dtugann rioscaí léiriú cruinn ar thírdhreach riosca Choillte Cinntíonn sé go ndéantar rioscaí a chatagóirí, a rangú agus a rátáil go seasta ar fud an Ghrúpa Aithníonn agus comhordaíonn oiliúint riosca Dea-chleachtais a shainaithint agus a roinnt chun riosca a bhainistiú
Dearbhú agus Comhlíonadh	<ul style="list-style-type: none"> Athbhreithníonn sé na próisis bhainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh Forbraíonn pleananna iniúchta inmheánaigh riosca-bhunaithe atá faofa ag an ARC Dearbhú neamhspleách agus oibiachtúil a sholáthar don ARC ar chúrsaí riosca Measúnú éifeachtach rialaithe bliantúil a dhéanamh, rialuithe a shainaithint, KPIanna, aon ghníomhartha breise a mholtar chun an riosca a mhaolú

Ráiteas ar Rialú Inmheánach agus Bainistíocht Riosca

Cultúr Riosca

Tá sé ríthábhachtach go bhfuil tuiscint mhaith ar riosca agus a impleachtaí, idir dearfach agus diúltach, leabaithe go domhain i gcultúr na heagraíochta. Tá sé ríthábhachtach chomh maith go gcuireann ár gcultúr an fhreagracht chun cinn maidir le rioscaí a aithint, a mheas agus a bhainistiú i réimsí uile an ghnó. Tá Ár Luachanna mar bhonnchloch ag an gcultúr riosca atá ag Coillte. Bíonn ról lárnach ag ár ndaoine i mbainistiú riosca trasna ar ár ngnó agus ar ár ngníomhaíochtaí gach lá. Ní fhéachaimid ar bhainistiú riosca mar fheidhm mhaoirseachta atá scoite amach leis féin laistigh de Choillte ach tá sí leabaithe isteach sa tslí a dhéanaimid bainistiú ar ár ngnó. Tá beartais agus nósanna imeachta cruthaithe againn a fheabhsaíonn feachtas ar riosca trasna ár nGrúpa. Spreagaimid ár ndaoine chun labhairt amach le ceisteanna a ardú agus deiseanna a aithint agus súil againn go gcaitheann an bhainistíocht le haon amhras ar shlí dáiríre agus gairmiúil.

Chun cultúr atá dírithe ar riosca a leabú tá struchtúir curtha i bhfeidhm againn maidir le rialú airgeadais, réamhaisnéis ghnó, sláinte & sábháilteacht, leas fostaithe, conraitheoirí agus banistiú geallsealbhóirí. Tá oiliúint ar siúl againn do ghníomhaíochtaí ardriosca dár bhfostaithe agus dár gconraitheoirí i ngníomhaíochtaí cosúil le cothabháil monarchan, úsáid trealamh, baint, ag obair id aonar, teistiúchán etc. Is é atá mar aidhm ag an gcur chuige seo ná rioscaí a bhainistiú ón mbonn aníos, rioscaí a aithint, deáileáil leo go héifeachtach ag an leibhéal áitiúil ar shlí a chinntíonn go mbíonn rioscaí ábhartha fógartha agus aird an Bhoird agus an Fheidhmeannais Oibriúcháin dírithe air. Déanann an Bord agus an Feidhmeannas Oibriúcháin measúnú ar riosca agus ar dheiseanna ón mbarr anuas agus tionchar féideartha ar straitéis an Ghrúpa. Mar chuid den chur chuige ón mbarr - anuas, déanann an Bord agus an Feidhmeannais Oibriúcháin athbhreithniú ar rioscaí le tionchar mór agus dóchúlacht íseal. Féachfaidh an gnó ag an bpointe sin ar na rioscaí ar bhonn tréimhsíúil lena chinntíú go bhfuil an gnó athléimneach maidir leis an tionchar féideartha.

Déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca athbhreithniú ar an gclár rioscaí mar mhír sheasmhach ar chláir na gcruinnithe. Cuireann sé seo dúshlán ar fáil don bhainistíocht feidhmiúcháin maidir le conas atá rioscaí á maolú agus leagann síos an ton idir an Bord agus an bhainistíocht i gcúrsaí bainistíochta riosca. Tá ról tábhachtach ag ár bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaigh, ag cur breis mhaoirseachta ar fáil agus tuairiscíonn sí don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca maidir le conas atá rioscaí á mbainistiú. Cuireann an próiseas anailíse agus maoirseachta seo ón mbun aníos agus ón mbarr anuas bonn leis an measúnú agus an mhonatóireacht ar rioscaí, lena n-áirítear rioscaí atá ag teacht chun cinn a aithint.

Measúnú Riosca

Coimeádann Coillte clár rioscaí ag leibhéal an Ghrúpa agus an rannáin. Déantar riosca a mheas ar shlí córasach agus comhoibríoch, ag tarrac ar shaineolas agus tuairimí na geallsealbhóirí. Déanann an Bord athbhreithniú ar rioscaí an Ghrúpa go ráithiúil.

Clár Riosca Rannán

Coimeádann gach rannán a chlár riosca féin agus déantar é a nuashonrú mar chuid de na cruinnithe míosúla rannán. Cuirtear forbairtí ábhartha agus rioscaí ag teacht chun cinn ar aghaidh go clár an Ghrúpa.

Clár Riosca Grúpa

Is comhdhlúthú é clár an Ghrúpa de na rioscaí rannáin agus na rioscaí tosaíochta agus déanann an Bord agus an ARC abhthreithniú orthu ar bhonn ráithiúil. An Bord amháin atá údaraithe riosca tosaíochta a bhaint den chlár Grúpa.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach agus Bainistíocht Riosca

Féachann próiseas an measúnaithe riosca chun cinn agus úsáideann sé an fhaisnéis is fearr atá ar fáil ag an am chun rioscaí a aithint, a mheas agus chun gníomhaíochtaí maolaitheacha a fhorbairt. Is iad na príomhchéimeanna sa mheasúnú riosca ná:

- Aithint riosca,
- Anailís riosca,
- Meastóireacht riosca,
- Maolú riosca agus
- Monatóireacht agus athbhreithniú.



Ráiteas ar Rialú Inmheánach agus Bainistíocht Riosca

Aithint Riosca

An cuspóir atá ag aithint riosca ná rioscaí agus deiseanna a aimsiú, a aithint agus a thuairisciú agus mar a d'fhéadfadh siad cabhrú, nó a mhalairt, le Coillte a chuspóirí a chur i gcrích. Braitheann Coillte ar a chuid daoine ar fad chun rioscaí a aithint ach tacaíonn sé leis an aithint seo trí:

- Ceardlanna leis an mBord mar chuid den Athbhreithniú Bliantúil Straitéise;
- Measúnú Riosca Náisiúnta na hÉireann;
- Tuarascáil Bhliantúil 'Rioscaí Domhanda' ón bhFóram Eacnamaíoch Domhanda;
- Páirtíocht le cuideachtaí comhchéime.

Anailís Riosca

Is í an chúis atá leis an gcéim aithint riosca ná an riosca iarmharach, nó deis iarmharach, a mheas faoi na ceannteidil seo:

- éifeachtúlacht rialaithe atá ann cheana;
- dealraitheacht imeachtaí agus iarmhairtí leis an rialú i bhfeidhm;
- nádúr agus méid na n-iarmhairtí le rialuithe i bhfeidhm,.

Meastóireacht Riosca

An aidhm atá leis an gcéim mheastóireachta riosca ná tacú eis an ngnó na háiteanna a bhfuil gníomh de dhíth a aithint. Toradh a d'fhéadfadh a bheith air seo ná:

- gan faic eile a dhéanamh;
- roghanna cóireála riosca a chur faoi chaibidil;
- tabhairt faoi a thuilleadh anailíse chun tuiscint níos fearr d'fháil ar an riosca;
- rialú atá ann cheana a chothú;
- cuspóirí a athbhreithniú.

Maolú Riosca

Is é a bhíonn i gceist leis an maolú riosca is ioriúnaí a roghnú ná cothromú a dhéanamh idir leas féideartha a eascraíonn as cur i gcrích cuspóirí agus in aghaidh an chostais, an iarrachta nó míbhuntáistí an an fheidhmithe. Aithnítear ar na roghanna cóireála na nithe seo a leanas:

- an riosca a sheachaint trí chinneadh a dhéanamh gan tosnú nó leanúint ar aghaidh le gníomhaíocht lena n-ardaítear an riosca;
- glacadh leis an riosca nó le breis riosca chun deis a thapú,;
- foinse an riosca a thógaint as;
- an dealraitheacht riosca a athrú;
- na hiamhairtí a athrú;
- an riosca a roinnt (e.g. trí chonarthaí, árachas a cheannach);
- glacadh eis an riosca mar chinneadh feasach.

Monatóireacht agus Athbhreithniú

Tá doiciméadú déanta ar na rioscaí sna cláir rioscaí rannán agus ar chlár an Ghrúpa arna nuashonrú agus athbhreithniú mar pháirt de na cruinnithe míosúla rannán agus Grúpa.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach agus Bainistíocht Riosca

Rioscaí atá ag teacht chun cinn

Cuireann an creat bainistíochta riosca ar chumas an Ghrúpa aithint, anailís, agus bainistiú a dhéanamh ar rioscaí atá ag teacht chun cinn chun cabhrú le neamhchosaintí a fháil amach chomh luath agus is feidir. Déantar é seo a bhainistiú mar chuid de phróiseas a aithníonn na príomh-rioscaí. Déantar monatóireacht agus athbhreithniú ar rioscaí atá ag teacht chun cinn i bpáirtíocht le príomh-rioscaí. I measc na bpríomhrioscaí atá ag teacht chun cinn tá dúshlán slabhra an tsoláthair, a d'fhéadfadh teorainn a chur le rochtain an Ghrúpa ar ábhair agus páirteanna spártha trealaimh agus cur isteach ar sholáthairtí do chustaiméirí agus rochtain ar thalamh lom, rud a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar chumas an Ghrúpa spriocanna coillteoireachta a bhaint amach.

Príomh-Rioscaí

Rianaítear na príomhrioscaí agus leagtar amach thíos deiseanna a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar chuspóirí straitéiseacha an Ghrúpa, mar aon le léiriú ar an gcuspóir straitéiseach lena mbaineann siad, na príomh-mhaoluithe, forbairtí maidir leis an riosca i rith na bliana 2021 agus réimsí fócais le haghaidh 2022.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach agus Bainistíocht Riosca

Straitéiseach

Rialúchán Foraoiseachta	
Tuairisc ar an Riosca	Tá príomh-ghníomhaíochtaí foraoiseachta (athphlandáil, baint agus bóithriú) Choillte faoi réir ag ceadúnas faoin Acht Foraoiseachta 2014.
Tionchar	Tionchar rialchán ar shreabhadh na gceadúnas leagain agus ceadanna bóthair. D'fhéadfadh aon chur isteach ar an bproiséas ceadúnaithe cur isteach ar sholáthar adhmaid agus mian Choillte cur leis an bhforaoisiú.
Maolú	Tá próiseas soláthair adhmaid curtha in áit ag an nGrúpa a úsáideann córas inmheánach Measúnú Riosca Comhshaoil(ERA) a dhearbhaíonn go gcruthaíonn Coillte feidhmchláir ardchaighdeáin a shásaíonn riachtanais reachtúla.
Forbairtí 2021 & Réimsí Fócais 2022	Leanfaidh an Grúpa de bheith i dteagmháil leis an Roinn maidir le ceadúnú agus monatóireacht réamhghníomhach a dhéanamh ar fhorbairtí rialála thar 2022. Leanann Coillte ag forbairt agus ag feabhsú a chórais ERA chun pleanáil foraoise a fheabhsú bunaithe ar an eolaíocht agus an rialáil is déanaí.
Margadh agus Rialáil an Fhuinnimh In-Athnuaite	
Tuairisc ar an Riosca	Tá sócmhainní suntasacha fuinnimh in-athnuaite á bhforbairt ag an nGrúpa ar thailte Coillte atá faoi réir ag dlíthe agus rialacháin éagsúla ó phleanáil go torann mar aon le meicníochtaí margaidh éagsúla d'earnáil an fhuinnimh.
Tionchar	Is féidir le hathruithe do mhargadh an fhuinnimh agus na rialacháin a ghabhann leis tionchar díreach a bheith acu ar inmharthanacht airgeadais FuturEnergy Ireland agus ár dtionscadail agus tionscadail treaspháirtithe ar thailte Coillte. Toradh a d'fhéadfadh a bheith air seo ná an sócmhainn a lagú agus/nó brabúsacht a laghdú.
Maolú	Tá acmhainní tiomnaithe ag an nGrúpa, tríd a chomhfhiontar, FuturEnergy Ireland, a dhíríonn ar athruithe rialachán san earnáil seo a thuiscint agus a chinntíonn go gcuireann ár dtionscadail na rialacháin seo san áireamh.
Forbairtí 2021 & Réimsí Fócais 2022	Leanfaidh an Grúpa ar aghaidh ag déanamh monatóireachta réamhghníomhach ar fhorbairtí rialála, polaitiúla agus eacnamaíocha agus ag dul i ngleic leo le linn 2022.



Aeráid



Adhmad



Dúlra



Daoine



Ráiteas ar Rialú Inmheánach agus Bainistíocht Riosca

Straitéiseach

Bainistíocht Geallsealbhóirí

Tuairisc ar an Riosca	Is príomhfhachtóir ratha é dearcadh ár ngeallsealbhóirí maidir le seachadadh ár straitéis.
Tionchar	Ní féidir leis an gCuideachta straitéis an Ghrúpa a sheachadadh ná infheistíochtaí straitéiseacha a chur i gcrích gan tacaíocht ó pháirtithe leasmhara. D'fhéadfadh tionchar a bheith aige seo ar inmhathnach fhadtéarmach an Ghrúpa.
Maolú	Tá bealaí oscailte cumarsáide ag an nGrúpa le príomhpháirtithe leasmhara.
Forbairtí 2021 & Réimsí Fócais 2022	Tá infheistíocht tosaithe ag an nGrúpa ina chumarsáid agus méadóidh sé an leibhéal comhairliúcháin le geallsealbhóirí.



Infheistíocht Chaipitil

Tuairisc ar an Riosca	Braitheann straitéis an Ghrúpa ar roinnt mór-thionscadail caipitiúla a chur i gcrích go rathúil.
Tionchar	Baineann costais suntasacha le mór-thionscadail chaipitiúla agus má tharlaíonn moilleanna iad a chur i gcrích d'fhéadfadh costais níos mó, brabach níos lú agus muinín scairshealbhóirí bheith mar thoradh.
Maolú	Déanann an Coiste Infheistíochta agus acmhainní saincheaptha bainistiú ar thionscadail chaipitiúla ar mhórsála.
Forbairtí 2021 & Réimsí Fócais 2022	Tá roinnt tionscadal caipitil ag an nGrúpa atá gníomhach faoi láthair agus atá faoi mhonatóireacht agus á n-athbhreithniú ag coistí rialachais bhunaithe. Leanfaidh na tionscadail seo ar aghaidh i 2022.



Ráiteas ar Rialú Inmheánach agus Bainistíocht Riosca

Cúrsaí Airgeadais

Luaineacht an Mhargaidh agus Meathlú Eacnamaíoch

Tuairisc ar an Riosca	Tá Coillte cleithiúnach ar thráchtearraí in earnail na tógála atá timthriallach agus faoi thionchar go mó [®] ag margaí domhanda agus náisiúnta.
Tionchar	Is féidir laghdú ioncaim a bheith mar thoradh air sin ag brath ar dhéine na timthriallach. Ag cur cé chomh suntasach is atá oibríochtaí an Ghrúpa san áireamh, gur mó na costais a leanfadh fálú in aghaidh rioscaí ó neamhchosaint ar phraghsanna tráchtearraí ná aon leasanna a thiofadh as an gcostas sin.
Maolú	Fillfidh na Stiúrthóirí ar oiriúnacht na bpolasaí um fhálú seo má thagann aon athrú i méid nó nádúr oibríochtaí an Ghrúpa.
Forbairtí 2021 & Réimsí Fócais 2022	I rith 2022 mar chuid dá straitéis díreoidh an Grúpa ar úsáid adhmaid a úsáidtear i dtógáil a mhéadú agus táirgí ar luach níos airde a fhorbairt nach bhfuil chomh nocht do mhargaí timthriallacha tráchtearraí.



Díospóidí Dlí

Tuairisc ar an Riosca	Tá an Grúpa páirteach i roinnt díospóidí dlí atá ag dul ar aghaidh faoi láthair.
Tionchar	Más toradh neamh-fhábharach a thiofadh ar na díospóidí seo d'fhéadfadh cailteanas airgeadais iad a leanúint chomh maith le dochar do chlú an Ghrúpa.
Maolú	Tá dóthain soláthair ullamh ag an nGrúpa agus próiseas rannpháirtíochta atá gníomhach.
Forbairtí 2021 & Réimsí Fócais 2022	Leanann an Grúpa do bheith gníomhach agus déanfaidh a dhícheall díospóidí a réiteach.



Paindéim Dhomhanda

Tuairisc ar an Riosca	Is féidir le paindéim dhomhanda cur isteach go mór ar an slí go bhfedhmíonn ár ngeilleagair agus ár sochaí.
Tionchar	Bhí tionchar tromchúiseach ag Covid-19 ar an slí go n-oibrímid agus go dtugaimid faoinár ngnó.
Maolú	Tá Coiste Stiúrtha Covid-19 ag an nGrúpa a dhéanann bainistiú ar gach cumarsáid le fostaithe agus le conraitheoirí maidir le tionchar na srianta ar an slí go n-oibrímid agus ar na himplachtaí sláinte & sábháilteachta.
Forbairtí 2021 & Réimsí Fócais 2022	Le linn 2021 leanadh le tionchar Covid 19 ar an ngnó a mhaolú trí thástáil ar an láthair agus oibriú ón mbaile. Beidh sé mar fhócas ag an nGrúpa i rith 2022 a chinntiú go gcomhlíontar treoirlínte Covid chun leanúnachas oibríochtaí a chumasú.



Ráiteas ar Rialú Inmheánach agus Bainistíocht Riosca

Oibríochtúil

Tionchar Athrú Aeráide ar an Sócmhainn Foraoise	
Tuairisc ar an Riosca	Is féidir le hathrú aeráide tionchar díreach a bheith aige ar fhoraoisí Choillte trí rioscaí mar lotnaidí, galair, tine, triomach agus stoirmeacha.
Tionchar	Is é an toradh a bhíonn ar imeacht suntasach sa réimse seo ná cailteanas díreach eacnamaíoch trí bhrabús oibriúcháin laghdaithe agus luach laghdaithe sócmhainní foraoise. Tá costais bhreise le sárú ag an nGrúpa freisin maidir le costais glantacháin nó coiscithe. Cuireann sé brú ar an eagraíocht freisin.
Maolú	Tá Bainisteoir Riosca Eastát Náisiúnta tiomnaithe i bhfeidhm ag an nGrúpa a chinntíonn go bhfuil Plean Bainistíochta Ráigín Riosca Bitheolaíoch forbartha agus á athbhreithniú go bliantúil, Plean Teagmhais Stoirm Ghaoithe i bhfeidhm agus go bhfuil Pleananna Dóiteáin i bhfeidhm do gach Aonad Réimse Gnó (BAUanna). Tá Plean Feabhsaithe Bainistíochta Dóiteáin i bhfeidhm chomh maith agus clár oiliúna.
Forbairtí 2021 & Réimsí Fócais 2022	Sa bhliain 2021, mhéadaigh an Grúpa a fhócas ar riosca Bitheacha agus tá sé rannpháirteach i dtionscadal taighde na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara um Chosaint Foraoisí Athléimneach.
Lucht saothair a mhealladh go dtí an Tionscail	
Tuairisc ar an Riosca	Neamhábaltacht daoine a mhealladh chun obair sa tionscal agus sa ghnó.
Tionchar	Riosca maidir le cur i gcrích rathúil na Straitéise Grúpa agus fás fadtéarmach an tionscail. D'fhéadfadh brú aníos ar chostais a bheith mar thoradh air.
Maolú	Tá straitéis daoine an Ghrúpa ilghnéitheach agus cuimsíonn sí úsáid sainghníomhaireachtaí earcaíochta chun baill foirne a bhfuil saineolas acu a mhealladh agus trí rannpháirtíocht le hInstitiúidí Oideachais Tríú Leibhéal tá sé mar aidhm aici céimithe foraoiseachta ar ardchaighdeán a mhealladh.
Forbairtí 2021 & Réimsí Fócais 2022	Earcaíodh roinnt ball foirne nua le linn 2021. Leanfaidh an Grúpa ag díriú ar an réimse seo le linn 2022.



Ráiteas ar Rialú Inmheánach agus Bainistíocht Riosca


Oibríochtúil

Sláinte agus Sábháilteacht	
Tuairisc ar an Riosca	Is earnálacha na foraoiseachta agus painéal chomh maith le tionscail tógála fheirmeacha gaoithe ina bhfuil rioscaí bunúsacha agus ina bhfuil rioscaí sláinte agus sábháilteachta chun cinn iontu.
Tionchar	D'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith ag teagmhas tromchúiseach sláinte agus sábháilteachta ar leas ár bhfostaithe, ár gconraitheoirí nó ár gcomhpháirtithe. D'fhéadfadh tionchar a bheith aige freisin ar fheidhmíocht oibriúcháin agus airgeadais an Ghrúpa, chomh maith le cáil an Ghrúpa.
Maolú	Tá coistí sláinte agus sábháilteachta i bhfeidhm i ngach cuid den Ghrúpa atá freagrach as:- reachtaíocht agus treoirlínte sábháilteachta a chur i bhfeidhm; cur i bhfeidhm córas sábháilte oibre; tuairisciú agus imscrúdú sábháilteachta; pleanáil feabhsaithe sábháilteachta; oilíúint chuí do gach fostaí agus conraitheoir; agus Iníúchtaí sábháilteachta inmheánacha. Sa tuairisciú a cuirtear faoi bhráid an Bhoird áirítear athbhreithniúcháin ráithiúla ar an dul chun cinn i gcomhthéacs phleananna sábháilteachta chomh maith le Fóram a tharlaíonn dhá uair sa bhliain lena n-éascaítear nithe atá foghlamtha a roinnt agus ionchuir ó shaineolaithe seachtracha ar thopaicí sonracha.
Forbairtí 2021 & Réimsí Fócais 2022	Déanann an coiste sláinte agus sábháilteachta plean feabhsúcháin bliantúil a fhorbairt agus déanann Bord Choillte athbhreithniú air.
Bainistíocht Talainn agus Pleanáil Comharbais	
Tuairisc ar an Riosca	Tá an cumas tallann a choinneáil agus a fhorbairt rithábachtach do rath an Ghrúpa.
Tionchar	Cuirfidh droch-phróiseas bainistíochta tallainne agus pleanála comharbais teorainn lenár gcumas an straitéis a chur i gcrích.
Maolú	Tá roinnt gníomhaíochtaí i bhfeidhm ag an nGrúpa ó fhorbairt tallann inmheánach mar chuid de phróiseas bainistíochta feidhmíochta agus straitéisí rannpháirtíochta agus folláine fostaithe chun ár ndaoine a choinneáil agus a fhorbairt.
Forbairtí 2021 & Réimsí Fócais 2022	I rith 2021, cuireadh fóram Foghlama agus Forbartha agus tairseach foghlama ar líne i bhfeidhm agus seoladh clár meantóireachta dhá bhealach.





Ráiteas ar Rialú Inmheánach agus Bainistíocht Riosca

Oibríochtúil



Teip Eochairthrealaimh	
Tuairisc ar an Riosca	Eochairthrealamh ag teip..
Tionchar	D'fhéadfadh teip eochairthrealaimh srianadh suntasach a chur ar acmhainneacht nó ina chúis le stopanna monarcha. 
Maolú	Déantar monatóireacht ar threalamh atá ag dul in aois trí Córas Bainistíochta Cothabhála atá struchtúrtha agus lárnaithe. Déantar athbhreithniú agus forfheidhmiú ar phleananna bliantúla caiteachais chaipitil.
Forbartí 2021 & Réimsí Fócais 2022	I rith 2021, seoladh tionscadail infheistíochta maidir le córas nua coire agus uasghrádú trealamh.

Aistriú maidir leis an Athrú Aeráide

Tuairisc ar an Riosca	Beidh athrú ar ár múnla gnó ag teastáil de thoradh spriocanna aeráide an AE agus náisiúnta.
Tionchar	D'fhéadfadh rialacháin nua, cánacha carbóin agus úsáid teicneolaíochta nua a bheith mar thoradh ar an aistriú go geilleagar náidcharbóin agus atá dírithe ar bhithéagsúlacht.  
Maolú	Monatóireacht ar spriocanna AE agus náisiúnta. Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí náisiúnta aeráide a fhorbairt don fhoraoiseacht.
Forbartí 2021 & Réimsí Fócais 2022	I rith 2021, d'fhorbair an Grúpa straitéis nua um úsáid talún chun aghaidh a thabhairt ar roinnt de na dúshláin agus de na deiseanna sín. Cruthaíodh foireann inbhuanaitheachta nua freisin a fhorbróidh spriocanna aeráide agus tuairisciú.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach agus Bainistíocht Riosca

Oibríochtúil

Cibearshlándaíl	
Tuairisc ar an Riosca	Insíothlú Cibearshlándaíla agus Sceitheadh Sonraí.
Tionchar	Briseadh sínte leathnaithe féideartha na teicneolaíochta agus na gcóras criticiúil ó chibearionsaithe nó cailteanas airgeadais mar thoradh ar chleachtadh fioscaireachta rathúil.  
Maolú	Leanann an Grúpa ag feabhsú agus ag infheistiú i bpróiseas agus i seirbhísí slándála faisnéise a mhéadaíonn arís ar gcosaint ar insíothlú córais TF.
Forbartí 2021 & Réimsí Fócais 2022	Cuireadh clár fioscaireachta agus feasachta cibearshlándaíla ar fáil do gach ball foirne le linn 2021. Leanfaidh an Grúpa ar aghaidh in 2022 ag feabhsú agus ag infheistiú i bpróiseas agus i seirbhísí slándála faisnéise.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach agus Bainistíocht Riosca

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun próisis rialaithe a mhonatóiriú agus cuirtear easnaimh sa rialú in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is ábhartha, ar bhonn trathúil. Dearbhaímid go bhfuil na córais monatóireachta leanúnaí a leanas i bhfeidhm:

- príomhríoscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh arna sainithint a thuairisciú,
- socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal dá bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus tá tuarascálacha airgeadais ann lena léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

Soláthar

Dearbhaíonn an Bord go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag Coillte CGA chun comhlíonadh rialacha agus treoirlínte reatha um sholáthar a éascú agus, le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2021, gur chomhlíon Coillte CGA na nósanna imeachta sin.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Dearbhaíonn an Bord go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag Coillte CGA chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca dá chuid. Déantar monatóireacht agus athbhreithniú Choillte CGA ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh a threorú ag obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, ag obair an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus ag an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh de Choillte CGA atá freagrach as an gcreat um rialú airgeadais inmheánach a fhorbairt agus a chothabháil.

Ceisteanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor sainithníodh aon laigí sa rialú inmheánach le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2021 óna dteastaíonn nochtadh sna ráitis airgeadais.

Bernie Gray

Eleanor O'Neill

Cathaoirleach

Stiúrthóir

Dáta: 31 Márta 2022

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó na Comhaltaí Boird

Rialachas

Bunaíodh Bord Choillte CGA faoin Acht Foraoiseachta, 1988. Tá an Bord freagrach don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus feidhmíonn sé an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus as cinntiú straitéiseacha a dhéanamh maidir le príomhshaincheisteanna gnó uile. Is é an Príomhoifigeach Feidhmíocháin (POF) agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí atá freagrach as bainistíocht laethúil, rialú agus stiúradh rialta Choillte CGA. Leanann an POF agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí an treoir straitéiseach leathan arna leagan síos ag an mBord, agus cinntíonn siad go mbíonn tuiscint shoiléir ag na comhaltaí Boird uile ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an nGrúpa, agus ar aon rioscaí suntasacha ar dhócha go dtarlóidh siad. Gníomhaíonn an POF mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta Choillte CGA.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá gnóthaí atá forchoimeáda do chinntiú an Bhoird leagtha amach i gClár an Údarais Tharmilgthe lena n-áirítear an méid a leanas:

- Éadálacha agus diúscairt réadmhaoiné agus sócmhainní talún Choillte nó na bhfochuideachtaí dá chuid dar luach €2,000,000 nó níos mó a fhaomhadh;
- Infheistíochtaí agus caiteachas tionscadail caipitiúil níos mó ná €3,000,000;
- diúscairt sócmhainní (seachas réadmhaoin) a cheadú do cheannaitheoir aonair ar luach €2,000,000 nó níos mó;
- Leibhéal an údarais tharmilgthe, beartais ciste agus beartais bainistíochta riosca a fhaomhadh;
- Téarmaí conarthaí móra dar luach níos mó ná €1,500,000 agus níos faide ná 3 bliana ina dtréimhse a fhaomhadh;
- Caiteachas lasmuigh de ghnáthchúrsa an ghnó atá níos mó ná €500,000 a fhaomhadh;
- Beartas maidir le cinneadh um luach saothair an lucht bainistíochta sinsearaí a fhaomhadh;

- An POF a cheapadh, luach saothair a chinneadh ina leith agus a f(h)eidhmíocht a mheasúnú agus pleanáil comharbais a dhéanamh ina leith;
- Comhaontuithe pá an Aontais is faide ná 3 bliana a fhorpheas agus costas méadaithe ar mó a luach ná €1,500,000 ar feadh ré an chomhaontaithe;
- Buiséid bhliantúla agus pleananna corparáideacha a fhaomhadh;
- Beartas um dhíbhinní a fhaomhadh;
- Díolacháin sócmhainní le Stiúrthóirí nó lena dteaghligh nó daoine a bhfuil ceangal acu leo;
- Gnóthaí forchoimeáda uile na scairshealbhóirí a fhaomhadh roimh ré;
- Saoráidí iasachta uile a fhaomhadh;
- Sínitheoirí údairithe uile Shéala na Cuideachta a fhaomhadh; agus
- Treoirlínte rialachais chorparáidigh uile a fhaomhadh

Áirítear le míreanna seasta a bhreithníonn an Bord ag gach cruinniú:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta agus
- tuarascálacha feidhmíochta.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád a thaispeánann le cruinneas réasúnta ag aon am seasamh airgeadais an Bhoird agus a chinntíonn go bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir le hAltanna 281 - 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Tá an Bord freagrach as ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar láithreán gréasáin Choillte CGA agus as an bhfaisnéis sin a chothabháil.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus as an mbuiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht Choillte CGA trí thagairt do phlean bliantúil agus do bhuiséad bliantúil 2021 i mí na Nollag 2021.

Tá an Bord freagrach freisin as na sócmhainní dá chuid a chosaint agus de bharr sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh le haghaidh calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó na Comhaltaí Boird

Measann an Bord go dtugtar léargas fírinneach cóir le ráitis airgeadais Choillte CGA ar fheidhmíocht airgeadais Choillte CGA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus ar a fheidhmíocht airgeadais amhail an dáta sin.

Struchtúr an Bhoird

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus seisear ar gnáthchomhaltaí iad agus ceapann an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara gach duine acu. Ceapadh comhaltaí an Bhoird le haghaidh thréimhse chúig bliana, mura bhfuil a mhalairt luaite, agus tagann siad le chéile ar bhonn rialta. Tugann an tábla thíos dátaí ceaptha na mball reatha:

Comhalta Boird	Ról	Dáta Ceaptha
Bernie Gray	Cathaoirleach	13 Márta 2019
Julie Murphy-O'Connor	Gnáthbhall	24 Meitheamh 2018 (athcheaptha)
Gerard Gray	Gnáthbhall	26 Feabhra 2018
Patrick Eamon King	Gnáthbhall	26 Feabhra 2018
Eleanor O'Neill	Gnáthbhall	24 Iúil 2019
Gerard Murphy	Gnáthbhall	13 Nollaig 2019
Kevin McCarthy	Stiúrthóir Ionadaíoch ar na hOibrithe	19 Bealtaine 2020
Frank Hayes	Gnáthbhall	21 Eanáir 2022
Imelda Hurley (POF)	Gnáthbhall	24 Eanáir 2022

Déanann an Bord a dhícheall i gcónaí chun a éifeachtúlacht a fheabhsú. Déantar é seo ar bhonn neamhfhoirmiúil, leanúnach trí phlé i measc chomhaltaí an Bhoird agus aiseolas a thabhairt don Chathaoirleach. Déanann an Bord meastóireacht bhliantúil ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht a Choistí. Tugann an mheastóireacht dearbhú go bhfuil an Bord tiomanta do na caighdeáin rialachais is airde. Is é an Cathaoirleach a stiúran an mheastóireacht agus tugann Rúnaí na Cuideachta tacaíocht dó. Ina theannta sin, déantar meastóireacht sheachtrach ar éifeachtacht an Bhoird gach trí bliana, agus déantar meastóireacht a éascaítear go neamhspleách go déanach sa bhliain 2021/go luath in 2022. Ba é cuspóir na meastóireachta seachtraí ná athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Bhoird ina iomláine agus aon réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú a aithint. Dheimhnigh an mheastóireacht sheachtrach go bhfuil an Bord ag feidhmiú go héifeachtach.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó na Comhaltaí Boird

Bhí trí choiste de chuid an Bhoird ann le linn 2021, mar a leanas:

Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Baill le linn 2021: Gerard Gray (Cathaoirleach), Eleanor O'Neill, Gerard Murphy agus Kevin McCarthy.

Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca comhdhéanta de Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus an Stiúrthóir Ionadaíoch ar na hOibrithe agus oibríonn sé faoi théarmaí tagartha foirmiúla. Tháinig an coiste seo le chéile ceithre huair sa bhliain 2021. Is e ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena chuid freagrachtaí as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go sainiúil, cinntíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta inmheánaigh. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ar bhonn foirmiúil don Bhord tar éis gach cruinnithe.

Is féidir leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar ar bith a bhaineann le gnóthaí airgeadais an Ghrúpa, go háirithe, na ráitis airgeadais bhliantúla, an creat rialaithe inmheánaigh, an fheidhm um Dhearbhú agus Comhlíontacht (agus iniúchadh inmheánach), tuarascálacha na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus athruithe a mholtar ar bheartais chuntasaíochta. De ghnáth tugtar cuireadh don Phríomhfheidhmeannach, don Phríomhoifigeach Airgeadais, don Stiúrthóir um Dhearbhú agus do Chomhlíonadh agus do bhainisteoirí sinsearach eile freastal ar na cruinnithe seo de réir mar is cuí. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca freagrach as na hiniúchóirí seachtracha a cheapadh (lena n-áirítear táillí iniúchóireachta a aontú) agus cuireann moladh faoi bhráid an Bhoird maidir leis seo. Buaileann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca leis na hiniúchóirí seachtracha chun an t-iniúchadh bliantúil a phleanáil agus na torthaí ina dhiaidh sin a athbhreithniú. Buaileann na hiniúchóirí seachtracha leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ar bhonn príobháideach freisin. Tuairiscíonn an Stiúrthóir um

Dhearbhú agus Comhlíontacht go díreach go dtí an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus is é an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca atá freagrach as an bplean iniúchóireachta inmheánaigh a fhaomhadh.

Buaileann an Stiúrthóir um Dhearbhú agus Comhlíontacht leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ar bhonn príobháideach chomh maith.

Bunaíodh creat chun riosca a shainaithint go foirmiúil agus chun éifeachtacht na rialuithe inmheánacha a mheasúnú. Tríd an bhfeidhm um Dhearbhú agus Comhlíontacht déantar monatóireacht ar chórais rialaithe an Ghrúpa trí thuarascálacha airgeadais a scrúdú, trí chruinneas an tuairiscithe ar idirbhearta a thástáil agus trí dhearbú a fháil ar shlí eile go bhfuil na córais ag oibriú i gcomhréir le cuspóirí an Ghrúpa. Déantar measúnú freisin ar fhreagairt an lucht bainistíochta ar rioscaí suntasacha arna sainaitheint agus ar na nósanna imeachta tuairiscithe dá gcuid.

Coiste Luacha Saothair

Is é ról an Choiste Luacha Saothair comhairle a thabhairt don Bhord maidir le beartas i dtaca le luach saothair feidhmiúcháin laistigh den Ghrúpa agus chun treoir agus comhairle a sholáthar don POF maidir le cur i bhfeidhm bheartas an Bhoird de réir mar a chuirtear i bhfeidhm é maidir leis an lucht bainistíochta sinsearaí.

Ba iad baill an Choiste le linn 2021 ná Julie Murphy-O'Connor (Cathaoirleach), Bernie Gray agus Patrick Eamon King. Tháinig an coiste seo le chéile cúig uair sa bhliain 2021.

Coiste Infheistíochta

Sa ról atá ag an gCoiste Infheistíochta tá comhairle a chur ar fáil don Bhord maidir le stádas na dtionscadal straitéiseacha arbh ann dóibh cheana trasna an Ghrúpa i gcomhthéacs chlochmhíle na dtionscadal, chun moltaí a dhéanamh agus comhairle a thabhairt ar mhórthionscadail nua agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar mheasúnú riosca gach Tionscadal Straitéiseach acu.

B'iad baill an Choiste le linn 2021 Patrick Eamon King (Chair), Gerard Gray, Gerard Murphy agus Jerry Houlihan (d'éirigh as 23 Bealtaine 2021). Tháinig an coiste seo le chéile sé uaire sa bhliain 2021.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó na Comhaltaí Boird

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe an Bhoird leagtha amach thíos, mar aon le táillí agus costais faighte ag gach ball:

	I láthair ag Cruinnithe Boird (12 reachtáilte)	Táillí €'000	Tuarastal: €'000	Ranníocaíocht Pinsean €'000	Sochair Incháinithe €'000	2021 Iomlán €'000	2020 Iomlán' €'000
Stiúrthóirí							
Bernie Gray	11/12	22	-	-	-	22	17
Julie Murphy -O'Connor ²	12/12	-	-	-	-	-	-
Jerry Houlihan ³	5/5	-	-	-	-	-	10
Gerard Gray	12/12	13	-	-	-	13	10
Patrick Eamon King	12/12	13	-	-	-	13	10
Eleanor O'Neill	11/12	13	-	-	-	13	10
Gerard Murphy	12/12	13	-	-	-	13	10
Kevin McCarthy	12/12	13	66	9	-	88	71
		87	66	9	-	162	138
Príomhfheidhmeannach							
Imelda Hurley ⁴		-	224	56	24	304	300
		87	290	65	24	466	438

¹ Léiríonn táillí Boird maidir le 2020 laghdú deonach de 20%.

² Rinne Ms. Murphy-O'Connor a táillí ar fad do 2021 agus 2020 a tharscaoileadh.

³ D'éirigh Jerry Houlihan as do bheith ar an mBord ar an 23 Bealtaine 2021.

⁴ Ceapadh Ms. Hurley ar an mBord ar an 24 Eanáir 2022.

Mór-Athruithe Foirne Bainistíochta

D'éirigh Gerard Britchfield as do bheith ina Phríomhoifigeach Airgeadais ar an 31 Bealtaine 2021. Ceapadh Dominic Reilly ina Phríomhoifigeach Airgeadais ar an 01 Meitheamh 2021.

D'éirigh Tara Flynn as do bheith ina Stiúrthóir Grúpa AD ar an 14 Iúil 2021. Ceapadh Ruth D'Alton ina Stiúrthóir Grúpa AD ar an 20 Meán Fómhair 2021.

D'éirigh Peter Lynch as Coillte CGA i mí na Samhna 2021 chun glacadh lena ról mar POF de FuturEnergy Ireland Development DAC ar an 26 Samhain 2021.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó na Comhaltaí Boird

Nochtadh riachtanach i gcomhréir le Cód Cleachtas do Rialachas na gComhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann Coillte CGA ceanglais uile an Cód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("An Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Déantar an nochtadh seo a leanas i gcomhréir leis an gCód:

Sochair Ghearrthréimhseacha Fostaithe

Déantar sochair ghearrthréimhseacha fostaithe atá os cionn €50,000 sna bandaí seo a leanas:

Raon	Líon Fostaithe	
	Ó	Go
	2021	2020
€50,000	283	279
€75,000	160	139
€100,000	55	33
€125,000	8	7
>€150,000	5	7

Nóta:

Chun críocha an nochtadh seo áirítear tuarastal, líontais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar ar son an fhostaí le sochair ghearrthréimhseacha fostaithe maidir le seirbhísí i gcúiteamh comhair le linn na tréimhse tuairiscithe, ach níl ÁSPC fostóra san áireamh leo. Déantar luach saothair do phríomhphearsanra bainistíochta, eadhon na daoine sin a bhfuil an t-údarás agus an fhreagracht acu as pleanáil, stiúradh agus rialú ghníomhaíochtaí an Ghrúpa, a nochtadh go leithleach i Nóta 8 agus níl sé san áireamh thuas.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó na Comhaltaí Boird

Costais Chomhairleachta

Áirítear comhairle sheachtrach sna costais chomhairleachta nuair a chuidíonn sí leis an mbainistíocht i gcúrsaí cinnteoireachta agus polasaí agus ní háirítear feidhmeanna seachfhoinsithe i gcomhthéacs gnó-mar-is-gnáth.

	2021 €'000	2020 €'000
Comhairle dlí	617	363
Comhairle Airgeadais/Achtúireach	175	283
Margaíocht	1,552	557
Acmhainní Daonna	17	13
Feabhsú Gnó	898	1,294
Eile	192	118
Sainchomhairliúchán Iomlán	3,451	2,628
	2021 €'000	2020 €'000
Costais sainchomhairliúcháin caipitlithe	603	1,244
Costais sainchomhairliúcháin muirearaithe ar an gcuntas brabúis agus cailteanais	2,848	1,384
	3,451	2,628

Ní háirítear i gcostais chomhairleoireachta costais eisceachtúla de €6,986,000 a bhaineann le díol phunann forbartha feirmeacha gaoithe an Ghrúpa agus costais eisceachtúla eile atá leagtha amach i nóta 9 leis na ráitis airgeadais.

Imeachtaí Dlí agus Socraíochtaí

Tugann an tábla thíos anailís ar na suimeanna a aithníodh mar chaiteachas sa tréimhse tuairisce maidir le imeachtaí dlí, socraíochtaí agus imeachtaí idir-réiteach agus eadráin a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní háirítear leis seo caiteachas a éiríonn as comhairle dlí ghinearálta faghte ag Coillte CGA a nochtar sna costais sainchomhairliúcháin thuas.

	2021 €'000	2020 €'000
Imeachtaí dlíthiúla	549	360
Íocaíochtaí Réiteach agus eadráin	-	-
Socraíochtaí	231	384
	780	744

Caiteachas Taistil agus Chothabhála

Seo a leanas an caiteachas taistil agus cothabhála tabhaithe le linn na tréimhse tuairisce:

	2021 €'000	2020 €'000
Baile		
- Bord*	1	2
- Fostaithe	1,092	1,144
Idirnáisiúnta		
- Bord*	-	-
- Fostaithe	122	135
	1,215	1,281

* Lena gcuimsítear caiteachas taistil agus cothabhála a íocadh go díreach le baill an Bhoird.

Caiteachas Fáilteachais

Seo a leanas an caiteachas fáilteachais don tréimhse tuairisce:

	2021 €'000	2020 €'000
Fáilteachas foirne	116	17
Fáilteachas cliant	89	117
	205	134

Cód Cleachtas do Rialachas na gComhlachtaí Stáit á chomhlíondh

Comhlíonann Coillte CGA an Cód Cleachtas do Rialachas na gComhlachtaí Stáit, a leagann amach prionsabail an rialachais chorparáidigh a bhfuil se de dhualgas ag Boird Chomhlachtaí Stáit a chomhlíonadh.

Bernie Gray

Cathaoirleach

Dáta: 31 Márta 2022

Eleanor O'Neill

Stiúrthóir

Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleáigh do Chomhaltaí Coillte Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe

Tuarascáil ar an iniúcháir ar na ráitis airgeadais

Tuairim

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais de chuid Choillte Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe (“an Chuideachta”) agus de chuid na fochuideachtaí dá chuid (“an Grúpa”), don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021, lena gcuimsítear cuntas brabúis agus cailleanais an Ghrúpa, ráiteas an Ghrúpa ar ioncam cuimsitheach eile, cláir chomhardaithe an Ghrúpa agus na Cuideachta, ráitis sreafaí airgid thirim an Ghrúpa agus na Cuideachta don bhliain dar críoch ansin, ráitis an Ghrúpa agus na Cuideachta ar athruithe ar chothromas agus na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear an achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha atá leagtha amach i nóta 3. Is ionann an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm chun iad a ullmhú agus dlí na hÉireann agus FRS 102 An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint sa Ríocht Aontaithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

Is é ár dtuairim:

- go dtugann na ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta radharc ceart agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta ag 31 Nollaig 2021 agus ar bhrabús an Ghrúpa don bhliain airgeadais dar críoch sin;
- ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart i gcomhréir le FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais infheidhmithe sa RA agus i bPoblacht na hÉireann; agus
- ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart i gcomhréir le riachtanais Acht na gCuideachtaí 2014.

Bunús Tuairime

Rinneamar ár n-iniúchadh i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (Éire) (ISAnna (Éire)) agus leis an dlí is infheidhme. Cuirtear síos a thuilleadh ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa chuid dár dtuarascáil Freagrachtaí an Iniúcháir as na Ráitis Airgeadais a Iniúchadh. Táimid neamhspleách ar an nGrúpa agus ar an gCuideachta

i gcomhréir le riachtanais eiticíúla atá ábhartha dár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticíúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus tá ár bhfreagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta againn i gcomhréir leis na riachtanais sin.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte againn imleor agus iomchuí chun bonn a sholáthar dár dtuairim.

Conclúid maidir le gnóthas leantach

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh, tháinig muid ar an tuairim chonclúideach go raibh an úsáid a bhain na Stiúrthóirí as bonn an ghnóthais leantaigh agus iad ag ullmhú na ráitis airgeadais cuí.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níl aon éiginnteachtaí aitheanta againn maidir le himeachtaí ná coinníollacha, aonair ná le chéile, a bheadh ina chúis amhrais maidir le cumas an Ghrúpa agus na Cuideachta leanúint mar ghnóthas leantach do thréimhse a mhairfeadh ar a laghad 12 mí ón dáta a mbeidh na ráitis airgeadais údaraithe le heisiúint.

Tá cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na Stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach sna hailt ábhartha den tuarascáil seo.

Faisnéis eile

Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile a chuirtear i láthair sa Tuarascáil Bhliantúil in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis an bhfaisnéis eile an fhaisnéis atá san áireamh leis na codanna a leanas: Feidhmíocht Airgeadais, Buaicphointí 2021, Ráiteas an Chathaoirligh, Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh, Forbhreathnú an Ghnó, Tuarascáil na Stiúrthóirí, an Ráiteas ar Rialú Inmheánach agus Bainistíocht Riosca, agus an Ráiteas ar Rialachas agus Tuarascáil ó na Comhaltaí Boird. Níl na ráitis airgeadais agus ár dtuarascáil iniúcháir ina leith ina gcuid den fhaisnéis eile. Níl an fhaisnéis eile clúdaithe lenár dtuairim ar na ráitis airgeadais agus, dá réir sin, ní chuirimid tuairim iniúchta in iúl nó, seachas mar atá luaite go sainráite thíos, ní chuirimid aon fhoirm de chonclúid dearbhaithe in iúl ina taobh.

Is é ár bhfreagracht an fhaisnéis eile a léamh agus, trí sin a dhéanamh, machnamh a dhéanamh, bunaithe ar an obair iniúchta dár gcuid ar na ráitis airgeadais, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis atá ann míshonraithe nó neamhchomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó lenár gcuid eolais ón iniúchadh. Bunaithe ar an obair sin amháin níl aon mhíshonruithe ábhartha sainaitheanta againn san fhaisnéis eile.

Bunaithe ar an obair sin dár gcuid ar an bhfaisnéis eile amháin a déanadh le linn na hiniúcháireachta, táimid in ann an méid a leanas a thuairisciú:

- níor shainaithníomar míshonruithe ábhartha i dtuarascáil na stiúrthóirí;
- is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais;
- inár dtuairim, ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Tuairim ar ábhair eile arna leagan amach ag Acht na gCuideachtaí 2014

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a mheasaimid riachtanach chun críocha ár n-iniúchta.

Inár dtuairim, ba leordhóthanach taifid chuntasaíochta an Ghrúpa chun lígean d’iniúchadh gan mhoill agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Ábhair nach mór dúinn tuairisciú orthu d’eisceacht

Éilítear orainn le hAcht na gCuideachtaí 2014 chun tuairisciú daoibh más é an cás, inár dtuairim, nach nochtar luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí atá riachtanach faoi Alt 305 go hAlt 312 den Acht. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

Sa bhreis ar sin, faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód”), éilítear orainn a thuairisciú daoibh maidir leis an ráiteas a bhaineann leis an gcóras rialaithe inmheánaigh a éilítear faoin gCód ar leathanaigh 95 go 110 mura léirítear leis comhlíonadh mhír 9.1 (iv) den Chód ag an nGrúpa nó mura bhfuil sé comhsheasmhach leis an bhfaisnéis a bhfuilimid ar an eolas uirthi ónár n-obair iniúchta ar na ráitis airgeadais agus tuairiscíonn muid más é sin an cás. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

Freagrachtaí faoi seach agus srianta ar úsáid

Freagrachtaí na stiúrthóirí as na ráitis airgeadais

De réir mar atá mínithe go mionsonraithe sa ráiteas maidir le freagrachtaí na stiúrthóirí atá leagtha amach ar leathanach 92, tá na stiúrthóirí freagrach

as na ráitis airgeadais a ullmhú agus áirítear leis sin go mbíonn siad sásta go dtugtar léargas fírinneach cóir leo; as a leithéid de rialú inmheánach agus a mheasann siad riachtanach chun ullmhú ráiteas airgeadais a chumasú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaos nó ar earráid; as cumas an Ghrúpa leanúint mar ghnóthas leantach a mheasúnú; as ábhair a nochtadh, de réir mar is infheidhme, bhaineann le gnóthas leantach agus as onn gnóthais eantaigh na cuntasaíochta a úsáid mura bhfuil sé ar intinn ag na Stiúrthóirí an Grúpa a leachtú nó scor d’oibríochtaí, nó go réalaíoch gan a mhalairt de rogha a bheith ar fáil.

Tuarascáil ar an iniúcháir ar na ráitis airgeadais

Is iad ár gcuspóirí ná teacht ar chinnteacht réasúnta maidir le an bhfuil na ráitis airgeadais trí chéile saor ó míshonrú ábharach, bíodh siad trí chalaos nó trí dhearúd, agus tuarascáil a eisiúint lena n-áirítear ár dtuairim. Is ionann cinnteacht réasúnta agus ardleibhéal cinnteachta, ach ní hionann agus ráthaíocht go n-aimseoidh iniúcháireacht déanta i gcomhréir le ISA (Éire) míshonrú ábharach sa chás go mbíonn a leithéid ann. Is féidir le míshonrú teacht chun solais de thoradh ar chalaos nó ar dhearúd ach dá, ina n-aonar nó comhbhailithe, bhféadfaí bheith go réasúnta den tuairim go mbeadh tionchar acu ar chinntí airgeadais a dhéanfadh úsáideoirí a bheadh déanta leis na ráitis airgeadais seo mar bhonn.

Tá cur síos níos iomláine ar ár bhfreagrachtaí ar fáil ar shuíomh idirlíon an IAASA ag <http://www.iaasa.ie/Publications/Auditing-standards/International-Standards-on-Auditing-for-use-in-Ire/Description-of-the-auditor-s-responsibilities-for>.

An aidhm atá lenár gcuid oibre iniúcháireachta agus cé dóibh atáimid freagrach

Déantar ár dtuarascáil ar mhaithe le baill na Cuideachta amháin, mar chomhlachas, de réir Ailt 391 d’Acht na gCuideachtaí 2014. Thugamar faoin obair iniúchta ionas go bhféadfaíomís na nithe sin a insint do bhail na Cuideachta a bhfuil iachall orainn a insint dóibh i dtuarascáil iniúcháireachta agus ní ar mhaithe le haon aidhm eile. Ní ghlacaimid ná ní bheimid freagrach d’aon duine eile seachas an Chuideachta agus comhaltaí na Cuideachta mar chomhlacht, as an obair iniúchta, chomh fada agus a cheadaíonn an dlí dúinn, i gcás na tuarascála seo, nó i gcás na dtuairimí atá bunaithe againn.

Colm Ó Sé

le haghaidh agus thar ceann KPMG, Cúntasóirí Cairte, Comhlacht Iniúchta Reachtúil

1 Plás Stokes, Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2

Dáta: 04 Aibreán 2022

Cuntas Brabúis agus Cailteanais an Ghrúpa

Don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €'000	2020 €'000
Láimhdeachas	5	422,393	285,261
Costas díolachán		(230,271)	(199,054)
Ollbhrabús		192,122	86,207
Costas dáileacháin		(29,615)	(24,549)
Costais riaracháin		(51,584)	(41,347)
Deontais oibríúcháin eile	10	13,427	8,774
Brabús oibríúcháin roimh míreanna eisceachtúla agus gnóthachain athluachála		124,350	29,085
Gnóthachan ar athluacháil reádmhaoin infheistíochta	16	3,822	-
Nithe eisceachtúla	9	6,794	(1,278)
An Chuid eile den Domhan	6	134,966	27,807
Sciar i gcaillteanais chomhfhiontair	18	(350)	-
Sciar de chaillteanais na ngnóthas comhlacha	18	(573)	(335)
Brabús roimh ús agus cánachas		134,043	27,472
Ús infhaighte agus ioncam cosúil	11	1	11
Ús iníoctha agus muirir dá leithéid	11	(2,044)	(1,984)
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas		132,000	25,499
Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí	13	(14,911)	(3,859)
Brabús don Bhliain Airgeadais		117,089	21,640

Ráiteas an Ghrúpa ar Ioncam Cuimsitheach Eile

Don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €'000	2020 €'000
Brabús don Bhliain Airgeadais		117,089	21,640
Ioncam Cuimsitheach Eile (costais).			
Ath-thomhas ar an nglan-dlíteanas pinsin sochair sainithe	14	31,130	2,883
Gluaiseacht ar cháin iarchurtha bainteach le dlíteanas sochair sainithe	13	(1,372)	77
Sciar éifeachtach athruithe i luach cóir na gcistí fáilaithe sreabhadh airgid			
Gluaiseacht ar luach cóir na gcistí fáilaithe sreabhadh airgid	23	(167)	524
Cistí fáilaithe sreabhadh airgid – athaicmiú go cuntas brabúis agus cailteanais	23	(919)	1,397
Éifeacht ag cáin iarchurtha: ar ghluaiseacht ar luach cóir na gcistí fáilaithe sreabhadh airgid	13	(7)	7
Sciar ioncaim/(costais) chuimsitheach eile ó chomhlaigh	18	50	(603)
Ioncam cuimsitheach eile don bhliain airgeadais, glan ar cháin		28,715	4,285
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais		145,804	25,925

Clár Comhardaithe an Ghrúpa

Amhail an 31 Nollaig 2021		2021	2020
Nótaí	€'000	€'000	
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainn dholáimhsithe	15	11,385	12,431
Sócmhainní Inláimhsithe	16	660,217	629,284
Sócmhainní bitheolaíoch	17	887,656	870,517
Infheistíochtaí	18	-	13,895
		1,559,258	1,526,127
Sócmhainní Reatha			
Stoic	19	33,695	27,102
Féichiúnaithe	20	119,870	119,973
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		121,071	61,348
		274,636	208,423
Creidiúnaithe- méideanna atá dlite laistigh de bhliain airgeadais amháin			
	21	(84,570)	(70,610)
Glansócmhainní reatha			
		190,066	137,813
Iomlán na sócmhainní lúide dliteanas reatha			
		1,749,324	1,663,940
Creidiúnaithe - méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain airgeadais amháin			
	22	(90,000)	(89,780)
Soláthairtí do Dhliteanas	24	(40,703)	(43,303)
Deontais rialtais iarchurtha	25	(120,760)	(122,399)
Glansócmhainní roimh dhliteanas pinsin			
		1,497,861	1,408,458
Dlitéanas pinsin le sochar sainithe	14	(12,243)	(43,644)
Glansócmhainní			
		1,485,618	1,364,814
Caipiteal agus Cúlchistí			
Scair-Chaipiteal glaoite curtha i láthair mar ghnáthscaireanna	26	795,060	795,060
Caipiteal gan ainmniú	27	6,145	6,145
Cúlchiste sreabhadh airgid tirim	27	(1,368)	(275)
Tuilleamh coinnithe	27	685,781	563,884
Cistí Scairshealbhóirí			
		1,485,618	1,364,814

Is cuid dílis na nótaí ar na leathanaigh 128 go 181 de na ráitis airgidis seo . Rinne Bord na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar leathanaigh 120 go 181 a udarú chun eisiúna ar 31 Márta 2022 agus síníodh iad thar cheann an Bhoird faoi lámha:

Bernie Gray Cathaoirleach
Eleanor O'Neill Stiúrthóir

Clár Comhardaithe na Cuideachta

Amhail an 31 Nollaig 2021		2021	2020
Nótaí	€'000	€'000	
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainn dholáimhsithe	15	11,371	12,408
Sócmhainní Inláimhsithe	16	527,372	516,523
Sócmhainní bitheolaíoch	17	887,656	870,517
Infheistíochtaí	18	79,740	79,740
		1,506,139	1,479,188
Sócmhainní Reatha			
Stoic	19	3,929	3,317
Féichiúnaithe	20	177,526	179,134
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		85,299	60,358
		266,754	242,809
Creidiúnaithe- méideanna atá dlite laistigh de bhliain airgeadais amháin			
	21	(44,747)	(110,068)
Glansócmhainní reatha			
		222,007	132,741
Iomlán na sócmhainní lúide dliteanas reatha			
		1,728,146	1,611,929
Creidiúnaithe - méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain airgeadais amháin			
	22	(90,000)	(89,780)
Soláthairtí do Dhliteanas	24	(34,517)	(39,845)
Deontais rialtais iarchurtha	25	(120,760)	(122,399)
Glansócmhainní roimh dhliteanas pinsin			
		1,482,869	1,359,905
Dlitéanas pinsin le sochar sainithe	14	(16,126)	(41,406)
Glansócmhainní			
		1,466,743	1,318,499
Caipiteal agus Cúlchistí			
Scair-Chaipiteal glaoite curtha i láthair mar ghnáthscaireanna	26	795,060	795,060
Caipiteal gan ainmniú	27	6,145	6,145
Cúlchiste sreabhadh airgid tirim	27	(605)	(122)
Tuilleamh coinnithe	27	666,143	517,416
Cistí Scairshealbhóirí			
		1,466,743	1,318,499

Is cuid dílis na nótaí ar na leathanaigh 128 go 181 de na ráitis airgidis seo . Rinne Bord na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar leathanaigh 120 go 181 a udarú chun eisiúna ar 31 Márta 2022 agus síníodh iad thar cheann an Bhoird faoi lámha:

Bernie Gray Cathaoirleach
Eleanor O'Neill Stiúrthóir

Ráiteas an Ghrúpa ar Shreafaí Airgid

Don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2021		2021	2020
Nótaí		€'000	€'000
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin roimh íoc cánach			
Cánachas Íoctha	31	119,936 (11,076)	39,341 (3,519)
Glan insreabhadh airgid ag éirí as gníomhaíochtaí oibriúcháin		108,860	35,822
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Breiseanna le sócmhainní doláimhsithe	15	(789)	(2,483)
Breiseanna le sócmhainní inláimhsithe	16	(48,269)	(31,369)
Breiseanna le sócmhainní bitheolaíocha	17	(32,872)	(35,798)
Breiseanna le sócmhainní airgeadais	18	-	(3,055)
Dáileacháin ó ghnóthais comhlachais		469	1,313
Suimeanna curtha ar fáil do ghnóthais chomhfhiontair		(2,960)	-
Suimeanna faighte ó/(chun cinn go dtí) gnóthais chomhlachaithe		2,740	(2,271)
Fáltais ó dhiúscairtí sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe		15,234	9,733
Fáltais ó dhíol na punainne forbartha feirme gaoithe glan ar chostais ghaolmhara		43,444	-
Mír airgid eisceachtúil eile		-	(752)
Deontais chaipitil rialtais faighte	20/25	219	111
Glan-eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		(22,784)	(64,571)
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí cistithe			
Méadú ar iasachtaí	31	220	244
Glan-Ús íoctha	31	(1,573)	(1,364)
Díbhinní Íoctha	12	(25,000)	(2,300)
Glan-eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe		(26,353)	(3,420)
Glan (laghdú)/méadú in airgid agus a chomhionann		59,723	(32,169)
Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir		61,348	93,517
Airgead agus coibhéisí airgid ar an 31 Nollaig		121,071	61,348

Ráiteas na Cuideachta ar Shreafaí Airgid

Don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2021		2021	2020
Nótaí		€'000	€'000
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin roimh íoc cánach			
Cánachas Íoctha	32	63,281 (5,983)	17,768 (2,003)
Glan insreabhadh airgid ag éirí as gníomhaíochtaí oibriúcháin		57,298	15,765
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Breiseanna le sócmhainní doláimhsithe	15	(789)	(2,465)
Breiseanna le sócmhainní inláimhsithe		(18,189)	(9,541)
Breiseanna le sócmhainní bitheolaíocha	17	(32,872)	(35,798)
Suimeanna (chun cinn go dtí)/faighte ó ghnóthais fochuideachta	20/21	(83,266)	8,030
Dáileacháin ó ghnóthais comhlachais		469	1,313
Suimeanna curtha ar fáil do ghnóthais chomhfhiontair		(2,960)	-
Suimeanna faighte ó/(chun cinn go dtí) gnóthais chomhlachaithe		2,740	(2,271)
Dáileacháin ó fhochuideachta		70,000	1,102
Dáiltí ó fhochuideachtaí		15,124	9,844
Fáltais ó dhíol na punainne forbartha feirme gaoithe glan ar chostais ghaolmhara		43,444	-
Mír airgid eisceachtúil eile		-	(752)
Deontais chaipitil rialtais faighte	20/25	219	111
Glan-eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		(6,080)	(30,427)
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí cistithe			
Méadú ar iasachtaí	31	220	244
Glan-Ús íoctha		(1,497)	(1,351)
Díbhinní Íoctha	12	(25,000)	(2,300)
Glan-eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe		(26,277)	(3,407)
Glan (laghdú)/méadú in airgid agus a chomhionann		24,941	(18,069)
Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir		60,358	78,427
Airgead agus coibhéisí airgid ar an 31 Nollaig		85,299	60,358

Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe Cothromais

Don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2021		Scair-chaipiteal glaoite curtha i láthair mar ghnáthscaireanna	Caipiteal gan ainmniú	Cúlchiste sreabhadh airgid tirim	Cuntas brabúis agus caillteanais	Iomlán
	Nótaí	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Amhail an 01 Eanáir 2021		795,060	6,145	(275)	563,884	1,364,814
Brabús don Bhliain Airgeadais		-	-	-	117,089	117,089
(Caiteachas)/ ioncam cuimsitheach eile don bhliain airgeadais		-	-	(1,093)	29,808	28,715
(Caiteachas)/ ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais		-	-	(1,093)	146,897	145,804
Idirbhearta le scairshealbhóirí arna dtaifeadh go díreach i gcothromas:						
Díbhinní Íoctha	12	-	-	-	(25,000)	(25,000)
Amhail an 31 Nollaig 2021		795,060	6,145	(1,368)	685,781	1,485,618
Amhail an 01 Eanáir 2020		795,060	6,145	(2,203)	542,187	1,341,189
Brabús don Bhliain Airgeadais		-	-	-	21,640	21,640
Ioncam cuimsitheach eile don bhliain airgeadais		-	-	1,928	2,357	4,285
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais		-	-	1,928	23,997	25,925
Idirbhearta le scairshealbhóirí arna dtaifeadh go díreach i gcothromas:						
Díbhinní Íoctha	12	-	-	-	(2,300)	(2,300)
Amhail an 31 Nollaig 2020		795,060	6,145	(275)	563,884	1,364,814

Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe Cothromais

Don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2021		Scair-chaipiteal glaoite curtha i láthair mar ghnáthscaireanna	Caipiteal gan ainmniú	Cúlchiste sreabhadh airgid tirim	Cuntas brabúis agus caillteanais	Iomlán
	Nótaí	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Amhail an 01 Eanáir 2021		795,060	6,145	(122)	517,416	1,318,499
Brabús don Bhliain Airgeadais		-	-	-	149,003	149,003
(Caiteachas)/ ioncam cuimsitheach eile don bhliain airgeadais		-	-	(483)	24,724	24,241
(Caiteachas)/ ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais		-	-	(483)	173,727	173,244
Idirbhearta le scairshealbhóirí arna dtaifeadh go díreach i gcothromas:						
Díbhinní Íoctha	12	-	-	-	(25,000)	(25,000)
Amhail an 31 Nollaig 2021		795,060	6,145	(605)	666,143	1,466,743
Amhail an 01 Eanáir 2020		795,060	6,145	(1,042)	492,793	1,292,956
Brabús don Bhliain Airgeadais		-	-	-	21,775	21,775
Ioncam cuimsitheach eile don bhliain airgeadais		-	-	920	5,148	6,068
Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais		-	-	920	26,923	27,843
Idirbhearta le scairshealbhóirí arna dtaifeadh go díreach i gcothromas:						
Díbhinní Íoctha	12	-	-	-	(2,300)	(2,300)
Amhail an 31 Nollaig 2020		795,060	6,145	(122)	517,416	1,318,499

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

1. Faisnéis na Cuideachta

Bunaíodh Bord Choillte CGA faoin Acht Foraoiseachta, 1988.

Is cuideachta gníomhaíochta ainmnithe Coillte CGA faoi theorainn scaireanna, is é sin cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna atá cláraithe faoi Chuid 16 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Tá sainchónaí ar Choillte CGA in Éirinn agus is é seoladh a oifig chláráithe Bóthar Bhaile Átha Cliath, Baile an Chinnéidigh, Co. Chill Mhantáin agus is í uimhir na cuideachta 138108.

2. Ráiteas ar Chomhlíontacht

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Ghrúpa agus Chuideachta Choillte CGA (an Grúpa) i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann” (“FRS 102”), agus i gcomhréir le forálacha Acht na gCuideachtaí 2014.

3. Achoimre ar na beartais chuntasaíochta shuntasacha

Tá na beartais chuntasaíochta shuntasacha a cuireadh i bhfeidhm chun na ráitis airgeadais seo a ullmhú leagtha amach thíos. Cuireadh na beartais sin i bhfeidhm go comhsheasmhach leis na blianta airgeadais uile a chuirtear i láthair, muna bhfuil a mhalairt luaite.

(a) An Bonn Ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, arna mhionathrú ag an tomhas ar luach cóir na réadmhaoine infheistíochta agus sócmhainní agus dlíteanais airgeadais áirithe lena n-áirítear ionstraimí airgeadais díorthacha.

Éilítear le hullmhúchán ráiteas airgeadais i gcomhréir le FRS 102 go n-úsáidtear meastacháin chuntasaíochta criticiúla áirithe. Éilítear ar an lucht bainistíochta leis freisin chun breithiúnas a úsáid sa phróiseas a bhaineann le beartais chuntasaíochta an Ghrúpa a chur i bhfeidhm. Déantar na réimsí a bhaineann le méid níos airde breithiúnais nó castachta, nó réimsí ina bhfuil boinn tuisceana agus meastacháin ábhartha go suntasach do na ráitis airgeadais a nochtadh i nóta 4.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

(b) Gnóthas Leantach

Tar éis fiosruithe a dhéanamh, tá ionchas réasúnta ag na Stiúrthóirí go bhfuil acmhainní imleora ag an nGrúpa agus ag an gCuideachta chun leanúint i mbun gnó go ceann i bhfad. Dá bhrí sin, leanann an Grúpa agus an Chuideachta chun an bonn gnóthais leantaigh a ghlacadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

(c) Díolúint

De réir mar atá ceadaithe ag Alt 304 d'Acht na gCuideachtaí 2014, tá leas á bhaint ag an gCuideachta as an díolúine óna gcuntas brabúis agus caillteanais ar leith a chur i láthair sna ráitis airgeadais seo agus óna chomhdú le Cláraitheoir na gCuideachtaí. B'é brabús na Cuideachta don bhliain airgeadais ná €149,003,000 (2020: €21,775,000).

(d) Comhdhlúthú agus cuntasaíocht chothromais

Le ráitis airgeadais an Ghrúpa déantar ráitis airgeadais na Cuideachta agus fiontair uile na bhfochuideachtaí dá cuid a chomhdhlúthú.

(i) Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí

Déantar fochuideachtaí a chomhdhlúthú ó dháta a bhfála, is é sin an dáta ar a n-aimsíonn an Grúpa ceannas agus leantar lena gcomhdhlúthú go dtí an dáta a scortar den cheannas sin. Is é atá cuimsithe le ceannas ná an chumhacht chun beartais airgeadais agus oibriúcháin na hinstiúide infheistiúcháin a rialú d'fhonn tairbhí a bhaint óna cuid gníomhaíochtaí. Déantar idirbhearta, comharduithe, ioncam agus speansais laistigh den ghrúpa a dhíothú ina n-iomláine tar éis an chomhdhlúthaithe.

I ráitis airgeadais aonair na Cuideachta, mínítear infheistíochtaí i bhfochuideachtaí mar chostas lúide laige. Aithnítear ioncam díbhinne nuair a bhunaítear an ceart chun íocaíocht a fháil.

(ii) Infheistíochtaí i gcomhfhiontair

Caitear le heintitis ina bhfuil leas ag an nGrúpa agus atá faoi cheannas an Ghrúpa agus comhfhiontair amháin eile nó níos mó i gcomhpháirt faoi shocrú conarthach mar chomhfhiontair.

I ráitis airgeadais an Ghrúpa, mínítear comhfhiontair agus modh an chothromais á úsáid. Aithnítear infheistíochtaí i gcomhfhiontair ar dtús sa chlár comhardaithe comhdhlúite ar phraghas an idirbhirt agus déantar iad a choigeartú ina dhiaidh sin chun sciar an Ghrúpa d'ioncam cuimsitheach agus cothromas iomlán an chomhfhiontair a léiriú, lúide aon laige.

Cuirtear aon bharrachas ar chostas na fála thar sciar an Ghrúpa de ghlanluach cóir na sócmhainní, dlíteanais agus dlíteanais theagmhasacha in aitheanta an chomhfhiontair a aithnítear ag dáta na fála, cé go gcaitear leis mar cháilmheas, mar chuid den infheistíocht sa chomhfhiontar. Gearrtar amúchadh ionas go leithdháiltear costas an cháilmheasa thar a shaolré úsáideach mheasta, agus modh an mhéid chothroim á úsáid. Ní déantar caillteanais níos mó ná suim ghlanluacha infheistíochta i gcuideachta comhlach a thaifeadadh mar fhoráil ach amháin nuair a thabhaigh an Grúpa oibleagáidí dlíthiúla nó cuiditheacha nó nuair a rinne sé íocaíochtaí thar ceann na cuideachta comhlaí. Déantar gnóthachain neamhréadaithe a eascraíonn ó idirbhearta le comhfhiontair a dhíothú sa mhéid agus atá comhionann le leas an Ghrúpa san eintiteas. Déantar caillteanais neamhréadaithe a dhíothú ar an dóigh chéanna mar ghnóthachain neamhréadaithe, ach amháin sa mhéid agus nach bhfuil aon fhianaise ar laige.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

I ráitis airgeadais aonair na Cuideachta, mínítear infheistíochtaí i gcomhfhiontair mar chostas lúide laige. Aithnítear ioncam díbhinne nuair a bhunaítear an ceart chun íocaíocht a fháil.

(iii) Oibríochtaí faoi cheannas comhpháirteach

Is é atá i gceist le hoibríochtaí faoi cheannas comhpháirteach ná úsáid sócmhainní agus acmhainní an Ghrúpa agus na gcomhfhiontar eile seachas eintiteas ar leith a bhunú nó struchtúr airgeadais a bhunú nach bhfuil baint aige leis an nGrúpa nó comhfhiontair eile. Úsáideann gach fiontraí (agus an Grúpa san áireamh) a chuid sócmhainní féin agus thabhaíonn sé a speansais agus dlíteanais féin agus tiomsaíonn a chuid cistí féin.

Sna ráitis airgeadais, mínítear oibríochtaí faoi cheannas comhpháirteach trí aitheantas a thabhairt do na sócmhainní faoi cheannas an Ghrúpa, do na dlíteanais a thabhaíonn sé, do na speansais a thabhaíonn sé agus dá sciar den ioncam a thuilleann sé ó dhíol earraí nó seirbhísí ag an gcomhfhiontar.

(iv) Infheistíochtaí i gcuideachtaí comhlacha

Caitear le heintitis ina bhfuil leas níos lú ná 50% ag an nGrúpa agus ar a n-imríonn sé tionscnamh suntasach soiléir mar chuideachtaí comhlacha.

I ráitis airgeadais an Ghrúpa, mínítear cuideachtaí comhlacha agus modh an chothromais á úsáid. Aithnítear infheistíochtaí i gcuideachtaí comhlacha ar dtús sa chlár comhardaithe comhdhlúite ar phraghas an idirbhirt agus déantar iad a choigeartú ina dhiaidh sin chun sciar an Ghrúpa d'ioncam cuimsitheach agus cothromas iomlán na cuideachta comhlaí a léiriú, lúide aon laige. Cuirtear aon bharrachas ar chostas na fála thar sciar an Ghrúpa de ghlanluach cóir na sócmhainní, dlíteanais agus dlíteanais theagmhasacha inaitheanta de chuid na cuideachta comhlaí a aithnítear ag dáta na fála, cé go gcaitear leis mar cháilmheas, mar chuid den infheistíocht sa chuideachta chomhlach. Gearrtar amúchadh ionas go leithdháiltear costas an cháilmheasa thar a shaolré úsáideach mheasta, agus modh an mhéid chothroim á úsáid. Ní dhéantar cailteanais níos mó ná suim ghlanluacha infheistíochta i gcuideachta

comhlach a thaifeadadh mar fhoráil ach amháin nuair a thabhaigh an Grúpa oibleagáidí dlíthiúla nó cuiditheacha nó nuair a rinne sé íocaíochtaí thar ceann na cuideachta comhlaí. Déantar gnóthachain neamhréadaithe a eascraíonn ó idirbhearta le cuideachta comhlaí a dhíothú sa mhéid agus atá comhionann le leas an Ghrúpa san eintiteas. Déantar cailteanais neamhréadaithe a dhíothú ar an dóigh chéanna mar ghnóthachain neamhréadaithe, ach amháin sa mhéid agus nach bhfuil aon fhianaise ar laige.

I ráitis airgeadais aonair na Cuideachta, mínítear infheistíochtaí i gcuideachta comhlaí mar chostas lúide laige. Aithnítear ioncam díbhinne nuair a bhunaítear an ceart chun íocaíocht a fháil.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

(e) Airgeadraí eachtracha

(i) Airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe

Is é airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe na Cuideachta agus airgeadra tuairiscithe an Ghrúpa an euro, arna ainmniú ag an tsiombail '€' agus, mura bhfuil a mhalairt luaite, cuireadh na ráitis airgeadais i láthair i mílte ('000').

(ii) Idirbhearta agus comharduithe

Déantar idirbhearta in airgeadra eachtrach a aistriú go euro agus na spotrátaí malairte á n-úsáid amhail dátaí na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dlíteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú arís ag na rátaí malairte atá i réim ag dáta an tuairiscithe. Ní dhéantar míreanna neamhairgeadaíochta a dhéantar a thomhas i dtéarmaí an chostais stairiúil in airgeadra eachtrach a aistriú arís. Déantar míreanna neamhairgeadaíochta a dhéantar a thomhas ar luach cóir a thomhas agus an ráta malairte atá i réim nuair a cinneadh an luach cóir á úsáid.

Aithnítear gnóthachain agus cailteanais in airgeadra eachtrach atá ina dtoradh ar shocrú idirbheart agus ar aistriú ag rátaí malairte dheireadh na tréimhse sócmhainní agus dlíteanas airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha sa chuntas brabúis agus cailteanais.

(f) Aithint ioncam

Déantar ioncam a thomhas ar luach cóir na comaoine a fuarthas nó atá infhála agus léirítear an méid infhála leis le haghaidh earraí a sholáthraítear nó le haghaidh seirbhísí arna gcur ar fáil, glan ó fháltais, lascaí agus aisíocaíochtaí arna gceadú ag an nGrúpa agus cánacha breisluacha.

Nuair a dhéantar an chomaoin atá infhála in airgead nó i gcoibhéisí airgid a iarchur, agus nuair is idirbheart airgeadais an socrú, déantar luach cóir na comaoine a thomhas mar luach reatha na bhfáltais todhchaíoch iomlán agus an ráta barúlach úis á úsáid.

Aithníonn an Grúpa ioncam sa mhéid go bhfuil ioncam agus na costais ghaolmhara a thabhaítear nó atá le tabhú faoi réir ag tomhas iontaofa, gur dhócha go mbeidh tairbhí eacnamaíochta ina dtoradh air don Ghrúpa agus go ndearnadh rioscaí suntasacha agus luachanna saothair na húinéireachta a aistriú don cheannaitheoir, nó i gcomhréir le téarmaí agus coinníollacha arna gcomhaontú le ceannaitheoirí.

Díol earraí agus seirbhísí a sholáthar

Aithnítear ioncam ó dhíol adhmaid sheasta i dtráthchodanna thar chúrsa an chonartha díolachán. Aithnítear ioncam ó dhíol adhmaid bhainte nuair a sheachadtar é go geata an mhuilinn.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Aithnítear ioncam ó dhíol táirgí MEDITE SMARTPLY nuair a dhéantar na hearraí a sheachadadh. Aithnítear gach ioncam eile nuair a dhéantar na hearraí nó seirbhísí a sheachadadh.

(g) Míreanna eisceachtúla

Déanann an Grúpa muirir nó creidmheasanna a bhfuil tionchar ábhartha acu ar thorthaí airgeadais an Ghrúpa a aicmiú mar ‘mhíreanna eisceachtúla’. Déantar iad sin a nochtadh go leithleach chun tuiscint bhreise a sholáthar ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa. Baineann an Grúpa úsáid as breithiúnas chun na míreanna áirithe a mheasúnú, a dhéantar a nochtadh, de thairbhe a n-ábharthachta nó a nádúir nó an dá rud araon, i gcuntas brabúis agus cailteanais an Ghrúpa agus sna nótaí gaolmhara mar mhíreanna eisceachtúla. D’fhéadfadh costais athstruchtúraithe a bheith san áireamh lena leithéid de mhíreanna lena n-áirítear ciorrúcháin scéime pinsin le sochar sainithe nó costais/creidmheasanna seirbhíse roimhe seo, brabús nó cailteanas ar dhiúscairt oibríochtaí, lagú sócmhainní agus amúchadh luathaithe táillí bainc.

(h) Sochair fostaithe

Soláthraíonn an Grúpa raon de shochair do na fostaithe, lena n-áirítear socruithe saoire íochta agus pleananna pinsin le sochar sainithe agus le ranníocaíocht shainithe

(i) Sochair Gearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, lena n-áirítear pá saoire agus sochair neamhairgeadaíochta eile cosúla mar speansas sa tréimhse ina bhfaightear an tseirbhís.

(ii) Pleananna pinsin le sochar sainithe

Déantar teidlíochtaí pinsin mhórchuid na bhfostaithe i gCoillte CGA agus Medite Europe CGA (fochuideachta dá chuid), a mhaoiniú trí scéimeanna aoisliúntais le sochar sainithe a dhéantar a riar go leithleach. Le plean sochair shainithe déantar an sochar pinsin a gheobhaidh an fostaí ar scor a shainiú agus de ghnáth bíonn sé ag brath ar raon fachtóirí lena n-áirítear aois, fad na seirbhíse agus an luach saothair.

Is ionann an dlíteanas atá aitheanta sa chlár comhardaithe maidir le pleananna le sochar sainithe an Grúpa agus luach reatha na hoibleagáide um shochar sainithe ag an dáta tuairiscithe lúide luach cóir shócmhainní na bpleananna ag an dáta tuairiscithe. Déantar an oibleagáid um shochar sainithe a ríomh agus modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa á úsáid. Fostaíonn an Grúpa achtúirí neamhspleácha chun an oibleagáid a ríomh. Déantar luacháil achtúireach iomlán gach trí bliana airgeadais agus déantar í a nuashonrú chun dálaí reatha a léiriú sna tréimhsí eatrámhacha. Déantar luach reatha dhlíteanais na bpleananna a chinneadh trí na híocaíochtaí todhchaíoch measta a lascaíniú agus toradh margadh ar bhannaí corparáideacha ardtoraídh á úsáid atá ainmnithe in euro agus lena mbaineann téarmaí lena dtugtar neasluach thréimhse mheasta na n-íocaíochtaí todhchaíoch (‘ráta lascaíne’). Déantar luach cóir shócmhainní na bpleananna a thomhas i gcomhréir le hordlathas luacha chóir FRS 102, lena n-áirítear úsáid teicnící luachála iomchuí. Tá luach sócmhainne um ghlansochar pinsin teoranta don mhéid ar féidir é a aisghabháil trí ranníocaíochtaí laghdaithe nó trí aisíocaíochtaí aontaithe ón scéim.

Aithnítear gnóthachain agus cailteanais achtúireacha a eascraíonn ó choigeartuithe ó thaithí agus ó bhoinn tuisceana achtúireacha sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile. Nochtar na méideanna sin, mar aon leis an toradh ar shócmhainní na bpleananna, lúide méideanna atá san áireamh leis an ús glan, mar ‘Thomhas an athuair ar ghlandlíteanas sochair shainithe’. Ní dhéantar tomhais an athuair a athaicmiú don chuntas brabúis agus cailteanais i dtréimhsí ina dhiaidh sin.

Aithnítear costas na bpleananna le sochar sainithe sa chuntas brabúis agus cailteanais mar chostais fostaithe, ach amháin nuair a chuirtear san áireamh iad le costas sócmhainne. Cuimsítear leis an gcostas:

(a) an méadú ar dhlíteanas sochair pinsin a eascraíonn ó sheirbhís fostaí le linn na tréimhse; agus

(b) an costas a bhaineann le tabhairt isteach pleananna, athruithe ar shochair, ciorrúcháin agus socraíochtaí.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Déantar costais an úis ghlain a ríomh tríd an ráta lascaíne a chur i bhfeidhm ar ghlan-iarmhéid na hoibleagáide um shochar sainithe agus luach cóir shócmhainní na bpleananna. Aithnítear an costas sin sa chuntas brabúis agus cailteanais mar ‘Costas airgeadais’.

(iii) Pleananna pinsin le ranníocaíocht shainithe

Déantar teidlíochtaí pinsin fostaithe Smartply Europe DAC agus Medite Smartply UK Limited roimhe seo (fochuideachtaí an dá ghnóthas) a mhaoiniú trí scéim aoisliúntais le ranníocaíocht shainithe arna riar go leithleach. Déantar teidlíochtaí pinsin na bhfostaithe i gCoillte CGA agus Medite Europe CGA, nach bhfuil ina mbaill den scéim aoisliúntais le ranníocaíocht shainithe, a mhaoiniú trí scéimeanna le ranníocaíocht shainithe arna riar go leithleach. Aithnítear na ranníocaíochtaí mar speansas sa chuntas brabúis agus cailteanais de réir mar a sholáthraítear na seirbhísí.

(i) Cánachas

Cuimsítear le speansas cánachais cáin reatha agus cáin iarchurtha a aithnítear sa tréimhse tuairiscithe. Aithnítear cáin sa chuntas brabúis agus cailteanais, ach amháin sa mhéid go mbaineann sí le míreanna a aithnítear in ioncam cuimsitheach eile nó go díreach i gcothromas. Sa chás sin aithnítear cáin in ioncam cuimsitheach eile nó go díreach i gcothromas faoi seach.

(i) Cáin reatha

Is ionann cáin reatha agus méid na cánach ioncaim iníochta maidir leis an mbrabús inchánach don bhliain airgeadais nó do bhlianta airgeadais roimhe sin. Déantar cáin a ríomh ar bhonn na rátaí agus dlíthe cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil faoi dheireadh na tréimhse.

(ii) Cáin iarchurtha

Eascraíonn cáin iarchurtha ó dhifríochtaí uainithe a eascraíonn ó áireamh ioncaim agus speansas i measúnuithe cánach i dtréimhsí a dhifríonn ó na cinn atá aitheanta sna ráitis airgeadais. Aithnítear cáin iarchurtha maidir le difríochtaí uainithe uile ag an dáta tuairiscithe ach amháin maidir le heisceachtaí áirithe. Ní aithnítear cailteanais cánach gan faoiseamh agus sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair a bhíonn sé dóchúil go ndéanfar iad a aisghabháil i gcoinne aisiompú dlíteanas cánach iarchurtha nó i gcoinne brabúis inchánach sa todhcháí.

Déantar cáin iarchurtha a thomhas agus rátaí agus dlíthe cánach á n-úsáid a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil faoi dheireadh na tréimhse agus lena bhfuiltear ag súil go gcuirfead i bhfeidhm iad ar aisiompú na difríochta uainithe.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

(j) Sócmhainní doláimhsithe

Luaitear bogearraí ríomhaireachta ag costas lúide amúchadh carntha agus cailleanais lagaithe charntha. Déantar bogearraí a amúchadh thar a saolré úsáideach mheasta, de thréimhse idir 2 bhliain agus 5 bliana airgeadais, de réir mhodh an mhéid chothrom.

Nuair a léirítear fachtóirí amhail forbairtí teicneolaíochta agus athruithe ar phraghas margaidh go bhfuil an tsaolré úsáideach athraithe, déantar an ráta amúchta a leasú go hionchasach chun na himthosca nua a léiriú.

Déantar na sócmhainní a athbhreithniú maidir le lagú má léirítear leis na fachtóirí thuas go bhféadfadh an tsuim ghlanluacha a bheith lagaithe.

(k) Sócmhainní inláimhsithe

Luaitear sócmhainní inláimhsithe, seachas réadmhaoine infheistíochta, ag costas lúide dímheas carntha agus cailleanais lagaithe charntha. Áirítear le costas an praghas ceannaigh bunaidh, costais iasachta ghaolmhara, costais atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainne a thabhairt go riocht oibre le haghaidh a húsáid bheartaithe, costais díchoimeála agus athchóirithe.

(i) Dímheas

Ní laghdaíonn an luach atá ag talamh. Ní dhéantar talamh a dhímheas. Déantar dímheas ar shócmhainní eile a ríomh, agus modh an mhéid chothrom á úsáid, chun an costas a leithdháileadh thar a saolréanna úsáideacha measta, mar a leanas:

- Foirgnimh ruilse 20 go 50 bliain
- Bóithre agus Droichid foraoise 20 go 50 bliain
- Meaisínre agus trealamh 3 go 20 bliain

Déantar foráil do dhímheas ar ghléasra agus ar shuiteálacha áirithe, atá san áireamh le gléasra agus meaisínre, ar bhonn aonaid táirgthe in imeacht an tsaoil éifeachtúil a cheaptar a bheadh i ndán do na sócmhainní Bhí na rátaí a leanas á gcur i bhfeidhm ar na sócmhainní sin amhail an 31 Nollaig 2021:

- Gléasra agus suiteálacha raon 4% - 11%

Déantar saolréanna úsáideacha na sócmhainní a athbhreithniú, agus déantar iad a choigeartú más cuí, ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe. Mínítear an éifeacht a bhaineann le haon athrú go hionchasach.

(ii) Breiseanna ina dhiaidh sin

Ní chuirtear costais ina dhiaidh sin san áireamh le suim ghlanluacha sócmhainne nó ní aithnítear iad mar shócmhainn ar leith, mar is cuí, ach amháin nuair a bhíonn sé dóchúil go mbeidh na tairbhí eacnamaíochta a bhaineann leis an mír ina dtoradh don Ghrúpa agus nuair is féidir an costas sin a thomhas go hiontaoifa. Aithnítear costais dheisithe, chothabhála agus mionscrúdaithe mar speansais de réir mar a thabhaítear iad.

(iii) Sócmhainní i gcúrsa tógála

Luaitear sócmhainní i gcúrsa tógála ar a gcostas. Ní déantar na sócmhainní sin a dhímheas go dtí go mbíonn siad ar fáil le húsáid.

(iv) Dí-aithint

Dí-aithnítear sócmhainní inláimhsithe ar dhíúscairt nó nuair nach bhfuiltear ag súil le tairbhí eacnamaíochta ar bith sa todhchaí. Aithnítear ioncam ó dhíol sócmhainní inláimhsithe nuair atá conradh neamhchoinníollach sínithe. Aithnítear an dífríocht idir na glanfháltais díúscairthe agus an tsuim ghlanluacha sa chuntas brabúis agus cailleanais laistigh de 'Gnóthachain oibríúcháin eile'.

(v) Aistrithe go stoc

Déantar talamh a aithnítear le linn na tréimhse cuntasaíochta mar chuid de ghnó déileála agus forbartha talún an Ghrúpa a aistriú go stoc.

(l) Réadmhaoine infheistíochta

Déantar réadmhaoine infheistíochta a thomhas ar luach cóir agus aithnítear athruithe ar luach cóir sa chuntas brabúis agus cailleanais.

(m) Sócmhainní bitheolaíochta

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Is é atá cuimsithe le sócmhainní bitheolaíochta plandálacha foraoise agus gléasraí plandlainne agus déantar iad a thomhas ar chostas lúide aon ídiú carntha agus aon cailleanais lagaithe charntha.

Luaitear sócmhainní bitheolaíochta a rinneadh a tháthcheangal ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar an Lá Dílsithe (an 1 Eanáir 1989) ar chostas bunaithe ar an méid iomlán a aontaíodh idir an Grúpa agus an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Luaitear breiseanna ina dhiaidh sin ar chostas.

Déanann an Grúpa na costais a chaipitliú a bhaineann le bunú agus cothabháil na bplandálacha foraoise dá chuid. Déantar costais dhíreacha a chaipitliú ar bhonn na n-oibríochtaí sainiúla a chuirtear i gcrích. Déantar costais neamhdhíreacha a chaipitliú faoi oibríocht trí thagairt do chion na gcostas díreach arna gcaipitliú as a bhfuil an fhoireann bainistíochta aonair freagrach. Tá plandálacha foraoise faoi úinéireacht an Ghrúpa ar thalamh léasaithe. Caitear le talamh ar cíos mar chostais dhíreacha agus déantar iad a chaipitliú. Nuair atá an cíos bliantúil a íoctar bunaithe ar bhrabúsacht thodhchaíoch mheasta na bplandálacha foraoise sin, déantar aon ioncam eatramhach ó ghníomhaíochtaí tanaithe a asbhaint ón méid arna chaipitliú.

Is ionann ídiú agus costais na bplandálacha foraoise glanleagtha agus déantar é a ríomh mar an comhréir idir an limistéar bainte agus limistéar iomlán plandálacha foraoise cosúla. Tá méid an ídithe a chuirtear chun dochair an chuntais brabúis agus cailleanais bunaithe ar chostas bunaidh na plandála foraoise ar an lá dílsithe nó, más é an cás gur bunaíodh an phlandáil foraoise tar éis an lae dhílsithe, na costais bunaithe bhunaidh, móide leithdháileadh na gcostas cothabhála arna gcaipitliú ón dáta sin.

Déantar adhmaid bainte a thomhas ag pointe na bainte ar chostas nó ar an bpraghas díola measta lúide costais an díolacháin, cibé acu is ísle.

Déantar sócmhainní bitheolaíochta a aithnítear le linn na tréimhse cuntasaíochta mar chuid de ghnó déileála agus forbartha talún an Ghrúpa a aistriú go stoc.

(n) Costais iasachta

Déantar costais iasachta ghinearálta agus shainiúla atá inchurtha go díreach i leith sócmhainní cáilithe a fháil, a thógáil nó a tháirgeadh, is iad sin sócmhainní óna dteastaíonn tréimhse ama shuntasach de riachtanas chun iad a ullmhú le haghaidh úsáide nó díola, déantar iad a chur le costas na sócmhainní sin, go dtí go mbeidh na sócmhainní réidh ar bhonn substaintiúil dá n-úsáid bheartaithe nó do dhíol. Roghnaigh an Grúpa chun caitheamh le dáta an aistrithe go FRS 102 (1 Eanáir 2014) mar an dáta tosaithe do chaipitliú úis ar shócmhainní cáilithe.

Aithnítear na costais iasachta uile eile sa chuntas brabúis agus cailleanais sna ráitis airgeadais sa tréimhse ina dtabhaítear iad.

(o) Sócmhainní léasaithe

Ar thionscnamh, déanann an Ghrúpa measúnú ar na comhaontuithe lena n-aistrítear an ceart úsáide maidir le sócmhainní. Sa mheasúnú déantar machnamh maidir le cibé acu arb ionann an socrú agus léasa, nó cibé acu an bhfuil léasa san áireamh leis, bunaithe ar shubstaint an tsocraithe.

i) Sócmhainní léasa mhaoinithe

Déantar léasanna sócmhainní lena ndéantar na rioscaí agus luachanna saothair a aistriú ar bhonn substaintiúil a bhaineann le húnéireacht a aicmiú mar léasanna maoinithe.

Déantar léasanna maoinithe a chaipitliú ag tús an léasa mar shócmhainní ar luach cóir na sócmhainne léasaithe nó, má tá sé níos ísle ná sin, ar luach reatha na n-íocaíochtaí léasa íosta arna ríomh agus an ráta úis atá intuigthe sa léasa á úsáid. Nuair nach féidir an ráta intuigthe a chinneadh úsáidtear ráta iasachta breisíoch an Ghrúpa. Tá costais dhíreacha bhreisíochta, a thabhaítear in idirbheartaíocht agus i socrú an léasa, san áireamh le costas na sócmhainne.

Déantar sócmhainní a dhímheas thar théarma an léasa nó thar shaolré úsáideach mheasta na sócmhainne, cibé acu is giorra. Déantar sócmhainní a mheasúnú maidir le lagú ag gach dáta tuairiscithe.

Taifeadtar sciar caipitliú oibleagáidí an léasa mar

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

dhliteanas ar thionscnamh an tsocraithe. Déantar íocaíochtaí léasa a chionroinn idir aisíocaíocht chaipitiúil agus muirear maoinithe, agus modh an ghlanráta úis á úsáid, chun ráta leanúnach a tháirgeadh ar iarmhéid na n-aisíocaíochtaí caipitiúla atá amuigh.

(ii) Sócmhainní léasa oibriúcháin

Déantar léasanna nach ndéantar rioscaí agus luachanna saothair uile na húnéireachta a aistriú leo a aicmiú mar léasanna oibriúcháin. Cuirtear íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin chun dochair an chuntais brabúis agus cailteanais ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa.

(p) Lagú sócmhainní neamhairgeadais

Ag gach dáta tuairiscithe déantar sócmhainní neamhairgeadais nach ndéantar a iompar ar luach cóir a mheasúnú chun cinneadh a dhéanamh má tá léiriú ann go bhféadfadh an tsócmhainn (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) a bheith lagaithe. Má tá léiriú dá leithéid ann cuirtear méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) i gcomparáid le suim ghlanluacha na sócmhainne (nó le haonad giniúna airgid na sócmhainne).

Is ionann méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) agus an luach cóir lúide costais an díolacháin nó an luach úsáide, cibé acu is ísle. Sainítear luach úsáide mar luach reatha na sreafaí airgid roimh cháin agus roimh ús sa todhchaí atá infhála mar thoradh ar úsáid leanúnach na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne). Déantar na sreafaí airgid roimh cháin agus roimh ús a lascainiú agus ráta lascaine roimh cháin á úsáid lena léirítear ráta saor ó riosca an mhargaidh reatha agus na rioscaí ó nádúr sa tsócmhainn

Má mheastar go bhfuil méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) níos ísle ná an tsuim ghlanluacha, lagdaítear an tsuim ghlanluacha go dtí a méid in-aisghabhála. Aithnítear cailteanas lagaithe sa chuntas brabúis agus cailteanais.

Má dhéantar cailteanas lagaithe a aisiompú ina dhiaidh sin, méadaítear suim ghlanluacha na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) go dtí meastachán athbhreithnithe a méid in-aisghabhála, ach sa mhéid amháin nach sáraíonn an tsuim ghlanluacha athbhreithnithe an tsuim ghlanluacha a dhéanfaí a chinneadh (iar-dhímheas) mura n-aithneofaí aon cailteanas lagaithe sna tréimhsí roimhe sin. Aithnítear aisiompú cailteanais lagaithe sa chuntas brabúis agus cailteanais. Aithnítear cailteanas lagaithe sa chuntas brabúis agus cailteanais.

(q) Stoic

Luaítear stoic ag an gcostas stairiúil nó ag an bpraghas díola measta lúide costais chun iad a chríochnú agus a dhíol, cibé acu is ísle. Aithnítear stoic a dhíoltar mar speansas sa tréimhse ina n-aithnítear an t-ioncam gaolmhar.

Déantar costas a chinneadh agus an modh is tuisce isteach is tuisce amach (TITA) nó foirmle an mheánhostais ualaithe á úsáid. Áirítear le costas an praghas ceannaigh, agus cánacha agus dleachtanna agus iompar agus láimhseáil san áireamh a bhaineann go díreach leis an stoc a thabhairt chuig a láthair agus riocht reatha. Áirítear le costas a bhaineann le hearraí déantúsaithe deiridh agus obair idir lámha costais dearaidh, amhábhair, saothar díreach agus costais dhíreacha eile agus forchostais táirgeachta ghaolmhara (bunaithe ar acmhainn oibriúcháin normálta). Déantar forail do mhíreanna as feidhm, a bhogann go mall nó fabhtacha nuair is cuí.

Áirítear páirteanna breise neamh-chriticiúla, a mheastar le bheith de nádúr intomhalta, laistigh de stoic agus caitear leo mar speansas ar a n-úsáid.

(r) Airgead agus coibhéisí airgid

Áirítear le hairgead agus coibhéisí airgid airgead ar láimh, taiscí ar glao sna bainc, infheistíochtaí ard-leachtacha gearrthéarma eile le haibíochtaí tráth a n-eisiúna de thrí mhí nó níos lú agus rótharraingtí bainc. Taispeántar rótharraingtí bainc, nuair is infheidhme, laistigh d'iasachtaí i ndlíteanais reatha.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

(s) Forálacha agus teagmhais

(i) Forálacha

Aithnítear forálacha nuair atá oibleagáid dhlíthiúil nó chuiditheach reatha ag an nGrúpa mar thoradh ar imeachtaí san am atá caite, nuair atá sé dóchúil go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní de dhíth chun an oibleagáid a réiteach, agus nuair is féidir méid na hoibleagáide a mheas go hiontaoifa.

Is ionann an méid a aithnítear mar fhoráil agus an meastachán is fearr ar an gcomaoin a theastaíonn chun an oibleagáid reatha a réiteach ag an dáta tuairiscithe, agus na rioscaí agus na neamhchinnteachtaí timpeall ar an oibleagáid á dtabhairt san áireamh. Nuair atá éifeacht amluach an airgid ábhartha, aithnítear an méid a bhfuiltear ag súil le bheith riachtanach chun an oibleagáid a réiteach ar luach reatha agus ráta lascaine roimh cháin á úsáid. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas maoinithe sa chuntas brabúis agus cailteanais sa tréimhse ina n-eascaíonn sé.

(ii) Oibleagáid athphlandaithe

D'aithin an Grúpa foráil (dlíteanas) maidir leis an oibleagáid athphlandaithe a bhaineann le foraoisí glanleagtha agus d'aithin sé sócmhainn reatha, 'plandálacha foraoise atá le plandú', laistigh de féichiúnaithe. Caitear leis na costais ghaolmhara mar shócmhainn mar táthar ag súil go mbeidh tairbhí eacnamaíocha sa todhchaí ina dtoradh uirthi don Ghrúpa. Ós rud é nach gcomhlíonann an tsócmhainn an sainmhíniú de shócmhainní bitheolaíocha, caitear leo mar shócmhainn reatha 'plandálacha foraoise atá le plandú', laistigh de féichiúnaithe.

(iii) Teagmhasacht

Ní aithnítear dlíteanais theagmhasacha atá ina dtoradh ar imeachtaí san am atá caite nuair (i) nach bhfuil sé óchúil go mbeidh eis-sreabhadh sócmhainní ann nó nuair nach féidir an méid a thomhas go hiontaoifa ag an dáta tuairiscithe nó (ii) nuair a dhéanfar an t-eiseadh a dhearbhu le tarlú nó neamhtharlú imeachtaí neamhchinnte sa todhchaí nach bhfuil faoi smacht an Ghrúpa go hiomlán. Nochtar dlíteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais mura bhfuil an dóchúlacht d'eissreabhadh sócmhainní caol.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair atá sé dóchúil go mbeidh insreabhadh tairbhí eacnamaíocha ann.

(t) Deontais rialtais

Aithnítear deontais rialtais ar a luach cóir nuair atá sé réasúnta le bheith ag súil go bhfaighfear deontais agus go gcomhlíonfar coinníollacha gaolmhara uile, de ghnáth nuair a chuirtear éileamh bailí ar íocaíocht isteach.

Cuirtear deontais rialtais maidir le caiteachas caipitiúil chun sochair cuntais ioncaim iarchurtha. Scaoiltear na deontais rialtais sin leis an gcuntas brabúis agus cailteanais thar shaolréanna úsáideacha measta na sócmhainní ábhartha trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ach amháin deontais foraoiseachta.

Scaoiltear deontais maidir le costais athfhoraoisithe a rinneadh a chaipitliú leis an gcuntas brabúis agus cailteanais nuair a dhéantar na plandálacha foraoise gaolmhara a ghlanleagan.

Déantar deontais rialtais de nádúr ioncaim a iarchur agus a chur chun sochair an chuntais brabúis agus cailteanais thar thréimhse atá riachtanach chun iad a mheaitseáil le costais a bhfuil siad beartaithe chun a chúiteamh.

(u) Ionstraimí airgeadais

Roghnaigh an Grúpa chun Alt 11 agus Alt 12 de FRS 102 a ghlacadh maidir le hionstraimí airgeadais.

(i) Sócmhainní airgeadais

Aithnítear sócmhainní airgeadais bunúsacha, agus infháiltas trádála, infháiltas eile agus airgead agus iarmhéideanna bainc, ar phraghas an idirbheart ar dtús, murab ionann an socrú agus idirbheart maoinithe, nuair a dhéantar an t-idirbheart a thomhas ar luach reatha na bhfáltas sa todhchaí arna lascainiú ag ráta margaidh úis. Déantar a leithéid de shócmhainní a iompar ag costas amúchta agus modh an ghlanráta úis á úsáid.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe déantar sócmhainní airgeadais arna dtomhas ag costas amúchta a mheasúnú maidir le fianaise oibiachtúil ar lagú. Má tá an tsócmhainn lagaithe is é an caillteanas lagaithe an dífríocht idir an tsuim ghlanluacha agus luach reatha na sreafaí airgid measta arna lascaíniú ag glanráta úis bunaidh na sócmhainne. Aithnítear an caillteanas lagaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Má tá laghdú ar an gcaillteanas lagaithe mar thoradh ar imeacht a tharla roimh aithint an lagaithe déantar an lagú a aisiompú. Déantar an t-aisiompú ar dhóigh nach sáraíonn an tsuim ghlanluacha reatha an méid a bheadh sa tsuim ghlanluacha dá mba rud é nach ndearnadh an lagú a aithint roimhe sin. Aithnítear an t-aisiompú lagaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Déantar sócmhainní airgeadais a dhí-aithint (a) nuair a théann na cearta conarthacha ar na sreafaí airgeadais as feidhm nó nuair a dhéantar iad a réiteach, nó (b) nuair a dhéantar na rioscaí agus luachanna saothair a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne a aistriú ar bhonn substaintiúil go páirtí eile nó (c) nuair a rinneadh rialú na sócmhainne a aistriú go páirtí eile ag a bhfuil an cumas praiticiúil an tsócmhainn a dhíol ar bhonn aontaobhach le tríú páirtí neamhghaolmhar gan srianta breise a fhorchur.

(ii) Dlíteanais airgeadais

Aithnítear dlíteanais airgeadais bunúsacha, agus suimeanna iníochta trádála agus suimeanna iníochta eile, iasachtaí bainc agus iasachtaí ó chomhchuideachtaí an ghrúpa, ar phraghas an idirbhirt ar dtús (agus costais an idirbhirt san áireamh), murab ionann an socrú agus idirbheart maoinithe, nuair a dhéantar an ionstraim fiachais a thomhas ar luach reatha na bhfáltais sa todhchaí arna lascaíniú ag ráta margaidh úis.

Déantar ionstraimí fiachais a iompar ag costas amúchta agus modh an ghlanráta úis á úsáid. Aithnítear táill a íoctar chun saoráidí iasachta a bhunú mar chostais idirbhirt na hiasachta sa mhéid go bhfuil sé dóchúil go ndéanfar cuid den tsaoráid nó an tsaoráid iomlán a tharraingt anuas. Sa chás sin, déantar an táille a iarchur go dtí go dtarlaíonn an tarraingt anuas. Sa mhéid nach bhfuil aon fhianaise ann go bhfuil sé dóchúil go ndéanfar cuid den

tsaoráid nó an tsaoráid iomlán a tharraingt anuas, déantar an táille a chaipitliú mar réamhíocaíocht le haghaidh seirbhísí leachtachta agus déantar í a amúchadh thar thréimhse na saoráide lena mbaineann.

Is ionann suimeanna iníochta trádála agus oibleagáidí chun íoc as earraí nó seirbhísí a rinneadh a aimsiú i ngnáthchúrsa an ghnó ó sholáthraithe. Déantar suimeanna iníochta trádála a aicmiú mar dhlíteanais reatha má tá íocaíocht dlíte laistigh de bhliain airgeadais amháin nó níos lú. Mura bhfuil sin an cás, cuirtear i láthair iad mar dhlíteanais neamhreatha. Aithnítear suimeanna iníochta trádála ar dtús ar phraghas an idirbhirt agus déantar iad a thomhas ina dhiaidh sin ag costas amúchta agus modh an ghlanráta úis á úsáid.

Déantar dlíteanais airgeadais a dhí-aithint nuair a chuirtear an dlíteanas ar ceal, is é sin nuair a dhéantar an oibleagáid chonarhach a fhuascaíll, a chealú nó nuair a théann sí as feidhm.

(iii) Ionstraimí airgeadais díorthacha

Úsáideann an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthacha (babhtálacha ráta úis agus réamhchonarthaí in airgeadra eachtrach) chun a neamhchosaint ar rioscaí ráta úis agus airgeadra eachtraigh a fháil a eascraíonn ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin agus maoinithe.

Ní ionstraimí airgeadais bunúsacha iad ionstraimí airgeadais díorthacha, agus babhtálacha ráta úis agus réamhchonarthaí in airgeadra eachtrach san áireamh.

Aithnítear ionstraimí airgeadais díorthacha ar dtús ar luach cóir ar an dáta a dhéantar conradh díorthach agus déantar iad a thomhas an athuair ar a luach cóir ina dhiaidh sin.

Tá an modh a bhaineann leis an gnóthachan nó caillteanas dá bharr sin a aithint ag brath ar cibé acu an ainmnítear nó nach n-ainmnítear an díorthach mar ionstraim fálaíthe, agus má ainmnítear, nádúr na míre atá á fáil. Aithnítear athruithe ar luach cóir díorthach nár roghnaigh an Grúpa cuntasíocht um fháil a chur i bhfeidhm ina leith sa chuntas brabúis agus caillteanais i gcostais maoinithe nó ioncam de réir mar is cuí.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

(iv) Fálú

Chun críocha cuntasíochta um fháil, ainmnítear fáluithe an Ghrúpa mar fháluithe ar an sreabhadh airgid (lena ndéantar neamhchosaintí a fháil ar luaineachtaí i sreafaí airgid todhchaíocha a dhéantar a dhíorthú ó riosca áirithe a bhaineann le sócmhainní nó dlíteanais aitheanta nó idirbhearta réamhaisnéise ard-dóchúla).

Déanann an Grúpa, ar thionscnamh na n-idirbheart, an caidreamh idir ionstraimí fálaíthe agus míreanna arna bhfáil a dhoiciméadú, chomh maith lena chuspóirí agus a straitéis bainistíochta riosca le haghaidh idirbhearta fálaíthe éagsúla a chur chun feidhme.

Nochtar luachanna córa na n-ionstraimí díorthacha éagsúla i nóta 23 agus taispeántar na gluaiseachtaí sa chúlchiste fálaíthe um shreabhadh airgid i gcothromas sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile. Déantar luach cóir iomlán díorthaigh a aicmiú mar shócmhainn neamhreatha nó mar dhlíteanais neamhreatha má tá aibíocht an díorthaigh atá fágtha níos faide ná 12 mí agus déantar é a aicmiú mar shócmhainn reatha nó dlíteanais reatha má tá aibíocht an díorthaigh atá fágtha níos lú ná 12 mí.

(v) Taighde agus forbairt

Déantar gach caiteachas maidir le taighde agus forbairt a dhíscríobh don chuntas brabúis agus caillteanais sa bhliain airgeadais ina dtabhaítear é.

(w) Dáileacháin do scairshealbhóirí cothromais

Aithnítear díbhinní do scairshealbhóirí an Ghrúpa mar dhlíteanais sna ráitis airgeadais sa tréimhse ina ndéantar na díbhinní a fhaomhadh ag scairshealbhóirí an Ghrúpa. Aithnítear na méideanna sin sa ráiteas ar athruithe ar chothromas.

(x) Cearta astaíochtaí

Trí lamháiltais astaíochtaí ligtear don Ghrúpa méid sainiúil de chomhdhúile carbóin a astú san atmaisféar, agus is féidir iad a cheannach má táthar ag súil go sáróidh astaíochtaí cuóta nó is féidir iad a dhíol mura mbaintear an cuóta amach. Sa mhéid go ndéantar cearta astaíochtaí iomarcacha a dhiúscairt

le linn tréimhse airgeadais, aithnítear an brabús agus caillteanais ina leith láithreach laistigh de chostas díolachán sna ráitis airgeadais.

4. Breithiúnais cuntasíochta criticiúla agus neamhchinnteacht meastachán

Déantar meastacháin agus breithiúnais a mheasúnú go leanúnach agus tá siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar fhachtóirí eile, lena n-áirítear ionchas maidir le himeachtaí sa todhchaí a mheastar le bheith réasúnta faoi na himthosca. Áirítear leis na réimsí a bhaineann le méid níos airde breithiúnais nó castachta, nó réimsí ina bhfuil boinn tuisceana agus meastacháin ábhartha go suntasach do na ráitis airgeadais, na réimsí a leanas ach níl siad teoranta dóibh sin amháin:

(i) Athluacháil réadmhaoine infheistíochta

Iompraíonn an Grúpa a réadmhaoine infheistíochta ar luach cóir, agus aithnítear athruithe ar luach cóir sa chuntas brabúis agus caillteanais. D'fhostaigh an Grúpa speisialtóirí athluachála neamhspleácha chun cuidiú le luach cóir a chinneadh amháin an 31 Nollaig 2021. Mar gheall ar nádúr na réadmhaoine agus easpa sonraí inchomparáide ar an margadh, tá modheolaíocht na hathluachála bunaithe ar mhodh an tsreafa airgid lascaíthe. Tá luach cóir cinntithe na réadmhaoine thar a bheith íogair maidir leis an toradh measta agus an sreabhadh ioncaim cíosa sa todhchaí. Déantar na príomhbhoinn tuisceana a úsáidtear chun luach cóir na réadmhaoine infheistíochta a chinneadh a mhíniú a thuilleadh i nóta 16.

(ii) Lagú sócmhainní neamhairgeadais

Déantar sócmhainní neamhairgeadais nach ndéantar a iompar ar luach cóir a mheasúnú chun cinneadh a dhéanamh má tá léiriú ann go bhféadfadh an tsócmhainn (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) a bheith lagaithe. Má tá léiriú dá leithéid ann, cuirtear méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) i gcomparáid le suim ghlanluacha na sócmhainne. Is ionann méid in-aisghabhála sócmhainne (nó aonad giniúna airgid sócmhainne) agus an luach cóir lúide costais an díolacháin nó an luach úsáide, cibé acu is ísle.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Teastaíonn úsáid meastachán ó na ríomhanna sin. Is ríomhanna daorbhreithiúnacha iad ó nádúr na ríomhanna agus tá siad so-ghabhálach i leith athraithe ó thréimhse go tréimhse mar éilítear ar an Grúpa leo toimhdí a dhéanamh faoi sholáthar agus éileamh sa todhchaí, praghsanna díolachán sa todhchaí, coigilteas costais a bhaint amach, rátaí malairte infheidhme agus ráta lascaine iomchuí. Má theipeann ar an nGrúpa na leibhéil díolachán dá chuid a bhaint amach nó má theipeann air laghdúithe réamh-mheasta ar chostas a bhaint amach, nó má tá dálaí eacnamaíocha laga i réim sna príomh-mhargáí dá chuid, is dócha go n-imreofar tionchar diúltach ar luach úsáide na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne).

(iii) Pinsin

Tá oibleagáid ar an nGrúpa sochair pinsin a íoc le fostaithe áirithe. Tá costas na sochar sin agus luach reatha na hoibleagáide ag brath ar roinnt fachtóirí, lena n-áirítear; ionchas saoil, méaduithe ar íocaíochtaí tuarastail agus pinsin, uachálacha sócmhainní, boilsciú agus ráta lascaine ar bhannaí corparáideacha. Mar gheall ar chastacht na luachála, na boinn tuisceana bhunúsacha agus nádúr fadtéarma na bpleananna sin, tá a leithéid de meastacháin faoi réir ag éiginnteacht breithiúnas agus meastachán. Déanann an lucht bainistíochta na fachtóirí a mheas agus an oibleagáid pinsin ghlán á cinneadh ar an gclár comhardaithe. Léirítear leis na boinn tuisceana an taithí stairiúil agus na treochothaí reatha agus d'fhéadfadh siad a bheith éagsúil ó na sonraí iarbhir mar thoradh ar athruithe ar dhálaí margaidh agus eacnamaíocha. Féach nóta 14 le haghaidh nochtuithe a bhaineann le scéimeanna pinsin le sochar sainithe.

(iv) Saolréanna eacnamaíocha úsáideacha sócmhainní inláimhsithe

Tá an muirear dímhéasa bliantúil maidir le sócmhainní inláimhsithe íogair ó thaobh athruithe ar shaolréanna eacnamaíocha úsáideacha na sócmhainní. Déantar athbhreithniú bliantúil ar na saolréanna eacnamaíocha úsáideacha. Déantar iad a leasú nuair is gá chun meastacháin reatha a léiriú, bunaithe ar fhorbairt theicneolaíoch, infheistíochtaí

todhchaíocha, úsáid eacnamaíoch agus riocht fisiceach na sócmhainní. Féach nóta 16 maidir le suim ghlanluacha shócmhainní inláimhsithe an Ghrúpa. Nochtar na saolréanna eacnamaíocha úsáideacha do gach aicme de shócmhainní sa bheartas cuntasíochta atá leagtha amach i nóta 3.

(v) Ídiú

Is ionann ídiú agus costais na bplandálacha foraoise glanleagtha agus déantar é a ríomh mar an comhréir idir an limistéar bainte agus limistéar iomlán plandálacha foraoise cosúla. Tá méid an ídithe a chuirtear chun dochair an chuntais brabúis agus caillteanais bunaithe ar chostas bunaidh na plandála foraoise ar an lá dílsithe nó, más é an cás gur bunaíodh an phlandáil foraoise tar éis an lae dhílsithe, na costais bunaithe bhunaidh, móide leithdháileadh na gcostas cothabhála arna gcaipitliú ón dáta sin.

(vi) Lagú féichiúnaithe

Déanann an Grúpa meastachán ar an luach in-aisghabhála agus lagú féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile á measúnú aige. Déanann an lucht bainistíochta machnamh ar fhachtóirí lena n-áirítear an polasaí árachais atá i bhfeidhm, rátáil chreidmheasa reatha an fhéichiúnaí, próifíl aosaithe na bhféichiúnaithe agus taithí stairiúil. Féach nóta 20 maidir le suim ghlanluacha ghlán fhéichiúnaithe an Ghrúpa agus an fhoráil do lagú ghaolmhar.

(vii) Forálacha do dhliteanais

Baineann ardleibhéal breithiúnais le cinneadh fhorálacha an Ghrúpa do dhliteanais gan amhras. Nuair a mheastar go bhfuil forálacha riachtanach, déantar breithiúnais maidir le heis-sreafaí airgid sa todhchaí mar thoradh ar na forálacha arna ndéanamh. Baineann na príomhréimsí breithiúnais sa Ghrúpa le héilimh dhlíthiúla agus le forálacha athphlandála gaolmhara. Déanann an lucht bainistíochta na forálacha sin a ríomh agus an fhaisnéis is fearr atá ar fáil á cur san áireamh agus déanann siad meastacháin bunaithe ar a mbreithiúnas.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

5. Láimhdeachas

Anailís ar Láimhdeachas

Tá an Grúpa eagraithe ina thrí rannán oibriúcháin: Foraois, Réitigh Talún agus MEDITE SMARTPLY. Tá baint ag an rannán Foraoise le bainistíocht ghnó foraoiseachta an Ghrúpa, lena n-áirítear foraoisí a bhunú, a bhainistiú agus a chosaint. Tá Réitigh Talún freagrach as acmhainn na talún a optamú, as Dúlra Choillte agus as infheistíochtaí straitéiseacha agus tionscnaimh bhreisluaacha eile an Ghrúpa a bhainistiú. Is ceannródaí déantúsaíochta sa mhargadh MEDITE SMARTPLY agus is soláthraí é de phainéil SMD agus OSB nuálacha agus inbhuanaithe.

Sa tábla thíos tá anailís ar láimhdeachas faoi rannán agus faoi thír.

	Foraois		Réitigh Talún		MEDITE SMARTPLY		Grúpa	
	2021	2020	2021	2020	2021	2020	2021	2020
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Láimhdeachas an Ghrúpa								
Gnóthaí Leanúnacha:								
Poblacht na hÉireann	140,956	112,918	4,602	5,741	30,395	21,545	175,953	140,204
An Ríocht Aontaithe	17,748	10,278	71	35	176,732	106,615	194,551	116,928
An Chuid eile den Domhan	392	39	-	-	76,544	57,477	76,936	57,516
Díolacháin idir-dheighleoga*	(25,047)	(29,387)	-	-	-	-	(25,047)	(29,387)
Díolacháin le treas-pháirtithe	134,049	93,848	4,673	5,776	283,671	185,637	422,393	285,261

* Léirítear leis sin díolacháin ó rannán Foraoise an Ghrúpa lena rannán MEDITE SMARTPLY.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

6. An Chuid eile den Domhan

	2021	2020
	€'000	€'000
Thángthas ar bhrabús oibríúcháin tar éis na nithe a leanas a chur chun dochair/(chun sochair):		
Dímheas (nóta 16)	19,428	20,625
Ídiú (nóta 17)	13,344	13,200
Amúchadh deontas (nóta 25)	(1,843)	(1,757)
Amúchadh sócmhainní doláimhsithe (nóta 15)	1,825	2,035
Muirir ar léasanna oibríúcháin	1,395	1,400
Caitheachas ar taighde agus forbairt	502	346
Ioncam cíosa ó léasanna oibríúcháin	(3,505)	(2,727)
Lagú ar infháltais trádála agus ar infháltais eile	153	338
Fardal arna aithint mar speansas	206,707	179,443
(Aisiompú lagaithe)/Lagú fardail (san áireamh le 'costas díolacháin')	441	(613)
Gnóthachan ar athluacháil reádmhaoin infheistíochta (nóta 16)	(3,822)	-
Míreanna eisceachtúla (nóta 9)	6,794	1,278

Seo a leanas luach saothair (agus speansais san áireamh) don iniúchadh reachtúil ar na ráitis airgeadais agus do sheirbhísí eile arna gcur chun feidhme ag iniúcháirí an Ghrúpa agus na Cuideachta:

	Grúpa		Cuideachta	
	2021	2020	2021	2020
	€'000	€'000	€'000	€'000
Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais	225	228	169	170
Seirbhísí dearbhaithe eile	15	41	23	41
Seirbhísí comhairle cánach	219	233	186	225
Chomhlíonadh ceangaltais chánach	119	50	119	50
	578	552	497	486

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

7. Luach saothair na Stiúrthóirí

	2021	2020
	€'000	€'000
Luach saothair	153	129
Ranníocaíochtaí go scéimeanna sochair scoir	9	9
Iomlán	162	138

Bhí sochair scoir ag fabhrú do 2021 chuig Stiúrthóirí amháin (2020: ceann amháin), faoi scéim sochair shainithe.

8. Fostaithe agus íocaíochtaí

Ba ionann meánlíon daoine fostaithe ag an nGrúpa (comhfhiontair agus fiontair chomhlachais as an áireamh) le linn na bliana ná 840 (2020: 816).

	2021	2020
	€'000	€'000
Comhdhéanamh costais foirne:		
Pá agus Tuarastail	60,221	49,626
Costais leasa shóisialaigh	5,760	5,094
Costais sochair scoir eile:	6,788	6,325
	72,769	61,045
Lúide: Caipitliú ar obair féin	(10,155)	(10,474)
Gearrtha ar chuntas brabúis agus cailteanais	62,614	50,571

Cuimsítear le costais sochair scoir eile:

Costais na scéime pinsin le ranníocaíocht shainithe (nóta 14)	1,967	1,532
Costais na scéime pinsin le sochar sainithe (nóta 14)	4,821	4,793
	6,788	6,325

Bhí an Grúpa ag fáil Deontais Rialtais cuid mhaith de ráithe 2 na bliana 2020 i bhfoirm na Scéime Fóirdheontas Fostaíochta Sealadaigh Covid-19 dar luach €2.1m. Chomhlíon an Grúpa go hiomlán na coinníollacha incháilithe a bhí leagtha síos ag na Coimisinéirí Ioncaim le bheith cáilithíoch don Scéim seo. Ach, i bhfianaise téarnaimh a bhí níos láidre ná mar a bhí tuartha sa tarna leath den bhliain i mór-mhargáí deiridh d'adhmaid sáfa agus táirgí painéil, bhí torthaí airgeadais an Ghrúpa níos fearr ná mar a bhí súil againn leo do 2020. Dá réir sin, tar éis deireadh na bliana, chinn an Bord an t-airgead a bhí faighte faoin Scéim Shealadach Fóirdheontais Pá Covid-19, i dteannta na sábhála ar ÁSPC, a aisíoc ina iomláine leis na Coimisineirí Ioncaim. Níor bhain an Grúpa aon leas as an Scéim Shealadach Fóirdheontais Pá Covid-19 i 2021.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Pá agus Tuarastail	2021	2020
	€'000	€'000
Comhdhéanamh pá agus tuarastail:		
Bunphá	48,987	43,230
Ragobair	4,755	3,824
Liúntais	6,479	2,572
	60,221	49,626
Cúiteamh don phríomhphearsanra bainistíochta	2021	2020
	€'000	€'000
Sochair Gearrthéarmacha	1,693	1,719
Sochair iar-fhostaíochta	130	115
	1,823	1,834

Léirítear leis na méideanna cúitimh don phríomhphearsanra bainistíochta atá nochtá thuas cúiteamh do na daoine sin a bhfuil an t-údarás agus an fhreagracht acu as pleanáil, stiúradh agus rialú ghníomhaíochtaí an Ghrúpa agus na Cuideachta. San áireamh leo tá comhaltaí an Bhoird agus na feidhmeannaigh shinsearacha. Cuimsíodh leis na Feidhmeannaigh Shinsearacha an POF agus seisear eile le linn 2021 (2020: seisear) roinnt acu do chuid den bhliain.

I gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, baineann sochair iar-fhostaíochta le hÍocaíochtaí dtaca le scéimeanna le ranníocaíocht shainithe. Le linn na bliana, bhí beirt (2020: tríúr) den phríomhphearsanra bainistíochta ina mbaill de scéim le sochar sainithe Choillte CGA agus ní théann na teidlíochtaí dá gcuid níos faide ná téarmaí scéim pinsin eiseamláireach na seirbhíse poiblí.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

9. Nithe eisceachtúla

	2021	2020
	€'000	€'000
Arna aithint trí theacht ar bhrabús oibriúcháin:		
Brabús ar dhiúscairt sciar 50% i bpunann forbartha feirmeacha gaoithe (nóta A)	30,251	-
Lagú ar infheistíochtaí comhlacha (nóta B)	(13,567)	-
Aitheantas do chostais iarchurtha a bhaineann le tionscadail (nót C)	(2,823)	-
Amúchadh sócmhainní doláimhsithe (nóta D)	(5,067)	-
Lagú sócmhainní bitheolaíochta (nóta E)	(2,000)	-
Ídiú & costais ghaolmhara re. Tinte Foraoise (nóta F)	-	(1,278)
	6,794	(1,278)

A. Brabús ar dhiúscairt phunann forbartha feirmeacha gaoithe

I rith 2021, d'aistrigh an Grúpa a leas ina punann forbartha feirmeacha gaoithe chuig FuturEnergy Ireland Development DAC agus ina dhiaidh sin dhíol sé leas 50% le ESB Wind Development Limited ("ESB") a raibh cuideachta chomhfhiontair 50:50 mar thoradh air (nóta 18). Ba é an brabús a bhain leis an idirbheart seo ná €30.3m.

B. Lagú infheistíochtaí comhlacha

Tá athbhreithniú déanta ag an nGrúpa ar luach tugtha anonn infheistíochtaí áirithe. Mar thoradh ar an athbhreithniú, dhíscríobh an Grúpa na sócmhainní seo chuig a méid in-aisghabhála trí mhúirear bearnaithe de €13.6m a áireamh sa chuntas brabúis agus cailteanais.

C. Costas iarchurtha a bhaineann le tionscadail a aithint

Tá athbhreithniú déanta ag an nGrúpa ar luach carraeireachta na gcostas iarchurtha a bhaineann le tionscnaimh straitéiseacha. Mar thoradh ar an athbhreithniú, tá costais de €2.8m scaoileadh ag an nGrúpa chuig an gcuntas brabúis agus cailteanais a bhaineann leis na tionscnaimh seo.

D. Lagú sócmhainní inláimhsithe

Tá athbhreithniú déanta ag an nGrúpa ar luach carraeireachta sócmhainní inláimhsithe áirithe. Mar thoradh ar an athbhreithniú, dhíscríobh an Grúpa na sócmhainní seo chuig a méid in-aisghabhála trí mhúirear bearnaithe de €5.1m a áireamh sa chuntas brabúis agus cailteanais.

E. Lagú sócmhainní bitheolaíochta

Tá athbhreithniú déanta ag an nGrúpa ar luach tugtha anonn a infheistíochta i sócmhainní bitheolaíochta áirithe. Tar éis an athbhreithnithe seo, díscríobhadh an Grúpa na sócmhainní chuig a méid in-aisghabhála trí mhúirear bearnaithe de €2.0m a áireamh i gcuntas brabúis agus cailteanais an Ghrúpa.

F. Ídiú & costais ghaolmhara maidir le tinte foraoise

Tharla roinnt mór-thinte foraoise le linn 2020 a raibh tionchar acu ar c.260 heicteár foraoise. Bhí luach €1.3m de chostais ghaolmhara iomlána ar chomhrac dóiteáin agus ar an ídiú brostaithe ar shócmhainn bitheolaíochta ar díobháladh agus aithníodh iad seo mar chostais eisceachtúla i 2020.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

10. Deontais oibríúcháin eile

Is ionann gnóthachain oibríúcháin eile, a bhaineann ar fad le brabúis réadaithe ar dhiúscairt sócmhainní seasta, agus €13.4 milliún (2020: €8.8 milliún).

11. Ús iníoctha agus muirir dá leithéid

	2021	2020
	€'000	€'000
Ús infhaighte agus ioncam cosúil		
Ús infhaighte	(1)	(11)
Ús iníoctha agus muirir dá leithéid		
Ús ar rótharraingtí bainc agus ar iasachtaí, agus costais bainc ghaolmhara eile	1,570	1,323
Ús glan ar easnamh pinsin (nóta 14)	451	639
Leachtú lascaine (nóta 24)	23	22
Costais airgeadais eile	474	661
Ús iomlán iníoctha	2,044	1,984
Costas glan-úis	2,043	1,973

12. Díbhinní

Díbhinní cothromais dearbhaithe agus íoctha ar ghnáthscaireanna:

	2021	2020
	€'000	€'000
Díbhinn eatramhach de €0.0396 in aghaidh na scaire don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2021	25,000	-
Díbhinn eatramhach agus deiridh de €0.00365 in aghaidh na scaire don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020	-	2,300
	25,000	2,300

D'fhaomh an Bord díbhinn de €0.0396 in aghaidh na scaire, €25.0m san iomlán, agus íocadh í i mí navNollag 2021. Mholann an Bord díbhinn deiridh de €0.00792 in aghaidh na scaire, €5.0m san iomlán, mar a bhaineann le feidhmíocht airgeadais na bliana 2021. Bhí €2.3m sna díbhinní iomlána a íocadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

13. Cánachas

(a) Speansas cánach san áireamh leis an gcuntas brabúis agus cailteanais:

	2021	2020
	€'000	€'000
Cáin reatha		
Cáin chorparáideach ag 12.5%	12,641	3,010
Lúide: Faoiseamh coillearnach	(6,683)	(2,109)
Cáin chorparáide Éireannach	5,958	901
Cáin eachtrach	32	27
Coigeartú maidir le blianta airgeadais roimhe	371	243
Cánachas ar dhiúscairt sócmhainní seasta ag 33%	4,238	2,542
Iomlán cáin reatha	10,599	3,713
Cáin iarchurtha:		
Dífríochtaí uainiúcháin pinsean	(222)	(380)
Cailteanais trádála a úsáideadh	2,808	-
Athluacháil ar reádmhaoine infheistíochta	1,261	-
Tearc-sholáthar ón mbliain roimhe	-	64
Dífríochtaí uainiúcháin eile	465	462
Iomlán cáin iarchurtha	4,312	146
Iomlán cánach ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí	14,911	3,859

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

(b) Costas cánach (ioncam)/costais san áireamh sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile:

	2021	2020
	€'000	€'000
Cáin reatha	-	-
Cáin iarchurtha:		
Difríochtaí uainiúcháin pinsean	1,372	(77)
Difríochtaí uainiúcháin eile	7	(7)
Muirear cánach iomlán / (creidmheas) san áireamh sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile	1,379	(84)

Imréiteach muirir chánach

Is airde an cháin measúnaithe don tréimhse níos ná an ráta caighdeánach cánach corparáide i bPoblacht na hÉireann. Mínítear na difríochtaí thíos:

	2021	2020
	€'000	€'000
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas	132,000	25,499
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí arna iolrú ar an ráta caighdeánach cánach i bPoblacht na hÉireann de 12.5%	16,500	3,187
Éifeachtaí:		
Faoiseamh coillearnach	(6,683)	(2,109)
Speansais nach bhfuil in-asbhainte chun críocha cánach	2,798	183
Difríochtaí idir liúntais chaipitil agus dímhéas	7	8
Rátaí cánach níos airde ar ghníomhaíochtaí áirithe	5,573	2,162
Cáin eachtrach	-	2
Ioncam díolmhaithe ó cháin (seachas brabús coillearnaí)	(3,998)	-
Coigeartú maidir le blianta airgeadais roimhe	371	307
Eile	343	119
	14,911	3,859

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

14. Pinsin

A. Scéim pinsin le sochar sainithe

Oibríonn an Grúpa scéimeanna pinsin le sochar sainithe i gCoillte CGA agus Medite Europe DAC do mhórchuid na bhfostaithe sna heintitis sin, agus sócmhainní arna gcoimeád i gcistí arna riar go leithleach.

Déantar na costais pinsin a bhaineann le scéimeanna le sochar sainithe an Ghrúpa a mheasúnú i gcomhréir leis an gcomhairle ó achtúirí cáilithe neamhspleácha. Bhí na luachálacha bunaithe ar an aois agus ar mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa agus rinneadh na luachálacha deireanacha amhail an 1 Eanáir 2021 (Medite Europe DAC) agus an 31 Nollaig 2020 (Coillte CGA).

Is iad na toimhdí ag a bhfuil an éifeacht is mó ar thorthaí na luachálacha achtúireacha ná iad siúd a bhaineann leis an gcóimheas toraidh ar infheistíochtaí (lena n-áirítear rátaí lascaine) agus na rátaí méadaithe ar luachanna saothair agus ar phinsin. Glacadh leis go sáródh an cóimheas toraidh ar infheistíochtaí ar an meán na méaduithe ar mhéaduithe boiscithe bliantúla faoi 0.3% (Coillte CGA) agus 0.4% (Medite Europe DAC) sna luachálacha iomlána deireanacha agus go n-íocfadh Coillte CGA méaduithe ar phinsin a leanfaidh cuairt babhtála HICP (Innéacs Comhchuibhithe Praghsanna Tomhaltóirí) Limistéar an Euro. Ní dhearnadh aon fhoráil do mhéaduithe ar phinsin i Medite Europe DAC.

Ba é luach margaidh na sócmhainní i scéimeanna sochair shainithe an Ghrúpa ar na dátaí luachála faoi seach ná €311.2 milliún (CGA Choillte - 31 Nollaig 2020) agus €43.5 milliún (Medite Europe DAC - 1 Eanáir 2021). Ba é an barrachas i scéim CGA Choillte, lena n-áirítear an Cúlchiste Caighdeánach Maoinithe, amhail an 31 Nollaig 2020 ná €22.9 milliún agus bhí easnamh €0.7 milliún sa scéim Medite Europe DAC, an Cúlchiste Caighdeánach Maoinithe san áireamh, amhail an 1 Eanáir 2021.

Léiríodh leis na luachálacha go raibh luach achtúireach sócmhainní iomlána na scéime imleor chun 100% de na sochair a chlúdach a bhí fabhráithe do bhaill na scéime comhcheangailte, agus Cúlchiste an Chaighdeáin Mhaoinithe san áireamh, amhail

dátaí na luachála. Déanann CGA Coillte agus Medite Europe DAC ranníoc lena scéim faoi seach thar ceann na mball ag ráta 25% agus 15.4% faoi seach.

Tá tuarascálacha achtúireacha an dá scéim ar fáil do chomhaltaí na scéime, ach níl siad le haghaidh iniúchta poiblí.

Rinneadh íocaíocht teidlíochtaí pinsin roimh an Lá Dílsithe de chuid na bhfostaithe ag dul ar scor tar éis an Lae Dílsithe, rud atá faoi dhliteanas an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a tharmligean don Chuideachta ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara faoi alt 44 den Acht Foraoiseachta, 1988. Déanann an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe íocaíochtaí a dhéanann an Chuideachta i gcomhréir le tarmligean den sórt sin a aisíoc.

Rinne an tÚdarás Pinsean togra maoinithe a cheadú maidir le Scéim Choillte CGA in 2010. An cuspóir a bhí ag an togra maoinithe ná an scéim a thabhairt ar ais go sócmhainneacht iomlán ar bhonn Caighdeáin Mhaoinithe Íosta faoi 31 Nollaig 2020 agus chiallaigh sé seo ranníocaíochtaí suntasacha breise ó Choillte agus ranníocaíochtaí méadaithe ó na fostaithe. Cuireadh an cuspóir seo i gcrích.

Aontaíodh comhaontú maoinithe lena ndéantar cuid de théarmaí an togra mhaoinithe a athrú leis na hlontaobhaithe i mí Iúil 2014. Cuirtear roinnt beart malartach i bhfeidhm leis an gcomhaontú seo maidir le haistriú sócmhainní neamhairgid, rud a bhí ina chuid den togra maoinithe bunaidh. San áireamh leis na bearta malartacha seo tá ranníocaíochtaí airgid breise ón gCuideachta le íocaíocht dheiridh faoin gcomhaontú déanta i Márta 2022. Sa bhreis air sin, tugadh faoi deara sa chomhaontú maoinithe go bhfuil sé ar intinn ag an gCuideachta méaduithe ar phinsin atá á n-íoc a theorannú amach anseo do mhéaduithe ar an bPraghsainnéacs Tomhaltóirí. Chuir na hlontaobhaithe na hathruithe sin in iúl don Údarás Pinsean agus dhearbhaigh an tÚdarás Pinsean go bhfuil sé sásta leo.

Rinne an tÚdarás Pinsean togra maoinithe a cheadú maidir le Scéim Medite Europe DAC in Iúil na bliana 2015. Is é cuspóir an togra maoinithe an scéim a thabhairt ar ais go sócmhainneacht iomlán ar bhonn Caighdeáin Mhaoinithe Íosta faoi 2023 agus chiallaigh sé seo ranníocaíochtaí suntasacha ón gCuideachta, ranníocaíochtaí breise ó na fostaithe agus athruithe ar na sochair do na baill.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Seo a leanas na méideanna a aithnítear sa chuntas brabúis agus cailteanais:

	2021	2020
	€'000	€'000
Costas reatha seirbhíse	4,821	4,793
Lúide: Speansais caipitlithe	(1,155)	(1,185)
Muirear iomlán sa bhrabús oibríocháin	3,666	3,608
Costas glan-úis	451	639
Muirear iomlán an chuntais brabúis agus cailteanais	4,117	4,247

Seo a leanas na méideanna a aithnítear sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach:

	2021	2020
	€'000	€'000
Fáltas ar shócmhainní na scéime gan ioncam úis san áireamh	32,947	17,769
Cailteanais Achtúireacha	(1,817)	(14,886)
Gnóthachain arna dtomhas an athuair a aithnítear sa ráiteas ar cuimsitheach	31,130	2,883

Is ionann na ranníocaíochtaí lena bhfuiltear ag súil don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus €5,480,000.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Gluaiseachtaí i sócmhainní agus dliteanais na scéime

	Sócmhainní pinsin	Dlíteanais pinsin	Easnamh pinsin
	€'000	€'000	€'000
Amhail an 01 Eanáir 2021	354,896	(398,540)	(43,644)
Sochair íochta ó shócmhainní an phlean	(12,373)	12,373	-
Ranníocaíochtaí fostóra íochta	5,543	-	5,543
Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe an phlean	1,052	(1,052)	-
Costas reatha seirbhíse	-	(4,821)	(4,821)
Ioncam/(speansas) úis	3,874	(4,325)	(451)
Gnóthachain/cailteanais arna dtomhas an athuair			
-Cailteanas achtúireach	-	(1,817)	(1,817)
-Fáltas ar shócmhainní an phlean gan ioncam úis san áireamh	32,947	-	32,947
Amhail an 31 Nollaig 2021	385,939	(398,182)	(12,243)
Amhail an 01 Eanáir 2020	333,683	(383,403)	(49,720)
Sochair íochta ó shócmhainní an phlean	(10,696)	10,696	-
Ranníocaíochtaí fostóra íochta	8,625	-	8,625
Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe an phlean	1,045	(1,045)	-
Costas reatha seirbhíse	-	(4,599)	(4,599)
Costais riaracháin	(194)	-	(194)
Ioncam/(speansas) úis	4,664	(5,303)	(639)
Gnóthachain/cailteanais arna dtomhas an athuair			
-Cailteanas achtúireach	-	(14,886)	(14,886)
-Fáltas ar shócmhainní an phlean gan ioncam úis san áireamh	17,769	-	17,769
Amhail an 31 Nollaig 2020	354,896	(398,540)	(43,644)

Chun críocha nocha rinneadh sócmhainní agus dliteanais scéimeanna le sochar sainithe Choillte CGA agus Medite Europe DAC a chomhcheangal. Amhail an 31 Nollaig 2021, ba é an t-easnamh i scéim Choillte CGA ná €16.1 milliún (2020: easnamh de €41.4 milliún) agus bhí farasbarr i scéim Medite Europe DAC de €3.9 milliún (2020: easnamh de €2.2 milliún).

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Ba é luach cóir shócmhainní an phlean:

	2021	2020
	€'000	€'000
Gnáthscaireanna	100,567	94,657
Bannaí	207,561	161,967
Réadmhaoín	41,250	40,109
Eile	36,561	58,163
Luach margaidh iomlán na sócmhainní	385,939	354,896

Ba é an fáltas iarbhír ar shócmhainní an phlean:

	2021	2020
	€'000	€'000
Fáltas iarbhír ar shócmhainní an phlean	36,821	22,433

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

Príomh-thoimhdí achtúireacha ag dáta an chlár chomhardaithe:

	2021	2020
Ráta an mhéadaithe ar thuarastail	2.40%	1.80%
Ráta an mhéadaithe ar íocaíochtaí pinsin		
- Coillte CGA	1.90%	1.30%
- Medite Europe DAC	0.00%	0.00%
Ráta lascaine	1.40%	1.10%
Boilsciú praghsanna	1.90%	1.30%
Básmhaireacht iar-scoir*		
Pinsinéirí reatha ag 65 - Fir	22.5	22.6
Pinsinéirí reatha ag 65 - Mná	24.2	24.5
Pinsinéirí sa todhchaí ag 65 - Fir	24.2	24.3
Pinsinéirí sa todhchaí ag 65 - Mná	26.0	26.3

* Tá toimhdí maidir le básmhaireacht sa todhchaí bunaithe ar staitisticí foilsithe agus ar thaithí.

B. Scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe

Déanann an Grúpa ranníocaíochtaí freisin le roinnt scéimeanna pinsin le ranníocaíocht shainithe thar ceann fostaithe áirithe nach bhfuil ina mbaill de na scéimeanna le sochar sainithe. Déantar sócmhainní na scéimeanna sin a choimeád go leithleach ó scéimeanna an Ghrúpa nó na Cuideachta i scéimeanna arna riar go neamhspleách. Ba é an costais pinsin don tréimhse €1,967,000 (2020: €1,532,000) agus ní dhearnadh ranníocaíochtaí de €116,000 (2020: €98,000) a aistriú chuig na cistí go dtí deireadh na bliana airgeadais.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

15. Sócmhainn dholáimhsithe

A. Grúpa

		Bogearraí €'000
Costas		
Amhail an 01 Eanáir 2021		20,687
Breiseanna	(i)	789
Diúscairtí - costas		(507)
Amhail an 31 Nollaig 2021		20,969
Amúchadh carntha		
Amhail an 01 Eanáir 2021		(8,256)
Amúchadh		(1,825)
Diúscairtí - amúchadh		497
Amhail an 31 Nollaig 2021		(9,584)
Glansuimeanna leabhair		
Amhail an 31 Nollaig 2021	(ii)	11,385
Amhail an 31 Nollaig 2020		12,431
Costas		
Amhail an 01 Eanáir 2020		19,595
Breiseanna		2,483
Diúscairtí - costas		(1,391)
Amhail an 31 Nollaig 2020		20,687
Amúchadh carntha		
Amhail an 01 Eanáir 2020		(7,467)
Amúchadh		(2,035)
Diúscairtí - amúchadh		1,246
Amhail an 31 Nollaig 2020		(8,256)
Glansuimeanna leabhair		
Amhail an 31 Nollaig 2020		12,431
Amhail an 31 Nollaig 2019		12,128

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

B. Cuideachta

		Bogearraí €'000
Costas		
Amhail an 01 Eanáir 2021		19,206
Breiseanna	(i)	789
Diúscairtí - costas		(507)
Amhail an 31 Nollaig 2021		19,488
Amúchadh carntha		
Amhail an 01 Eanáir 2021		(6,798)
Amúchadh		(1,816)
Diúscairtí - amúchadh		497
Amhail an 31 Nollaig 2021		(8,117)
Glansuimeanna leabhair		
Amhail an 31 Nollaig 2021	(ii)	11,371
Amhail an 31 Nollaig 2020		12,408
Costas		
Amhail an 01 Eanáir 2020		18,132
Breiseanna		2,465
Diúscairtí - costas		(1,391)
Amhail an 31 Nollaig 2020		19,206
Amúchadh carntha		
Amhail an 01 Eanáir 2020		(6,085)
Amúchadh		(1,959)
Diúscairtí - amúchadh		1,246
Amhail an 31 Nollaig 2020		(6,798)
Glansuimeanna leabhair		
Amhail an 31 Nollaig 2020		12,408
Amhail an 31 Nollaig 2019		12,047

- (i) San áireamh le bogearraí tá €0.1m (2020: €2.3m sócmhainní atá faoi thógáil. I gcomhréir le FRS 102 níl amúchadh déanta ar na breiseanna seo.
- (ii) San áireamh le sócmhainní doláimhsithe tá costais bhogearraí a tabhaíodh chun Córas Bainistíochta Foraoise an Ghrúpa a fhorbairt, le luach anonn de €8.1 milliún (2020: €9.2 milliún). Níl aon sócmhainn dholáimhsithe aonair ábhartha eile ann. Tá amúchadh sócmhainní doláimhsithe san áireamh le costas díolachán agus speansais riaracháin. Nochtar na saolréanna úsáideacha measta i nóta 3(j).

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

16. Sócmhainní Inláimhsithe

A. Grúpa

	Nótaí	Talamh	Foirgnimh	Réadmhaoín infheistíochta	Droichidí & Bóithre Foraoise	Innealra & trealamh	Iomlán
		€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Costas							
Amhail an 01 Eanáir 2021	(i)	357,337	35,575	25,702	332,872	218,957	970,443
Breiseanna	(ii)	5,171	4,382	-	9,110	34,741	53,404
lagú	(iii)	-	-	-	-	(5,067)	(5,067)
Gnóthachan ar athluacháil		-	-	3,822	-	-	3,822
Diúscairtí		(1,655)	(57)	-	-	(645)	(2,357)
Amhail an 31 Nollaig 2021		360,853	39,900	29,524	341,982	247,986	1,020,245
Dímheas carntha							
Amhail an 01 Eanáir 2021		-	(28,703)	-	(196,034)	(116,422)	(341,159)
Muirear don bhliain airgeadais		-	(1,640)	-	(8,278)	(9,510)	(19,428)
Diúscairtí		-	10	-	-	549	559
Amhail an 31 Nollaig 2021		-	(30,333)	-	(204,312)	(125,383)	(360,028)
Glansuimeanna leabhair							
Amhail an 31 Nollaig 2021		360,853	9,567	29,524	137,670	122,603	660,217
Amhail an 31 Nollaig 2020		357,337	6,872	25,702	136,838	102,535	629,284

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

	Nótaí	Talamh	Foirgnimh	Réadmhaoín infheistíochta	Droichidí & Bóithre Foraoise	Innealra & trealamh	Iomlán
		€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Costas							
Amhail an 01 Eanáir 2020	(i)	356,715	35,295	25,702	325,380	194,896	937,988
Breiseanna	(ii)	930	375	-	7,492	26,772	35,569
Diúscairtí		(308)	(95)	-	-	(2,711)	(3,114)
Amhail an 31 Nollaig 2020		357,337	35,575	25,702	332,872	218,957	970,443
Dímheas carntha							
Amhail an 01 Eanáir 2020		-	(27,036)	-	(187,842)	(107,956)	(322,834)
Muirear don bhliain airgeadais		-	(1,690)	-	(8,192)	(10,743)	(20,625)
Diúscairtí		-	23	-	-	2,277	2,300
Amhail an 31 Nollaig 2020		-	(28,703)	-	(196,034)	(116,422)	(341,159)
Glansuimeanna leabhair							
Amhail an 31 Nollaig 2020		357,337	6,872	25,702	136,838	102,535	629,284
Amhail an 31 Nollaig 2019		356,715	8,259	25,702	137,538	86,940	615,154

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

B. Cuideachta

	Nótaí	Talamh	Foirgnimh	Réadmhaoín infheistíochta	Droichidí & Bóithre Foraoise	Innealra & trealamh	Iomlán
		€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Costas							
Amhail an 01 Eanáir 2021	(i)	345,555	11,747	25,702	332,872	9,271	725,147
Breiseanna		5,171	2,931	-	9,110	677	17,889
Gnóthachan ar athluacháil	(ii)	-	-	3,822	-	-	3,822
Diúscairtí		(1,655)	(57)	-	-	(534)	(2,246)
Amhail an 31 Nollaig 2021		349,071	14,621	29,524	341,982	9,414	744,612
Dímheas carntha							
Amhail an 01 Eanáir 2021		-	(5,009)	-	(196,034)	(7,581)	(208,624)
Muirear don bhliain airgeadais		-	(243)	-	(8,278)	(544)	(9,065)
Diúscairtí		-	10	-	-	439	449
Amhail an 31 Nollaig 2021		-	(5,242)	-	(204,312)	(7,686)	(217,240)
Glansuimeanna leabhair							
Amhail an 31 Nollaig 2021		349,071	9,379	29,524	137,670	1,728	527,372
Amhail an 31 Nollaig 2020		345,555	6,738	25,702	136,838	1,690	516,523

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

	Nótaí	Talamh	Foirgnimh	Réadmhaoín infheistíochta	Droichidí & Bóithre Foraoise	Innealra & trealamh	Iomlán
		€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Costas							
Amhail an 01 Eanáir 2020	(i)	344,933	11,541	25,702	325,380	9,979	717,535
Breiseanna		930	301	-	7,492	818	9,541
Diúscairtí	(ii)	(308)	(95)	-	-	(1,526)	(1,929)
Amhail an 31 Nollaig 2020		345,555	11,747	25,702	332,872	9,271	725,147
Dímheas carntha							
Amhail an 01 Eanáir 2020		-	(4,792)	-	(187,842)	(7,876)	(200,510)
Muirear don bhliain airgeadais		-	(240)	-	(8,192)	(771)	(9,203)
Diúscairtí		-	23	-	-	1,066	1,089
